

Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

**► B** **COUNCIL REGULATION (EU) No 833/2014**  
**of 31 July 2014**  
**concerning restrictive measures in view of Russia's actions destabilising the situation in Ukraine**  
 (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
► <u>M1</u>	Council Regulation (EU) No 960/2014 of 8 September 2014 (*)	L 271	3	12.9.2014
► <u>M2</u>	Council Regulation (EU) No 1290/2014 of 4 December 2014 (*)	L 349	20	5.12.2014
► <u>M3</u>	Council Regulation (EU) 2015/1797 of 7 October 2015 (*)	L 263	10	8.10.2015
► <u>M4</u>	Council Regulation (EU) 2017/2212 of 30 November 2017 (*)	L 316	15	1.12.2017
► <u>M5</u>	Commission Implementing Regulation (EU) 2019/1163 of 5 July 2019 (*)	L 182	33	8.7.2019
► <u>M6</u>	Rialachán (AE)2022/262 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022	L 42 I	74	23.2.2022
► <u>M7</u>	Rialachán (AE) 2022/328 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022	L 49	1	25.2.2022
► <u>M8</u>	Rialachán (AE) 2022/334 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022	L 57	1	28.2.2022
► <u>M9</u>	Rialachán (AE) 2022/345 ón gComhairle an 1 Márta 2022	L 63	1	2.3.2022
► <u>M10</u>	Rialachán (AE) 2022/350 ón gComhairle an 1 Márta 2022	L 65	1	2.3.2022
► <u>M11</u>	Rialachán (AE) 2022/394 ón gComhairle an 9 Márta 2022	L 81	1	9.3.2022
► <u>M12</u>	Rialachán (AE) 2022/428 ón gComhairle an 15 Márta 2022	L 87 I	13	15.3.2022
► <u>M13</u>	Rialachán (AE) 2022/576 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022	L 111	1	8.4.2022
► <u>M14</u>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/595 ón gCoimisiún an 11 Aibreán 2022	L 114	60	12.4.2022
► <u>M15</u>	Rialachán (AE) 2022/879 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2022	L 153	53	3.6.2022

(\*) Níor foilsíodh an gníomh seo i nGaeilge.

► <b><u>M16</u></b>	Rialachán (AE) 2022/1269 ón gComhairle an 21 Iúil 2022	L 193	1	21.7.2022
► <b><u>M17</u></b>	Rialachán (AE) 2022/1904 ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022	L 259 I	3	6.10.2022
► <b><u>M18</u></b>	Rialachán (AE) 2022/2367 ón gComhairle an 3 Nollaig 2022	L 311 I	1	3.12.2022
► <b><u>M19</u></b>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2368 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2022	L 311 I	5	3.12.2022
► <b><u>M20</u></b>	Rialachán (AE) 2022/2474 ón gComhairle an 16 Nollaig 2022	L 322 I	1	16.12.2022
► <b><u>M21</u></b>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/180 ón gComhairle an 27 Eanáir 2023	L 26	1	30.1.2023
► <b><u>M22</u></b>	Rialachán (AE) 2023/250 ón gComhairle an 4 Feabhra 2023	L 32 I	1	4.2.2023
► <b><u>M23</u></b>	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/251 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2023	L 32 I	4	4.2.2023
► <b><u>M24</u></b>	Rialachán (AE) 2023/427 ón gComhairle an 25 Feabhra 2023	L 59 I	6	25.2.2023

Arna cheartú le:

- **C1** Ceartúchán, IO L 246, 21.8.2014, lch. 59 (833/2014)
- **C2** Ceartúchán, IO L 55, 28.2.2022, lch. 78 (2022/262)
- **C3** Ceartúchán, IO L 114, 12.4.2022, lch. 212 (2022/328)
- **C4** Ceartúchán, IO L 114, 12.4.2022, lch. 214 (833/2014)
- **C5** Ceartúchán, IO L 119, 21.4.2022, lch. 114 (2022/394)
- **C6** Ceartúchán, IO L 190, 19.7.2022, lch. 191 (2022/576)
- **C7** Ceartúchán, IO L 202, 2.8.2022, lch. 58 (2022/576)
- **C8** Ceartúchán, IO L 56, 23.2.2023, lch. 31 (2022/1904)

▼ B

## COUNCIL REGULATION (EU) No 833/2014

of 31 July 2014

concerning restrictive measures in view of Russia's actions destabilising the situation in Ukraine

▼ M7*Airteagal 1*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn “earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide” na hítimí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>;
- (b) ciallaíonn “údaráis inniúla” údaráis inniúla na mBallstát faoi mar a shainaithnítear iad ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn I;
- (c) ciallaíonn “cúnamh teicniúil” aon tacaíocht theicniúil a bhaineann le deisiúcháin, forbairt, monarú, cóimeáil, tástáil, cothabháil, nó aon seirbhís theicniúil eile, agus féadfaidh sé a bheith i bhfoirm teagaisc, comhairle, oiliúna, eolais nó scileanna oibre a tharchur nó seirbhísí comhairliúcháin, lena n-áirítear cineálacha cúnamh ó bhéal;
- (d) ciallaíonn “seirbhísí bróicéireachta”:
  - (i) caibidlíocht nó socrú idirbheart chun earraí agus teicneolaíocht nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla a cheannach, a dhíol nó a sholáthar, lena n-áirítear ó thríú tír chuig aon tríú tír eile, nó
  - (ii) chun earraí agus teicneolaíocht nó seirbhísí airgeadais agus teicniúla a dhíol nó a cheannach, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil siad lonnaithe i dtríú tíortha lena n-aistriú chuig tríú tír eile;
- (e) ciallaíonn “seirbhísí infheistíochta” na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí seo a leanas:
  - (i) orduithe a ghlacadh agus a tharchur i ndáil le hionstraim airgeadais amháin nó níos mó;
  - (ii) orduithe a fhorghníomhú thar ceann cliant;
  - (iii) déileáil ar a chuntas féin;
  - (iv) bainistíocht punainne;
  - (v) comhairle infheistíochta;
  - (vi) ionstraimí airgeadais a fhrithghealladh agus/nó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin;
  - (vii) ionstraimí airgeadais a chur gan bonn ceangaltais dhaingin;
  - (viii) aon seirbhís i ndáil le cead trádála ar mhargadh rialáilte nó cead trádála ar shaoráid trádála iltaobhach;

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (athmhúnlú) (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

▼ M11

- (f) ciallaíonn “urrúis inaistrithe” na haicmí urrús seo a leanas, lena n-áirítear i bhfoirm criptea-shócmhainní, atá soshannta ar an margadh caipitil, cé is moite d’ionstraimí íocaíochta:

▼ M7

- (i) scaireanna i gcuideachtaí agus in urrúis eile atá coibhéiseach le scaireanna i gcuideachtaí, i gcomhpháirtíochtaí nó in eintitis eile, agus admhálacha taisclainne i leith scaireanna,
- (ii) bannaí nó cineálacha eile fiachais urrúsaithe, lena n-áirítear admhálacha taisclainne i leith urrús den sórt sin,
- (iii) aon urrús eile lena dtugtar an ceart aon urrús inaistrithe den sórt sin a fháil nó a dhíol nó as a dtagann socraíocht airgid arna cinneadh trí thagairt d’urrúis inaistrithe;
- (g) ciallaíonn “ionstraimí margaidh airgid” na haicmí ionstraimí sin a ndéileáiltear leo de ghnáth ar an margadh airgid, amhail billí stát-chiste, deimhnithe taisce agus páipéir thráchtála agus gan ionstraimí íocaíochta a áireamh;
- (h) ciallaíonn “institiúid creidmheasa” gnóthas a bhfuil sé de ghnó aige taiscí nó cistí inaisíochta eile a ghlacadh ón bpobal agus creidmheasanna a dheonú dá chuntas féin;
- (i) ciallaíonn “críoch an Aontais” críocha na mBallstát a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leo, faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Chonradh, lena n-áirítear aerspás na mBallstát sin;
- (j) ciallaíonn “taisclann lárnach urrús” duine dlítheanach mar a shainmhínítear é i bpointe (1) d’Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>;
- (k) ciallaíonn “taisce” iarmhéid sochair atá mar thoradh ar chistí a fágadh i gcuntas nó ar staideanna sealadacha a eascraíonn as gnáth-idirbhearta baincéireachta agus a bhfuil ceanglas ar institiúid creidmheasa maidir lena aisíoc faoi na coinníollacha dlíthiúla agus conarthacha is infheidhme, lena n-áirítear taisce téarma shocraithe agus taisce choigiltis, ach cé is moite d’iarmhéid sochair sna cásanna seo a leanas:
- (i) ní féidir a chruthú gurb ann dó ach amháin le hionstraim airgeadais mar a shainmhínítear í in Airteagal 4(1)(15) de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, seachas más táirge choigiltis é a léirítear le deimhniú taisce atá déanta amach do dhuine ainmnithe agus arbh ann dó i mBallstát an 2 Iúil 2014;
- (ii) ní chaitear a phríomhshuim a aisíoc ar par;
- (iii) ní chaitear a phríomhshuim a aisíoc ar par ach amháin faoi ráthaíocht nó comhaontú áirithe a cuireadh ar fáil ag an institiúid creidmheasa nó ag tríú páirtí;

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús agus lena leasaítear Treoracha 98/26/CE agus 2014/65/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 236/2012 (IO L 257, 28.8.2014, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

**▼ M7**

- (l) ciallaíonn “scéimeanna saoránachta d’infheisteoirí” (nó “pasanna órga”) na nósanna imeachta arna gcur ar bun ag Ballstát, lena gceadaítear do náisiúnaigh tríú tíortha a náisiúntacht a fháil mar mhalaírt ar íocaíochtaí agus infheistíochtaí réamhchinntithe;
- (m) ciallaíonn “scéimeanna cónaithe d’infheisteoirí” (nó “víosaí órga”) na nósanna imeachta arna gcur ar bun ag Ballstát, lena gceadaítear do náisiúnaigh tríú tíortha cead cónaithe a fháil i mBallstát mar mhalaírt ar íocaíochtaí agus infheistíochtaí réamhchinntithe;
- (n) ciallaíonn “ionad trádála”, mar a shainmhínítear é in Airteagal 4(1)(24) de Threoir 2014/65/AE, margadh rialáilte, saoráid trádála iltaobhach (MTF) nó saoráid trádála eagraithe (OTF);
- (o) ciallaíonn “maoiniú nó cúnamh airgeadais” aon ghníomhaíocht, cibé modh áirithe a roghnaítear, trína n-eisíocann an duine, an t-eintiteas nó an comhlacht lena mbaineann, nó trína ngeallann sé go n-eisíocfaidh, a chistí féin nó a acmhainní eacnamaíocha féin go coinníollach nó go neamhchoinníollach, lena n-áirítear deontais, iasachtaí, ráthaíochtaí, urraíochtaí, bannaí, litreacha creidmheasa, creidmheasanna soláthróra, creidmheasanna ceannaitheora, réamhíocaíochtaí allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin agus gach cineál árachais agus atharachais, lena n-áirítear árachas creidmheasa onnmhairiúcháin, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin; ní maoiniú ná cúnamh airgeadais atá in íocaíocht an phraghais chomhaontaithe maille leis na téarmaí agus coinníollacha íocaíochta ar earra nó ar sheirbhís, arna déanamh i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas gnó;
- (p) ciallaíonn “tír chomhpháirtíochta” tír a chuireann tacar beart rialaithe onnmhairiúcháin i bhfeidhm atá coibhéiseach go substaintiúil leis na bearta sin a leagtar amach sa Rialachán seo, mar a shainnítear iad in Iarscríbhinn VIII;
- (q) ciallaíonn “feistí cumarsáide tomhaltóirí” feistí a úsáideann daoine aonair príobháideacha amhail ríomhairí pearsanta agus forimeallaigh (lena n-áirítear tiomántáin chrua agus printéirí), gutháin phóca, teilifíseáin chliste, feistí cuimhne (tiomántáin USB), agus bogearraí tomhaltóra le haghaidh gach ceann de na hítimí sin;

**▼ M8**

- (r) ciallaíonn “aeriompróir Rúiseach” gnóthas aeriompair a bhfuil ceadúnas bailí oibríochta nó a choibhéis aige arna eisiúint ag údarás inniúla Chónaidhm na Rúise;

**▼ M12**

- (s) ciallaíonn “rátáil chreidmheasa” tuairim maidir le hacmhainn creidmheasa eintitis, fiachais nó oibleagáide airgeadais, urrúis fiachais, scaireanna tosaíochta nó ionstraime airgeadais eile, nó ó eisitheoir fiachais nó oibleagáide airgeadais, urrúis fiachais, scaireanna tosaíochta nó ionstraime airgeadais den sórt sin, arna n-eisiúint trí úsáid a bhaint as córas aicmithe sainithe agus sin bunaithe ar chatagóirí rátála;
- (t) ciallaíonn “gníomhaíochtaí rátála creidmheasa” anailís sonraí agus faisnéise agus meastóireacht, formheas, eisiúint agus athbhreithniú rátálacha creidmheasa.

**▼ M12**

- (u) ciallaíonn “earnáil fuinnimh” earnáil lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí seo a leanas cé is moite de ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an earnáil núicléach sibhialta:
  - (i) amhola, gás nádúrtha nó breoslaí iontaise soladacha a thaiscéal, a tháirgeadh, a dháileadh laistigh den Rúis nó mianadóireacht a dhéanamh orthu, scagadh breoslaí, leachtú gáis nádúrtha nó athghású;
  - (ii) táirgí breoslaí iontaise soladacha, táirgí peitriiliam scagtha nó gás a mhonarú nó a dháileadh laistigh den Rúis; nó
  - (iii) saoráidí a thógáil nó trealamh a shuiteáil, nó seirbhísí, trealamh nó teicneolaíochta a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le giniúint cumhachta nó le táirgeadh leictreachais;

**▼ M13**

- (v) ciallaíonn “Treoracha um sholáthar poiblí” Treoracha 2014/23/AE <sup>(1)</sup>, 2014/24/AE <sup>(2)</sup>, 2014/25/AE <sup>(3)</sup> agus 2009/81/CE <sup>(4)</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- (w) ciallaíonn “gnóthas iompair de bhóthar” aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht, a bhíonn ag gabháil do chuspóir tráchtála chun lasta a iompar trí bhíthin mórtarfheithiclí nó cónasc feithiclí;

**▼ M20**

- (x) ciallaíonn “earnáil mianadóireachta agus cairéalachta” earnáil lena gcumhdaítear an suíomh agus na gníomhaíochtaí eastósctha, bainistithe agus próiseála a bhaineann le hábhair nach mbíonn fuinneamh á tháirgeadh acu;

**▼ M24**

- (y) ciallaíonn “eintitis chriticiúla” mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup>;
- (z) ciallaíonn “bonneagar criticiúil” bonneagar mar a shainmhínítear in Airteagal 2(a) de Threoir 2008/114/CE ón gComhairle <sup>(6)</sup>, agus in Airteagal 2(4) de Threoir (AE) 2022/2557;

<sup>(1)</sup> Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

<sup>(3)</sup> Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmiú in earnáil an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

<sup>(4)</sup> Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údarais chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

<sup>(5)</sup> Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164).

<sup>(6)</sup> Treoir 2008/114/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 maidir le bonneagair rithabhachtacha Eorpacha a aithint agus a ainmniú agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann a gcosaint a fheabhsú (IO L 345, 23.12.2008, lch. 75).

▼ **M24**

- (za) ciallaíonn “bonneagar criticiúil Eorpach” bonneagar mar a shainmhínítear in Airteagal 2(b) de Threoir 2008/114/CE;
- (zb) “ciallaíonn “úinéirí nó oibreoirí bonneagar criticiúil” na heintitis sin atá freagrach as infheistíochtaí a dhéanamh i sócmhainn nó i gcóras ar leith nó cuid de a ainmnítear mar bhonneagar criticiúil nó bonneagar criticiúil Eorpach nó na heintitis atá freagrach as oibriú laethúil na sócmhainní nó na gcóras sin nó cuid díobh.”;

▼ **M7***Airteagal 2*

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ **M24**

1a. Earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar a n-idirthuras trí chríoch na Rúise.

▼ **M7**

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, agus ar sholáthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnamh teicniúil lena mbaineann, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar go díreach nó go hindíreach d’aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

3. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo maidir le hearraí ná teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubastí nádúrtha;
- (b) chun críoch leighis nó cógaisíochta;
- (c) onnmhairiú sealadach ítimí atá le húsáid sna meáin nuachta;
- (d) nuashonruithe bogearraí;

**▼ M7**

(e) úsáid mar fheistí cumarsáide tomhaltóirí; nó

**▼ M16**

\_\_\_\_\_

**▼ M7**

(g) úsáid phearsanta na n-earraí nó teicneolaíochta sin ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Rúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta, agus an úsáid sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí trádála atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

**▼ M16**

Cé is moite de phointe (g) den chéad fhomhír, dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe le haghaidh chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar tharla an chéad onnmhairiú.

**▼ M24**

3a. Gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a shonraítear i mír 1a den Airteagal seo maidir le hidirthuras earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide atá beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (a) go (e) de mhír 3 den Airteagal seo trí chríoch na Rúise.

**▼ M7**

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt earraí agus teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) comhar idir an tAontas, rialtais na mBallstát agus rialtas na Rúise i gcomhair ábhair sibhialtacha amháin;
- (b) atá ceaptha le haghaidh an chomhair idir-rialtasaigh i gcláir spáis;
- (c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;
- (d) sábháilteacht mhuirí;

**▼ M13**

(e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha atá ar fáil go neamhphoiblí agus nach maoin le heintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú rialtas na Rúise é;

**▼ M7**

(f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;



▼ M7

- (g) ionadaíocht taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin;

▼ M16

- (h) an chibearshlándaíl agus slándáil faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Rúis, cé is moite dá rialtas agus do na gnóthais atá faoi rialú díreach nó indéach an rialtais sin.

▼ M24

- 4a. De mhaolú ar mhír 1a, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla idirthuras earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide trí chríoch na Rúise a údarú tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin beartaithe chun na gcríoch a leagtar amach i bpointí (b), (c), (d) agus (h) de mhír 4 den Airteagal seo.

▼ M7

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, agus gan dochar do na ceanglais údarúcháin de bhun Rialachán (AE) 2021/821, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó teicneolaíocht dé-úsáide a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnaimh teicniúil nó cúnaimh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnaimh teicniúil nó an cúnaimh airgeadais lena mbaineann sin dlíthe faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a chur i gcrích, ar choinnioll go bhfuarthas an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnacha acu:

▼ M13

- (i) chun a chreidiúint go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht in Iarscríbhinn IV a bheadh san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, mura gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó má cheadaítear cúnaimh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 1(a) d'Airteagal 2b;
- (ii) chun a chreidiúint go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar cúnaimh teicniúil nó airgeadais a bhaineann leo beartaithe don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, mura gceadaítear an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin nó cúnaimh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 4(b); nó

▼ **M12**

- (iii) tá díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnamh teicniúil ghaolmhair nó an chúnamh airgeadais ghaolmhair beartaithe don earnáil fuinnimh, mura gceadaítear díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú den sórt sin nó don chúnamh teicniúil gaolmhar nó an cúnadh airgeadais gaolmhar faoi na heisceachtaí dá dtagraítear i míreanna 3 go 6 d'Airteagal 3.

▼ **M7**

8. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú atá deonaithe acu de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann siad gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfear an Rialachán seo chun feidhme go héifeachtach.

*Airteagal 2a*

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, earraí agus teicneolaíocht lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhsú míleata agus teicneolaíoch na Rúise, nó le forbairt earnáil na cosanta agus na slándála, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VII, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnadh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, agus soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnadh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó cúnadh teicniúil lena mbaineann, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí ná an teicneolaíocht a liostaítear i mír 1, a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnadh teicniúil ná an cúnadh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;
- (b) chun críoch leighis nó cógaisíochta;
- (c) onnmhairiú sealadach ítimí atá le húsáid sna meáin nuachta;
- (d) nuashonruithe bogearraí;

**▼ M7**

- (e) úsáid mar fheistí cumarsáide tomhaltóirí; nó

**▼ M16**

\_\_\_\_\_

**▼ M7**

- (g) úsáid phearsanta na n-earraí nó teicneolaíochta sin ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Rúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta, agus an úsáid sin teoranta d'earraí pearsanta, earraí tí, feithiclí nó uirlisí trádála atá faoi úinéireacht an ndaoine aonair sin agus nach bhfuil beartaithe lena ndíol.

**▼ M16**

Cé is moite de phointe (g) den chéad fhomhír, dearbhóidh an t-onnmhaireoir sa dearbhú custaim go bhfuil na hítimí sin á n-onnmhairiú faoin eisceacht ábhartha a leagtar amach sa mhír seo agus tabharfaidh sé fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-onnmhaireoir ina chónaí nó ina bhfuil sé bunaithe le haghaidh chéad úsáid na heisceachta ábhartha laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar tharla an chéad onnmhairiú.

**▼ M7**

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe don mhéid seo a leanas:

- (a) comhar idir an tAontas, rialtais na mBallstát agus rialtas na Rúise i gcomhair ábhair sibhialtacha amháin;
- (b) atá ceaptha le haghaidh an chomhair idir-rialtasaigh i gcláir spáis;
- (c) oibriú, cothabháil, athchóireáil breosla agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;
- (d) sábháilteacht mhuirí;

**▼ M13**

- (e) líonraí cumarsáide leictreonaí sibhialtacha atá ar fáil go neamhphoiblí agus nach maoin le heintiteas atá faoi rialú poiblí nó ag a bhfuil úinéireacht poiblí os cionn 50 % é;

**▼ M7**

- (f) úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó tíre comhpháirtíochta;
- (g) ionadaíocht taidhleoireachta an Aontais, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin; nó

▼ **M16**

- (h) an chibearshlándaíl agus an tslándaíl faisnéise a áirithiú do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus do chomhlachtaí sa Rúis seachas dá rialtas agus do gnóthais atá faoi rialú go díreach nó go hindíreach ag an rialtas sin.

▼ **M7**

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt na hearraí nó an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis don údarás sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó an cúnamh airgeadais sin lena mbaineann dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun Conradh den sórt sin a chur i gcrích, ar choinníoll go bhfuarthas an t-údarú sin roimh an 1 Bealtaine 2022.

6. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh na húdaráis inniúla iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm *mutatis mutandis* aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

7. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 5, ní dhéanfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú má tá forais réasúnacha acu

▼ **M13**

- (i) chun a chreidiúint go bhféadfadh sé gur úsáideoir deiridh míleata, duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht in Iarscríbhinn IV a bheadh san úsáideoir deiridh nó go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí, mura gceadaítear díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó má cheadaítear cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 1 d'Airteagal 2b.'
- (ii) chun a chreidiúint go bhfuil díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar cúnamh teicniúil nó airgeadais a bhaineann leo beartaithe don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, mura gceadaítear an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú sin nó cúnamh gaolmhar teicniúil nó airgeadais a sholáthar faoi mhír 4(b); nó

▼ **M12**

- (iii) tá díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 nó soláthar an chúnamh teicniúil ghaolmhair nó an chúnamh airgeadais ghaolmhair beartaithe don eanáil fuinnimh, mura gceadaítear díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú den sórt sin nó don chúnamh teicniúil gaolmhar nó an cúnamh airgeadais gaolmhar faoi na heisceachtaí dá dtagraítear i míreanna 3 go 6 d'Airteagal 3.

▼ **M7**

8. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú atá deonaithe acu de bhun mhíreanna 4 agus 5 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann siad gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfean an Rialachán seo chun feidhme go héifeachtach.

▼ M17*Airteagal 2aa*

1. Airm thine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna riachtanacha agus armlón, de mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>, bídis de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, beidh toirmeasc ann na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M24

1a. Maidir le hairm agus a gcodanna, a gcomhpháirteanna riachtanacha agus a n-armlón, dá dtagraítear i mír 1 agus a onnmhairítear ón Aontas, beidh toirmeasc ar a n-idirthuras trí chríoch na Rúise.

▼ M17

2. Cuirfear toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnadh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnadh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnadh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M7*Airteagal 2b*▼ M12

1. Maidir leis na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn IV, de mhaolú ar Airteagal 2(1) agus (2) agus ar Airteagal 2a(1) agus (2), agus gan dochar do na ceanglais maidir le húdarú de bhun Rialachán (AE) 2021/821, ní fhéadfaidh na húdarais inniúla díolachán, soláthar, aistriú nó onnmhairiú earraí agus teicneolaíochta dé-úsáide agus earraí agus teicneolaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn VII a údarú, nó soláthar an chúnamh theicniúil ghaolmhair nó an chúnamh airgeadais ghaolmhair a údarú ach amháin tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

▼ M7

- (a) go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnadh teicniúil gaolmhar nó an cúnadh airgeadais gaolmhar riachtanach chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, ar teagmhas é ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaoil; nó

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 258/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena gcuirtear Airteagal 10 de Phrótocal na Náisiún Aontaithe i gcoinne monarú agus gáinneáil aindleathach arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh coireachta eagraithe trasnáisiúnta (Prótocal Arm Tine na Náisiún Aontaithe) chun feidhme, agus lena mbunaítear údarú onnmhairiúcháin agus bearta allmhairiúcháin agus gluaiseachta idirthurais le haghaidh arm tine, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna agus a n-armlóin (IO L 94, 30.3.2012, lch. 1).

▼ M7

(b) go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh airgeadais gaolmhar nó an cúnamh teicniúil gaolmhar sin dlíte faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó faoi chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go n-iarrtar an t-údarú roimh an 1 Bealtaine 2022.

2. Na húdaruithe uile a éilítear faoin Airteagal seo, deonóidh údaráis inniúla an Bhallstáit iad i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/821, a mbeidh feidhm mutatis mutandis aige. Beidh an t-údarú bailí ar fud an Aontais.

3. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú atá deonaithe acu de bhun mhír 1 a neamhniú, a chur ar fionraí, a mhodhnú nó a chúlghairm má mheasann siad gur gá an neamhniú, an cur ar fionraí, an modhnú nó an chúlghairm sin chun go gcuirfean an Rialachán seo chun feidhme go héifeachtach.

*Airteagal 2c*

1. Cuirfean an fógra faoi bhráid an údaráis inniúil dá dtagraítear in Airteagal 2(3) agus Airteagal 2a(3), nuair is féidir, trí mhodhanna leictreonacha ar fhoirmeacha ar a mbeidh ar a laghad gach ceann de na heilimintí, agus san ord, dá bhforáiltear sna samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX.

2. Eiseofar na húdaruithe uile dá dtagraítear in Airteagal 2, Airteagal 2a agus Airteagal 2b, nuair is féidir, trí mhodhanna leictreonacha ar fhoirmeacha ar a mbeidh ar a laghad gach ceann de na heilimintí, agus san ord, dá bhforáiltear sna samhlacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX.

*Airteagal 2d*▼ M9

1. Déanfaidh na údaráis inniúla faisnéis maidir leis na húdaruithe arna ndeonú agus na diúltuithe arna n-eisiúint de bhun Airteagal 2, Airteagal 2a agus Airteagal 2b a mhalartú leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún. Déanfar faisnéis a mhalartú trí úsáid a bhaint as an gcóras leictreonach dá bhforáiltear de bhun Airteagal 23(6) de Rialachán (AE) 2021/821.

▼ M7

2. Is chun na críche ar iarradh í, agus chun na críche sin amháin, a úsáidfean an fhaisnéis a gheofar mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo, lena n-áirítear na malartuithe a luaitear i mír 4.

Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go dtabharfar cosaint d'fhaisnéis rúnda a gheofar de thoradh an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta faoi seach.

Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún nach ndéanfar an fhaisnéis rúnaicmithe a chuirfean ar fáil nó a mhalartófar faoin Airteagal seo a íosghrádú nó a scaoileadh ó rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir.

**▼ M7**

3. Sula ndeonóidh Ballstát údarú i gcomhréir le hAirteagal 2, Airteagal 2a agus Airteagal 2b le haghaidh idirbheart arb ionann é go bunúsach agus idirbheart atá faoi réir diúltú atá fós bailí arna eisiúint ag Ballstát eile nó ag Ballstáit eile, rachaidh sé i gcomhairle ar dtús leis an mBallstát nó leis na Ballstáit a d'eisigh an diúltú. Más rud é, tar éis na gcomhairliúchán sin, go gcinneann an Ballstát lena mbaineann údarú a dheonú, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi, agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile chun an cinneadh a mhíniú.

**▼ M11**

3a. I gcás ina ndeonóidh Ballstát údarú i gcomhréir le hAirteagail 2(4)(d), 2a(4)(d) agus 3f(4) maidir le hearraí nó teicneolaíocht a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, ar earraí nó teicneolaíocht iad atá beartaithe le haghaidh na sábháilteachta muirí, cuirfidh sé an méid sin in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún laistigh de choicís ón údarú a dheonú.

**▼ M9**

4. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle leis na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí agus ar bhonn cómhálartachta, faisnéis a mhalartú leis na tíortha comhpháirtíochta, d'fhonn tacú le héifeachtacht na mbeart rialaithe onnmhairí faoin Rialachán seo agus d'fhonn tacú le cur i bhfeidhm comhsheasmhach na mbeart rialaithe onnmhairí arna gcur i bhfeidhm ag tíortha comhpháirtíochta.

**▼ M7***Airteagal 2e*

1. Beidh toirmeasc ar mhaoiniú poiblí nó ar chúnamh airgeadais a sholáthar le haghaidh trádáil leis an Rúis nó le haghaidh infheistíocht sa Rúis.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le:

(a) gealltanais cheangailteacha i dtaca le maoiniú nó cúnamh airgeadais arna mbunú roimh an 26 Feabhra 2022;

**▼ M11**

(b) maoiniú poiblí nó cúnamh airgeadais a sholáthar dar luach suas le EUR 10 000 000 ina iomláine in aghaidh an tionscadail, ar maoiniú nó cúnamh é a théann chun tairbhe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá bunaithe san Aontas; nó

**▼ M7**

(c) maoiniú poiblí nó cúnamh airgeadais a sholáthar le haghaidh trádáil bia agus chun críoch talmhaíochta, leighis nó daonnúil.

**▼ M9**

3. Beidh toirmeasc ar infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail arna gcómhaoiniú ag Ciste Infheistíochta Díri na Rúise, ar bheith páirteach iontu nó ar rannchuidiú leo ar bhealach eile.

4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, rannpháirtíocht infheistíochta i dtionscadail arna gcómhaoiniú ag Ciste Infheistíochta Díri na Rúise a údarú, nó ranníocaíocht le tionscadail den sórt sin a údarú, tar éis do na húdaráis sin a chinneadh go bhfuil rannpháirtíocht infheistíochta nó ranníocaíocht den sórt sin dlite faoi chonarthaí a tugadh i gcrích roimh an 2 Marta 2022 nó faoi chonarthaí coimhdeacha atá riachtanach chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

▼ **M10***Airteagal 2f*

1. Toirmeascfar d'oibritheoirí aon inneachar ó na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn XV a chraoladh, nó craoladh a chumasú, a éascú nó rannchuidiú leis an gcaoladh ar bhealach eile, lena n-áirítear trí tharchur nó trí dháileadh ar aon bhealach amhail cábla, satailít, teilifís trí Phrótacal Idirlín (IP-TV), soláthraithe seirbhísí idirlín, ardáin nó feidhmchláir comhroinnte físeán idirlín, bíodh siad nua nó réamhshuiteáilte.

2. Cuirfear aon cheadúnas nó údarú craolacháin, agus aon shocrú tarchurtha agus dáileacháin, leis na daoine dlítheanacha leis na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn XV ar fionraí.

▼ **M15**

3. Cuirfear toirmeasc ar fhógraíocht a dhéanamh ar tháirgí nó ar sheirbhísí in aon ábhar arna léiriú nó arna chraoladh ag na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn XV, lena n-áirítear trí tharchur nó trí dháileadh ar aon cheann de na modhanna dá dtagraítear i mír 1.

▼ **M12***Airteagal 3*

1. Beidh toirmeasc ar earraí nó teicneolaíocht, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach nó lena n-úsáid sa Rúis, lena n-áirítear a Limistéar Eacnamaíoch Eisiach agus a Scairbh Ilchríochach.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnadh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar agus beidh toirmeasc ar sholáthar, monarú, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;
- (b) maoiniú nó cúnadh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar maidir leis na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó maidir le cúnadh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

3. Na toirmisc i míreanna 1 agus 2, ní bheidh feidhm acu maidir le díolachán, soláthar, aistriú ná onnmhairiú earraí nó teicneolaíochta is gá, nó maidir le cúnadh teicniúil nó cúnadh airgeadais a sholáthar is gá chun:

▼ **M15**

- (a) iompar gáis nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitriiliam scagtha, mura dtoirmiscear sin faoi Airteagal 3m nó 3n, ón Rúis nó tríd an Rúis isteach san Aontas; nó

▼ **M12**

- (b) teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhas ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol.



**▼ M12**

4. Na toirmisc i míreanna 1 agus 2, ní bheidh feidhm acu maidir le forghníomhú go dtí an 17 Meán Fómhair 2022 oibleagáide a eascraíonn as conradh a tugadh i gcrích roimh an 16 Márta 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conradh den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll go gcuirtear an t-údarás inniúil ar an eolas 5 lá oibre ar a laghad roimh ré.

5. Na toirmisc i míreanna 1, 2, 3 agus 4, ní bheidh feidhm acu maidir le le hárachas nó athárachas a sholáthar d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit a mhéid a bhaineann a ngíomhaíochtaí lasmuigh den earnáil fuinnimh sa Rúis.

6. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, a údarú aon chúnaimh teicniúil nó cúnaimh airgeadais a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú agus a sholáthar, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) gur gá sin chun soláthar fuinnimh criticiúil a áirithiú laistigh den Aontas; nó
- (b) go bhfuil sé beartaithe le haghaidh úsáid eisiach eintiteas atá faoi úinéireacht, nó á rialú go haonarach nó i gcomhpháirt ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

7. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 6 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M20***Airteagal 3a*

- (1) Toirmeascfar an méid seo a leanas:
  - (a) aon rannpháirtíocht nua a fháil nó síneadh a chur le haon rannpháirtíocht atá ann cheana maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis;
  - (b) aon socrú a dheonú nó a bheith mar chuid d'aon socrú chun aon iasacht nó creidmheas nua a dheonú nó chun maoiniú a sholáthar ar bhealach eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis, nó i gcomhair an chuspóra, a bhfuil fianaise dhoiciméadaithe leis, duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht den sórt sin a mhaoiniú;
  - (c) aon chomhfhiontar nua a chruthú le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis;
  - (d) seirbhísí infheistíochta a sholáthar, a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).

**▼M20**

2. Toirmeascfar an méid seo a leanas:
  - (a) aon rannpháirtíocht nua a fháil nó síneadh a chur le haon rannpháirtíocht atá ann cheana maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil mianadóireachta agus cairéalachta sa Rúis;
  - (b) aon socrú a dheonú nó a bheith mar chuid d'aon socrú chun aon iasacht nó creidmheas nua a dheonú nó chun maoiniú a sholáthar ar bhealach eile, lena n-áirítear caipiteal cothromais, d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír, agus atá ag feidhmiú san earnáil mianadóireachta agus cairéalachta sa Rúis, nó i gcomhair an chuspóra, a bhfuil fianaise dhoiciméadaithe leis, duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht den sórt sin a mhaoiniú;
  - (c) aon chomhfhiontar nua a chruthú le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí na Rúise nó aon tríú tír eile, agus atá ag feidhmiú san earnáil mianadóireachta agus cairéalachta sa Rúis;
  - (d) seirbhísí infheistíochta a sholáthar, a bhaineann go díreach leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c).
3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i mír 1 a údarú tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:
  - (a) go bhfuil gá léi chun soláthar criticiúil fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas, mar aon le hiompar gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitriúil scagtha, mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 3m nó 3n, ón Rúis nó tríd an Rúis isteach san Aontas; nó
  - (b) go mbaineann sí go heisiach le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag feidhmiú san earnáil fuinnimh sa Rúis agus atá faoi úinéireacht duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.
4. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 3 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.
5. An toirmeasc i mír 2, ní bheidh feidhm aige maidir le gníomhaíochtaí mianadóireachta agus cairéalachta a dtagann a luach is airde ó aon cheann de na hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn XXX a tháirgeadh, nó a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu aon cheann de na hábhair sin a tháirgeadh.

▼ M7*Airteagal 3b*▼ M13

1. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid chun ola a scogadh agus gás nádúrtha a leachtú, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le heintiteas nó le comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

▼ M7

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

3. Na toirmisc i míreanna 1 agus 2, ní bheidh feidhm acu maidir leis an gcur i gcrích, go dtí an 27 Bealtaine 2022 conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a chur i gcrích.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha is iomchuí leo, na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn X a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú nó cúnamh teicniúil gaolmhar nó cúnamh airgeadais gaolmhar a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh ábhartha teicniúil nó an cúnamh ábhartha airgeadais sin riachtanach chun teagmhas a chosc nó a mhaolú ar teagmhas é ar dhócha dó tionchar tromchúiseach agus suntasach a imirt ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol.

I gcásanna éigeandála a mbeidh údar cuí leo, féadfar an díol, an soláthar, an t-aistriú nó an t-onnmhairiú a dhéanamh gan réamhúdarú, ar choinníoll go dtabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra don údarás inniúil laistigh de chúig lá oibre ó lá an díola, an tsoláthair, an aistrithe nó an onnmhairithe, agus go mbeidh leis an bhfógra sin mionsonra faoin údar cuí a bhí leis an díol, leis an soláthar, leis an aistriú nó leis an onnmhairiú a rinneadh gan réamhúdarú.

**▼ M16**

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M7***Airteagal 3c***▼ M13**

1. Earraí agus teicneolaíocht atá oiriúnach lena n-úsáid don tionscal eitlíochta nó don tionscal spáis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XI, mar aon le scairdbhreosla agus breiseáin breosla mar a liostaítear in Iarscríbhinn XX, cibé acu de thionscnamh an Aontais iad nó nach ea, beidh toirmeasc ar a ndíol, a soláthar, a n-aistriú nó a n-onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, le heintiteas nó le comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

**▼ M7**

2. Beidh toirmeasc ar árachas agus atharachas a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn XI, d'aon duine, d'aon eintiteas nó d'aon chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

3. Toirmeascfar aon cheann nó aon chumasc de na gníomhaíochtaí seo a leanas a sholáthar: ollchóiriú, deisiú, iniúchadh, athionadú, modhnú nó ceartú lochta a dhéanamh ar aerárthach nó ar chomhpháirt, cé is moite d'iniúchadh réamheiltite, a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn XI, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

4. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnadh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 agus le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

(b) maoiniú nó cúnadh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnadh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, a sholáthar go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

**▼ M17**

5. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XI, níl feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 le forghníomhú go dtí an 28 Márta 2022 conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

5a. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 maidir leis an bhforghníomhú go dtí an 6 Samhain 2022 na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022, nó conarthaí coimhdeacha atá riachtanach chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

**▼ M20**

5b. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 maidir le cur i gcrích, go dtí an 16 Eanáir 2023, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 17 Nollaig 2022 nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun conarthaí den sórt sin a chur i gcrích.

**▼ M24**

5c. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid D d'Iarscríbhinn XI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc a shonraítear i míreanna 1 agus 4 i ndáil leis an bhforghníomhú go dtí 27 Márta 2023 i gcás conarthaí a thugtar i gcrích roimh 26 Feabhra 2023, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

**▼ M13**

6. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta údarú a thabhairt, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, go bhforghníomhófar léas airgeadais aerárthaigh a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022 tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) go bhfuil géarghá le haisíocaíochtaí léasa le duine dlítheanach, le heintiteas nó le comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nach dtagann faoi aon cheann de na bearta sriantacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a áirithiú; agus
- (b) nach gcuirfead aon acmhainn eacnamaíoch ar fáil don chontrapháirt Rúiseach, cé is moite d'úinéireacht an aerárthaigh a aistriú tar éis an léas airgeadais a aisíoc ina iomláine.

**▼ M17**

6a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sé sin riachtanach chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.

**▼ M20**

6b. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, soláthar cúnaimh theicniúil a bhaineann le húsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta dá dtagraítear i mír 1 a údarú, tar éis dóibh a chinneadh gur gá cúnamh teicniúil den sórt sin a sholáthar chun imbhuailidh idir satailítí, nó a n-athiontráil neamhbheartaithe san atmaisféar, a sheachaint.

6c. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 4, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chóid AC 8517 71 00, 8517 79 00 agus 9026 00 00 a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XI, nó cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis chun críoch leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, amhail cur ar fáil cúnaimh a sholáthar nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibríthe daonnúla agus an cúnamh gaolmhar, nó le haghaidh aslonnaithe.

**▼ M20**

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun críoch leighis, cógaisíochta nó daonnúil i gcomhréir leis an mír seo, ní dheonóidh na húdaráis inniúla údarú le haghaidh onnmhairí d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, ná le haghaidh a n-úsáide sa Rúis, má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.

**▼ M13**

7. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údaruithe arna ndeonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

8. Beidh an toirmeasc i mír 1 gan dochar d'Airteagail 2(4)(b) agus 2a(4)(b).

**▼ M16**

9. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 4, pointe (a) maidir le malartú faisnéise arb é is aidhm dó caighdeáin theicniúla a bhunú faoi chuimsiú na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1.

**▼ M8***Airteagal 3d*

1. Toirmeascfar ar aon aerárthach atá á oibriú ag aeriompróirí Rúiseacha, lena n-áirítear ina gcáil mar iompróir margaióchta trí shocruithe roinnte cóid nó trí shocruithe suíochán blocáilte nó ar aon aerárthach atá cláraithe sa Rúis, nó d'aon aerárthach nach bhfuil cláraithe sa Rúis atá faoi úinéireacht aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht Rúiseach, nó atá cairtfhostaithe aige, tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti.

2. Ní bheidh feidhm ag Mír 1 i gcás tuirlingthe éigeandála nó traseitilte éigeandála.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú d'aerárthach tuirlingt i gcríoch an Aontais, éirí de thalamh uaithi nó eitilt thairsti más rud é go gcinneann na húdaráis inniúla gur gá an tuirlingt, an t-éirí den talamh nó an eitilt thairsti sin chun críoch daonnúil nó chun críoch ar bith eile is comhchuí le cuspóirí an Rialacháin seo.

4. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 3 laistigh de dhá sheachtain ón údarú.

**▼ M24**

5. Oibreoirí aerárthaí a oibríonn eitiltí neamhsceidealaithe idir an Rúis agus an tAontas, eitiltí a oibrítear go díreach nó trí thríú tír, tabharfaidh siad fógra do na húdaráis inniúla faoin bhfaisnéis ábhartha uile sula n-oibrítear an eitilt agus 48 n-uaire roimh ré ar a laghad.

6. Ar eitilt ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le mír 5 a dhiúltú, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile, an Bainisteoir Líonra agus an Coimisiún ar an eolas láithreach bonn.

**▼ M8***Airteagal 3e***▼ M12**

1. An Bainisteoir Líonra le haghaidh feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta an aerspáis Eorpaigh aonair, tacóidh sé leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme agus comhlíonadh Airteagal 3d a áirithiú. Diúltóidh an Bainisteoir Líonra, go háirithe, do na pleananna eitlete uile arna gcomhdú ag oibreoirí aerárthaí, ar pleananna iad ina bhfuil sé léirithe go bhfuil sé beartaithe gníomhaíochtaí a dhéanamh thar chríoch an Aontais, arb ionann iad agus sárú ar fhorálacha an Chinnidh seo, sa chaoi nach gceadaítear don phiólóta eilt.

**▼ M8**

2. Déanfaidh an Bainisteoir Líonra tuarascálacha a chur ar fáil go rialta don Choimisiún agus do na Ballstáit tuarascálacha, bunaithe ar anailís ar phleananna eitlete, ar chur chun feidhme Airteagal 3d.

**▼ M13***Airteagal 3ea***▼ M16**

1. Beidh toirmeasc ar rochtain ar chalafoirt tar éis an 16 Aibreán 2022 agus, tar éis an 29 Iúil 2022, ar loic i gcríoch an Aontais a sholáthar d'aon soitheach atá cláraithe faoi bhratach na Rúise, cé is moite de rochtain ar loic chun críoch an Aontais a fhágáil.

**▼ M17**

1a. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 freisin, tar éis an 8 Aibreán 2023, maidir le haon soitheach atá deimhnithe ag Clár Loingseoireachta Muirí na Rúise.

**▼ M13**

2. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le soithí a d'athraigh a mbratach Rúiseach nó a gclárú, go bhratach nó go clár aon Stáit eile tar éis an 24 Feabhra 2022.

**▼ M17**

3. Chun críocha an Airteagail seo, cé is moite de mhír 1a, ciallaíonn “soitheach”:

**▼ M13**

- (a) long a thagann faoi raon feidhme na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha;
- (b) luamh 15 mhéadar nó níos mó ar fad, nach n-íompraíonn lasta agus nach n-íompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir; nó
- (c) árthaí áineasa nó árthaí uisce pearsanta mar a shainítear iad i dTreoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

**▼ M17**

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 1a i gcás soitheach a bhfuil cúnamh de dhíth air agus é ag lorg áit dídine, ná cuaird éigeandála ar chalafoirt de dhíth air ar chúiseanna sábháilteachta muirí, nó chun duine a shábháil ar muir.

<sup>(1)</sup> Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus báid phearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (IO L 354, 28.12.2013, lch. 90)

**▼ M17**

5. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 1a, féadfaidh na húdaráis inniúla soitheach a údarú chun rochtain a fháil ar chalafort nó loc faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis an rochtain:

**▼ M15**

(a) mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 3m nó 3n, gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitríliam scagtha, tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarainn, chomh maith le táirgí ceimiceacha agus iarainn áirithe mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXIV, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas;

**▼ M13**

(b) chun táirgí cógaisíochta, míochaine, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin gCinneadh seo, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar;

(c) chun críoch daonnúil;

(d) chun breosla núicléach agus earraí eile a bhfuil géarghá leo d'fheidhmiú cumas núicléach sibhialta a iompar; nó

(e) chun gual agus breoslaí iontaise soladacha eile a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas, go dtí an 10 Lúnasa 2022.

**▼ M16**

5a. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla soithí a d'athraigh a mbratach Rúiseach nó a gclárú, go bratach nó go clár aon Stáit eile roimh an 16 Aibreán 2022, a údarú rochtain a fháil ar chalafort nó ar loc, faoi na coinníollacha sin a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh:

(a) gur ceanglaíodh de réir conartha bratach Rúiseach nó clárú; agus

(b) go bhfuil gá leis an rochtain chun earraí a dhíluchtú atá fíor-riachtanach chun tionscadail fuinnimh inathnuaite a thabhairt chun críche san Aontas, ar choinníoll nach gcuirtear toirmeasc ar shlí eile faoin Rialachán seo ar allmhairiú na n-earraí sin

**▼ M17**

5b. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, rochtain ar chalafort nó ar loc a údarú do shoitheach ar choinníoll go gcomhlíonfar an méid seo a leanas:

(a) a bhfuil bratach Chónaidhm na Rúise ar foluain aige faoi chlárú cairtfhostaithe a cuireadh i gcrích ar dtús roimh an 24 Feabhra 2022,

(b) a d'athghabh roimh an 31 Eanáir 2023 a cheart chun bratach chlárú fholuiteach Bhallstát an Aontais Eorpaigh a bheith ar foluain aige; agus

(c) nach bhfuil faoi úinéireacht, cairtfhostaithe, á oibriú ná faoi rialú ar shlí eile ag náisiúnach Rúiseach ná ag aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Chónaidhm na Rúise.



**▼ M20**

6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhíreanna 5, 5a agus 5b laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M11***Airteagal 3f*

1. Beidh toirmeasc ar earraí agus ar theicneolaíocht loingseoireachta muirí, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVI, a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, bíodh na hearraí agus an teicneolaíocht sin de thionscnamh an Aontais nó ná bíodh, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-úsáid sa Rúis nó lena gcur ar bord soithigh faoi bhratach na Rúise.

2. Toirmeascfar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.”

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú ná a onnmhairiú, ná leis an gcúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, atá beartaithe chun críoch daonnúil, éigeandálaí sláinte, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

4. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt earraí agus teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, i gcomhair úsáid neamh-mhíleata agus úsáideoir deiridh neamh-mhíleata, tar éis do na húdaráis sin a chinneadh go bhfuil na hearraí nó an teicneolaíocht sin nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann beartaithe le haghaidh na sábháilteachta muirí.

**▼ M16**

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M12***Airteagal 3g*

1. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) táirgí iarainn agus cruach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, a allmhairiú, go díreach nó go hindíreach, isteach san Aontas más rud é:

(i) gur de thionscnamh na Rúise iad; nó

(ii) gur onnmhairíodh ón Rúis iad;

**▼ M12**

- (b) táirgí iarainn agus cruach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, atá suite sa Rúis nó ar de thionscnamh na Rúise iad, a cheannach, go díreach nó go hindíreach;
- (c) táirgí iarainn agus cruach, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, a iompar más de thionscnamh na Rúise iad nó má tá siad á n-onnmhairiú ón Rúis go dtí aon tír eile;

**▼ M20**

- (d) táirgí iarainn agus cruach a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a allmhairiú nó a cheannach, ón 30 Meán Fómhair 2023, go díreach nó go hindíreach, nuair a phróiseáiltear iad i dtríú tír ina n-ionchorpraítear táirgí iarainn agus cruach de thionscnamh na Rúise mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVII; maidir leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a phróiseáiltear i dtríú tír lena n-ionchorpraítear táirgí cruach de thionscnamh na Rúise faoi chóid AC 7207 11, 7207 12 10 nó 7224 90, beidh feidhm ag an toirmeasc sin ón 1 Aibreán 2024 i gcás chóid AC 7207 11 agus ón 1 Deireadh Fómhair 2024 i gcás chóid AC 7207 12 10 agus 7224 90;

**▼ M17**

- (e) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear díorthaigh airgeadais, mar aon le hárachas agus athárachas, a bhaineann leis na toirmisc i bpointí (a), (b), (c) agus (d).

2. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XVII, agus gan beann ar iad a bheith liostaithe i gCuid B den Iarscríbhinn sin, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le forghníomhú go dtí an 17 Meitheamh 2022 conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 16 Márta 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

**▼ M20**

- 3. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XVII nach liostaítear i gCuid A den Iarscríbhinn sin, agus gan dochar do mhír 4, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022 a fhorghníomhú go dtí an 8 Eanáir 2023, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú. Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 7207 11, 7207 12 10 agus 7224 90, a bhfuil feidhm ag míreanna 4, 5 agus 5a maidir leo.

**▼ M17**

- 4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i bpointí (a), (b), (c) agus (d) de mhír 1 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar, nó an cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais lena mbaineann, na gcainníochtaí earraí seo a leanas a thagann faoi chód AC 7207 12 10:

(a) 3 747 905 thona mhéadracha idir an 7 Deireadh Fómhair 2022 agus an 30 Meán Fómhair 2023;

(b) 3 747 905 thona mhéadracha idir an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus an 30 Meán Fómhair 2024.

5. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar, nó cúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann, na gcainníochtaí earraí seo a leanas a thagann faoi chód AC 7207 11:

**▼ M17**

- (a) 487 202 thona mhéadracha idir an 7 Deireadh Fómhair 2022 agus an 30 Meán Fómhair 2023;
- (b) 85 260 tona méadrach idir an 1 Deireadh Fómhair 2023 agus an 31 Nollaig 2023;
- (c) 48 720 tona méadrach idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Márta 2024.

**▼ M20**

5a. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar, nó cúnamh teicniúil nó airgeadais lena mbaineann, na gcainníochtaí earraí seo a leanas a thagann faoi chód AC 7224 90:

- (a) 147 007 dtona méadrach idir an 17 Nollaig 2022 agus an 31 Nollaig 2023;
- (b) 110 255 thona méadrach idir an 1 Eanáir 2024 agus an 30 Meán Fómhair 2024.

6. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuótaí méideanna allmhairiúcháin a leagtar amach i míreanna 4, 5 agus 5a a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh cuótaí rátaí taraife dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

**▼ M17**

7. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XVII a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin do bhunú, d'oibriú, do chothabháil, do sholáthar breosla agus d'athchóireáil agus do shábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

8. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 7 laistigh de dhá sheachtain ón údarú.

**▼ M12***Airteagal 3h*

1. Beidh toirmeasc ar shó-earraí mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, nó lena n-úsáid sa Rúis.

<sup>(1)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

**▼ M12**

2. An toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, beidh feidhm aige maidir le só-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII a mhéid gur mó a luach ná EUR 300 in aghaidh na míre mura sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn.

3. An toirmeasc dá dtagraítear i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le hearraí is gá le haghaidh chríocha oifigiúla na misean taidhleoireachta nó consalach ag na Ballstáit nó ag tíortha comhpháirtíochta sa Rúis ná ag eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ná maidir le hearraí pearsanta a bhfoirne.

**▼ M16**

3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le hearraí a thagann faoi AC 7113 00 00 agus AC 7114 00 00 mar a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII le haghaidh úsáid phearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal ón Aontas Eorpach nó ag baill dá neasteaghlaigh atá ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil ceaptha le díol.

**▼ M13**

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla aistriú nó onnmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht chuig an Rúis a údarú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an Rúis.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

*Airteagal 3i*

1. Earraí a ghineann ioncam suntasach don Rúis agus ar an gcaoi sin lena gcumasaítear a gníomhaíochtaí chun staid na hÚcráine a dhíchobhsú, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXI, beidh toirmeasc ar na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach isteach san Aontas, más sa Rúis a thionscnaítear iad nó más ón Rúis a onnmhairíodh iad.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnadh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1.

(b) maoiniú nó cúnadh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnadh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1.

▼ **M17**

3. Maidir leis na hearraí atá liostaithe i gCuid A d'Iarscríbhinn XXI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú go dtí an 10 Iúil 2022 conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 9 Aibreán 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3a. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le ceannacháin sa Rúis atá riachtanach d'fheidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó le haghaidh úsáid phearsanta náisiúnaigh na mBallstát agus a ngarghaolta.

▼ **M20**

3b. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XXI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú, go dtí an 8 Eanáir 2023, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir le hearraí a thagann faoi chód AC 2905 11 mar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XXI, a bhfuil feidhm ag mír 3ba maidir leo.

3ba. Maidir leis na hearraí a thagann faoi chód AC 2905 11, mar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XXI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú, go dtí an 18 Meitheamh 2023, conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

▼ **M17**

3c. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla ceannach, allmhairiú nó aistriú na n-earraí a liostaítear in Iarscríbhinn XXI a údarú, nó soláthar cúnamh ghaolmhair theicniúil agus airgeadais, faoi cibé coiníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin do bhunú, d'oibriú, do chothabháil, do sholáthar breosla agus d'athchóireáil agus do shábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun raidiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht chriticiúil chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an tighde agus na forbartha.

▼ **M24**

3d. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXI, ní bheidh feidhm ag na toirmisc a shonraítear i míreanna 1 agus 2 i ndáil leis an bhforghníomhú go dtí 27 Bealtaine 2023 i gcás conarthaí a thugtar i gcrích roimh 26 Feabhra 2023, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 2803 agus 4002 mar a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXI, a bhfuil feidhm ag mír 3da maidir leo.

3da. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc a shonraítear i míreanna 1 agus 2 go dtí an 30 Meitheamh 2024 maidir leis na cainníochtaí seo a leanas a allmhairiú, a cheannach nó a iompar nó maidir leis an gcúnamh teicniúil ná airgeadais gaolmhar is gá chun iad a allmhairiú isteach san Aontas:

**▼ M24**

- (a) 752 475 thonna mhéadracha i gcás earraí a thagann faoi chód AC 2803;
- (b) 562 973 thonna mhéadracha i gcás earraí a thagann faoi chód AC 4002.

**▼ M13**

4. Amhail ón 10 Iúil 2022, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le hallmhairiú, ceannach nó iompar na nithe seo a leanas, is gá chun iad a allmhairiú isteach san Aontas, ná maidir le cúnamh teicniúil nó cúnamh airgeadais a bhaineann leo:

- (a) 837 570 tona méadrach de chlóiríd photaisiam ina bhfuil AC 3104 20 idir an 10 Iúil de bhliain áirithe agus an 9 Iúil den bhliain dár gcionn;
- (b) 1 577 807 dtonna méadrach le chéile de na táirgí eile a liostaítear in Iarscríbhinn XXI faoi AC 3105 20, 3105 60 agus 3105 90 idir an 10 Iúil de bhliain áirithe agus an 9 Iúil den bhliain dár gcionn;

**▼ M24**

5. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na cuótaí méideanna allmhairiúcháin a leagtar amach i míreanna 3da agus 4 den Airteagal seo a bhainistiú i gcomhréir leis an gcóras bainistíochta le haghaidh cuótaí rátaí taraife dá bhforáiltear in Airteagail 49 go 54 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

**▼ M17**

6. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 3c laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M13***Airteagal 3j***▼ M17**

1. Maidir le gual agus táirgí eile a liostaítear in Iarscríbhinn XXII, beidh toirmeasc ar iad a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise iad nó más ón Rúis a onnmhairítear iad.

**▼ M13**

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

- (a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1 go díreach nó go hindíreach.
- (b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, i ndáil leis an toirmeasc i mír 1 go díreach nó go hindíreach.

<sup>(1)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

**▼ M13**

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhú go dtí an 10 Lúnasa 2022 na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 9 Aibreán 2022 nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

*Airteagal 3k*

1. Earraí lena bhféadfaí rannchuidiú le feabhas a chur ar acmhainneachtaí tionsclaíocha na Rúise go háirithe, arb earraí iad a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII, beidh toirmeasc ar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, go díreach nó go hindíreach, le haon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí agus an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1, agus a bhaineann le soláthar, monaraíocht agus cothabháil na n-earraí agus na teicneolaíochta sin, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis;

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí agus leis an teicneolaíocht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar chun na hearraí agus an teicneolaíocht sin a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht sa Rúis nó lena n-úsáid sa Rúis.

**▼ M20**

3. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXIII, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhiú, go dtí an 10 Iúil 2022, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 9 Aibreán 2022, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhiú.

3a. Maidir leis na hearraí a liostaítear faoi chóid AC 2701, 2702, 2703 agus 2704, mar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XXIII, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhiú, go dtí an 8 Eanáir 2023, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhiú.

3b. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XXIII, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2 maidir le forghníomhiú, go dtí an 16 Eanáir 2023, conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 17 Nollaig 2022, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhiú.

**▼ M24**

3c. Maidir leis na hearraí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXIII, ní bheidh feidhm ag na toirmisc a shonraítear i míreanna 1 agus 2 i ndáil leis an bhforghníomhú go dtí 27 Márta 2023 i gcás conarthaí a thugtar i gcrích roimh 26 Feabhra 2023, nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

Níl feidhm ag an bhforáil seo maidir le hearraí a thagann faoi chóid AC 7208 25, 7208 90, 7209 25, 7209 28, 7219 24 mar a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXIII, a bhfuil feidhm ag mír 3 maidir leo.

**▼ M13**

4. Na toirmisc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ní bheidh feidhm acu maidir le hearraí is gá chun críocha oifigiúla misin taidhleoireachta nó chonsalacha na mBallstát nó na dtíortha comhpháirtíochta sa Rúis nó chun críocha eagraíochtaí idirnáisiúnta a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, nó maidir le héifeachtaí pearsanta a bhfoirne.

**▼ M16**

5. Féadfaidh údarais inniúla na mBallstát údarú a thabhairt na hearraí agus an teicneolaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn XXIII a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, nó féadfaidh siad údarú a thabhairt cúnaimh teicniúil nó cúnaimh airgeadais lena mbaineann a sholáthar, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí nó leis an teicneolaíocht sin nó le soláthar cúnaimh teicniúil nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leo:

- (a) chun críocha leighis nó cógaisíochta, nó chun críoch daonnúil, amhail seachadadh cúnaimh a sholáthar nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó aistriú oibríthe daonnúla agus cúnaimh ghaolmhair nó le haghaidh aslonnaithe;
- (b) le haghaidh úsáid eisiach agus faoi rialú iomlán an Bhallstáit údaraithe agus chun a oibleagáidí cothabhála a chomhlíonadh i limistéir atá faoi chonradh léasa fhadtéarmaigh idir an Ballstát sin agus Cónaidhm na Rúise; nó

**▼ M17**

(c) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, soláthar ábhair réamhtheachtaigh chun radaiseatóip leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha.

**▼ M24**

5a. Féadfaidh údarais inniúla na mBallstát, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a thagann faoi chód AC 8417 20 a údarú, nó soláthar cúnaimh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leis na hearraí sin nó leis an gcúnaimh teicniúil nó airgeadais gaolmhar a sholáthar le haghaidh úsáid phearsanta tí daoine nádúrtha.



**▼ M24**

5b. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú na n-earraí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XXIII, nó cúnaimh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnaimh airgeadais a údarú, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil géarghá leis sin chun earraí tíotáiniam atá ag teastáil sa tionscal aerloingseoireachta a tháirgeadh, agus nach bhfuil aon soláthar malartach ar fáil ina leith.

6. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le hiarrataí ar údaruithe dá dtagraítear i míreanna 5, 5a agus 5b, ní dheonóidh na húdaráis inniúla údarú le haghaidh onnmhairí d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, ná le haghaidh a n-úsáide sa Rúis, má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhféadfadh úsáid deiridh mhíleata a bheith ag na hearraí.

**▼ M16**

7. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 5 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M13***Airteagal 3l*

1. Beidh toirmeasc ar aon ghnóthas iompair de bhóthar atá bunaithe sa Rúis earraí a iompar de bhóthar laistigh de chríoch an Aontais, lena n-áirítear faoi bhealach.

2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le gnóthais iompair de bhóthar a iompraíonn:

- (a) post mar sheirbhís uilíoch;
- (b) earraí faoi bhealach tríd an Aontas idir Kaliningrad Oblast agus an Rúis, ar choinníoll nach bhfuil toirmeasc ar na hearraí sin a iompar ar shlí eile faoin Rialachán seo.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 go dtí an 16 Aibreán 2022 maidir le hiompar earraí lenar cuireadh tús roimh an 9 Aibreán 2022 ar choinníoll maidir le feithicil an ghnóthais iompair de bhóthar:

- (a) go raibh sí i gcríoch an Aontais cheana féin ar an 9 Aibreán 2022, nó
- (b) nach mór di idirthuras tríd an Aontas chun filleadh ar an Rúis.

4. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit údarú a thabhairt go ndéanfaidh gnóthas iompair de bhóthar atá bunaithe sa Rúis earraí a iompar más rud é go gcinneann na húdaráis inniúla go bhfuil gá le hiompar den sórt sin le haghaidh na nithe seo a leanas:

**▼ M15**

- (a) mura dtoirmisctear sin faoi Airteagal 3m nó 3n, gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitriiliam scagtha, chomh maith le tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarainn, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas;

**▼ M13**

- (b) táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin gCinneadh seo, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar;

- (c) críocha daonnúla;

**▼ M15**

- (d) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta; nó

**▼ M13**

- (e) aistriú nó onnmhairiú chuig an Rúis earraí cultúrtha atá ar iasacht i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an Rúis.

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 4 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M15***Airteagal 3m*

1. Maidir le hamhola nó táirgí peitriiliam, mar a liostaítear in Iarscribhinn XXV, cuirfear toirmeasc ar iad a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise iad nó más ón Rúis a onnmhairítear iad.

2. Cuirfear toirmeasc ar chúnadh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnadh airgeadais, nó aon seirbhís eile a bhaineann leis an toirmeasc i mír 1, a sholáthar go díreach nó go hindíreach.

3. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 2:

- (a) go dtí an 5 Nollaig 2022, maidir le hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach, arna dtabhairt i gcrích agus arna bhforghníomhú roimh an dáta sin, nó maidir le tabhairt i gcrích conarthaí chun earraí a thagann faoi AC 2709 00 a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú arna dtabhairt i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur chuir na Ballstáit ábhartha fógra chuig an gCoimisiún faoi na conarthaí sin faoin 24 Meitheamh 2022 agus go dtabharfaidh na Ballstáit ábhartha fógra don Choimisiún faoi na hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach laistigh de 10 lá ón dtabhairt i gcrích;

▼ **M15**

- (b) go dtí an 5 Feabhra 2023, maidir le hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach, arna dtabhairt i gcrích agus arna bhforghníomhú roimh an dáta sin, nó maidir le tabhairt i gcrích conarthaí chun earraí a thagann faoi AC 2710 a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú arna dtabhairt i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, ar choinníoll gur chuir na Ballstáit ábhartha fógra chuig an gCoimisiún faoi na conarthaí sin an 24 Meitheamh 2022 agus go dtabharfaidh na Ballstáit ábhartha fógra don Choimisiún faoi na hidirbhearta aonuaire le haghaidh seachadadh gearrthéarmach laistigh de 10 lá óna dtabhairt i gcrích;
- (c) maidir le ceannach, allmhairiú nó aistriú amhola mhuirompartha agus táirgí peitriiliam a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, i gcás gur de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach úinéir na n-earraí sin;
- (d) maidir leis an amhola a thagann faoi AC 2709 00 agus a sheachadtar trí phíblíne ón Rúis isteach sna Ballstáit, go dtí go gcinneadh an Chomhairle go mbeidh feidhm ag na toirmisc atá i míreanna 1 agus 2.

4. Má chuirtear isteach ar an soláthar amhola trí phíblíne ón Rúis chuig Ballstát talamhiata ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an mBallstát sin orthu, féadfar amhola mhuirompartha ón Rúis a thagann faoi AC 2709 00 a allmhairiú isteach sa Bhallstát sin, mar mhaolú sealadach eisceachtúil ar mhíreanna 1 agus 2, go dtí go n-atosófar ar an soláthar nó go dtí go mbeidh feidhm ag an gcinneadh ón gComhairle dá dtagraítear i mír 3(d) maidir leis an mBallstát sin, cibé acu is túisce.

5. Amhail ón 5 Nollaig 2022, agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údarais inniúla na Bulgáire údarú a thabhairt, suas go dtí an 31 Nollaig 2024, d'fhorghníomhú conarthaí arna dtabhairt i gcrích roimh an 4 Meitheamh, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú, chun amhola mhuirompartha agus táirgí peitriiliam a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis, a thagann faoi AC 2709 00 a cheannach, a allmhairiú trí phíblíne nó a aistriú.

6. Amhail ón 5 Feabhra 2023, agus de mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh údarais inniúla na Cróite údarú a thabhairt go dtí 31 Nollaig 2023 chun ola fholúsgháis a thagann faoi AC 2710, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairítear ón Rúis, a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas araon:

- (a) nach bhfuil soláthar malartach ar fáil don ola fholúsgháis sin; agus
- (b) tá fógra tugtha ag an gCróit don Choimisiún, 2 sheachtain ar a laghad roimh an údarú, maidir leis na forais ar a measann sí gur cheart údarú sonrath a dheonú, agus ní dhearna an Coimisiún agóid laistigh den tréimhse sin.

**▼ M15**

7. Na hearraí a allmhairítear de réir maolú arna dheonú ag údarás inniúil faoi mhír 5 nó 6, ní dhíolfar ar aghaidh iad le ceannaitheoirí atá lonnaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír.

**▼ M20**

Ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, beidh toirmeasc ar tháirgí peitriiliam a thagann faoi AC 2710 a aistriú nó a iompar, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola a allmhairíodh ar bhonn maolú arna dheonú ag údarás inniúil na Bulgáire faoi mhír 5, chuig Ballstáit eile nó chuig tríú tíortha, nó táirgí peitriiliam den sórt sin a dhíol le ceannaitheoirí i mBallstáit eile nó i dtríú tíortha.

De mhaolú ar an toirmeasc a leagtar amach sa dara fomhír, féadfaidh údaráis inniúla na Bulgáire, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú táirgí peitriiliam áirithe chuig an Úcráin, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXI, a údarú, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola a allmhairíodh faoi mhír 5, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) go bhfuil na táirgí beartaithe lena n-úsáid go heisiach san Úcráin;
- (b) nach bhfuil an díol, an soláthar, an t-aistriú ná an t-onnmhairiú sin ceaptha dul timpeall ar na toirmisc sa dara fomhír.

De mhaolú ar an toirmeasc a leagtar amach sa dara fomhír, féadfaidh údaráis inniúla na Bulgáire, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad is iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú táirgí peitriiliam áirithe chuig aon tríú tír, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXII, a údarú, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola a allmhairítear faoi mhír 5, laistigh de na cuótaí maidir le méid onnmhairiúcháin a luaitear san Iarscríbhinn, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

- (a) nach féidir na táirgí a stóráil sa Bhulgáir i ngeall ar rioscaí comhshaoil agus sábháilteachta;
- (b) nach bhfuil an díol, an soláthar, an t-aistriú ná an t-onnmhairiú sin ceaptha dul timpeall ar na toirmisc sa dara fomhír.

Cuirfidh an Bhulgáir na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M15**

8. Cuirfear toirmeasc ar aistriú nó iompar amhola arna seachadta trí phíblíne isteach sna Ballstáit mar a thagraítear don mhéid sin i mír 3(d) chuig Ballstáit eile nó chuig tríú tíortha, nó ar a díol le ceannaitheoirí i mBallstáit eile nó i dtríú tíortha.

**▼ M15**

Déanfar na coinsíneachtaí agus na coimeádáin den amhola sin a mharcáil go soiléir mar “REBCO: onnmhairiú toirmisce”.

Amhail ón 5 Feabhra 2023, i gcás inar seachadadh amhola trí phíblíne isteach i mBallstát mar a thagraítear don mhéid sin i mír 3(d), beidh toirmeasc ar táirgí peitriiliam a thagann faoi AC 2710 arna bhfáil ón amhola sin a aistriú nó a iompar chuig Ballstáit eile nó chuig tríú tíortha, nó na táirgí peitriiliam sin a dhíol le ceannaitheoirí i mBallstáit eile nó i dtríú tíortha.

Mar mhaolú sealadach, beidh feidhm ag na toirmisc dá dtagraítear sa tríú fomhír amhail ón 5 Nollaig 2023 maidir le táirgí peitriiliam arna bhfáil as amhola arna seachadta trí phíblíne isteach i mBallstát eile mar a thagraítear don mhéid sin i mír 3(d) a allmhairiú nó a aistriú isteach sa tSeicia agus maidir lena ndíol le ceannaitheoirí sa tSeicia. Má chuirtear soláthairtí malartacha ar na táirgí peitriiliam sin ar fáil don tSeicia roimh an dáta sin, déanfaidh an Chomhairle an maolú sealadach sin a fhoirceannadh. Le linn na tréimhse go dtí an 5 Nollaig 2023, ní rachaidh méideanna na dtáirgí peitriiliam sin arna n-allmhairiú isteach sa tSeicia ó Bhallstáit eile thar na meánmhéideanna a allmhairíodh isteach sa tSeicia ó na Ballstáit eile sin thar an tréimhse chéanna sna 5 bliana roimhe sin.

**▼ M20**

Ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, de mhaolú ar na toirmisc dá dtagraítear sa tríú fomhír, féadfaidh údarais inniúla na hUngáire agus na Slóvaice, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú táirgí peitriiliam áirithe chuig an Úcráin, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXXI, a údarú, ar táirgí iad a fhaightear ó amhola a allmhairíodh faoi mhír 3(d), tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) go bhfuil na táirgí beartaithe lena n-úsáid go heisiach san Úcráin;

(b) nach bhfuil an díol, an soláthar, an t-aistriú ná an t-onnmhairiú sin ceaptha dul timpeall ar na toirmisc sa tríú fomhír.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin mír seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M15**

9. Ní bhainfidh na toirmisc i mír 1 le ceannacháin earraí sa Rúis atá liostaithe in Iarscríbhinn XXV, ar earraí iad a bhfuil gá leo chun freastal ar bhunriachtanais an cheannaitheora sa Rúis, nó ar bhunriachtanais tionscadal daonchairdiúil sa Rúis.

**▼ M15**

10. Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 8 Meitheamh 2022 agus gach trí mhí ina dhiaidh sin maidir leis na méideanna amhola a thagann faoi AC 2709 00 arna hallmhairiú trí phíblíne, mar a thagraítear don mhéid sin i mír 3(d). Déanfar figiúirí allmhairiúcháin den sórt sin a mhiondealú de réir na píblíne. I gcás ina mbeidh feidhm ag an maolú sealadach eisceachtúil dá dtagraítear i mír 4 maidir le Ballstát talamhiata, tabharfaidh an Ballstát sin tuairisc don Choimisiún gach 3 mhí maidir leis na méideanna amhola mhuiriompartha a thagann faoi AC 2709 00 a allmhairíonn sé ón Rúis, fad a bheidh feidhm ag an maolú sin.

Le linn na tréimhse go dtí an 5 Nollaig 2023, dá dtagraítear sa cheathrú fómhír de mhír 8, tabharfaidh na Ballstáit tuairisc don Choimisiún gach 3 mhí maidir leis na méideanna a onnmhairíonn siad go dtí an tSeicia de tháirgí peitriliam a thagann faoi AC 2710 agus a fhaightear ón amhola arna seachadta le píblíne, mar a thagraítear don mhéid sin i mír 3(d).

**▼ M20**

11. Cuirfidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí, laistigh de 2 sheachtain, údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad ina gcónaí, lonnaithe, bunaithe nó corpraithe ar an eolas faoi gach idirbheart chun comhdhlútháin gáis nádúrtha faoi fho-cheannteideal AC 2709 00 10 a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú isteach san Aontas ó ghléasraí táirgthe gáis nádúrtha leachtaithe, ar de thionscnamh na Rúise iad nó arna n-onnmhairiú ón Rúis. Aireofar sa tuairisciú faisnéis maidir le toirteanna.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis a fuarthas faoin bhfómhír roimhe seo ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

12. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas faoi mhír 11, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú na mbeart a bhaineann le comhdhlútháin gáis nádúrtha faoi fho-cheannteideal AC 2709 00 10 ó ghléasraí táirgthe gáis nádúrtha leachtaithe, ar de thionscnamh na Rúise iad arna n-onnmhairiú ón Rúis, tráth nach déanaí ná an 18 Meitheamh 2023.

**▼ M15**

*Airteagal 3n*

**▼ M18**

1. Cuirfear toirmeasc ar chúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnadh airgeadais, a bhaineann le hamhola nó táirgí peitriliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis, a thrádáil, bróicéireacht a dhéanamh ina leith nó a iompar chuig tríú tíortha, lena n-áirítear aistrithe ó long go long, a sholáthar go díreach nó go hindireach.

**▼ M17**

2. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le forghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú go dtí:

(a) an 5 Nollaig 2022, le haghaidh amhola a thagann faoi chód AC 2709 00;

(b) an 5 Feabhra 2023, le haghaidh táirgí peitriiliam a thagann faoi chód AC 2710.

3. An toirmeasc i mír 1, níl feidhm aige maidir le héilimh árachais a íoc tar éis an 5 Nollaig 2022, le haghaidh amhola a thagann faoi chód AC 2709 00, nó tar éis an 5 Feabhra 2023, le haghaidh táirgí peitriiliam a thagann faoi chód AC 2710, ar bhonn conarthaí árachais a tugadh i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022 agus ar choinníoll go bhfuil deireadh tagtha leis an gcumhdach árachais faoi na dátaí ábhartha.

**▼ M18**

4. Cuirfear toirmeasc ar thrádáil, bróicéireacht nó iompar, lena n-áirítear trí aistriú ó long go long, amhola a thagann faoi chód AC 2709 00 chuig tríú tíortha, ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, nó táirgí peitriiliam a thagann faoi chód AC 2710, ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV, ar de thionscnamh na Rúise iad nó ar onnmhairíodh ón Rúis iad.

5. Beidh feidhm ag an toirmeasc i mír 4 den Airteagal seo ó dháta theacht i bhfeidhm an chéad Chinneadh ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 4p(9) den Chinneadh sin, agus ón dáta sin ar aghaidh.

Ó dháta theacht i bhfeidhm gach Cinnidh ón gComhairle ina dhiaidh sin lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, agus ón dáta sin ar aghaidh, ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, ar feadh tréimhse 90 lá, maidir le hiompar táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XXV a ghabhann leis an Rialachán seo agus ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis, agus maidir le cúnaimh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leis an iompar a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil iompar nó soláthar cúnaimh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnaimh airgeadais a bhaineann leis an iompar bunaithe ar chonradh a tugadh i gcrích roimh dháta theacht i bhfeidhm gach Cinnidh ón gComhairle ina dhiaidh sin lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES; agus

(b) nár mhó an praghas ceannaigh in aghaidh an bhairille ná an praghas a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann leis an Rialachán seo ar an dáta a tugadh an conradh sin i gcrích.

**▼ M18**

6. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4:
- (a) ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, maidir le hamhola a thagann faoi chód AC 2709 00, agus ón 5 Feabhra 2023 ar aghaidh, maidir le táirgí peitriiliam a thagann faoi chód AC 2710, ar táirgí ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis, ar choinníoll nach mó praghas ceannaigh na dtáirgí sin in aghaidh an bhairille ná an praghas a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII;
  - (b) maidir le hamhola nó táirgí peitriiliam mar a liostaítear in Iarscríbhinn XXV i gcás gur de thionscnamh tríú tír na hearraí sin agus nach bhfuil siad ach á luchtú sa Rúis, ag imeacht ón Rúis nó ar idirthuras tríd an Rúis, ar choinníoll nach de thionscnamh na Rúise na hearraí sin agus nach Rúiseach é úinéir na n-earraí sin;
  - (c) maidir le hiompar, nó le cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta, maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann le hiompar den sórt sin, i gcás na dtáirgí a luaitear in Iarscríbhinn XXIX chuig na tríú tíortha a luaitear ann, don thréimhse atá sonraithe san Iarscríbhinn sin;
  - (d) ón 5 Nollaig 2022 ar aghaidh, maidir le hamhola a thagann faoi chód AC 2709 00, ar de thionscnamh na Rúise í nó a onnmhairíodh ón Rúis a ceannaíodh ag praghas atá os cionn an phraghais a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII agus a luchtáitear ar shoitheach ag an gcalafort luchtaithe roimh an 5 Nollaig 2022 agus a dhíluchtáitear ag an gcalafort cinn scríbe deiridh roimh an 19 Eanáir 2023;

**▼ M22**

- (e) ón 5 Feabhra 2023, maidir le táirgí peitriiliam a thagann faoi chód AC 2710, ar de thionscnamh na Rúise iad nó a onnmhairíodh ón Rúis agus a ceannaíodh ag praghas atá os cionn an phraghais ábhartha a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII, a luchtáitear ar shoitheach ag an gcalafort luchtaithe roimh an 5 Feabhra 2023 agus a dhíluchtáitear ag an gcalafort cinn scríbe deiridh roimh an 1 Aibreán 2023.

**▼ M18**

7. I gcás ina ndearna soitheach, tar éis theacht i bhfeidhm Cinnidh ón gComhairle lena leasaítear Iarscríbhinn XI a ghabhann le Cinneadh 2014/512/CBES, an amhola nó táirgí peitriiliam de chuid na Rúise dá dtagraítear i mír 4 a iompar, agus go raibh a fhios ag an oibreoir a bhí freagrach as an iompar gur ceannaíodh an amhola nó na táirgí peitriiliam sin ar phraghas atá os cionn an phraghais a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVIII a ghabhann leis an Rialachán seo ar an dáta a tugadh an conradh don cheannach sin i gcrích nó go raibh cúis réasúnach aige amhras a bheith air faoin méid sin, beidh toirmeasc ar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a sholáthar a bhaineann le hamhola nó le táirgí peitriiliam arna n-iompar ar an soitheach sin, ar amhola nó táirgí de thionscnamh na Rúise iad nó ar onnmhairíodh ón Rúis iad mar a thagraítear dóibh i mír 4 den Airteagal seo, go ceann 90 lá tar éis dháta díluchtaithe an lasta a ceannaíodh ar phraghas atá os cionn na caidhpe praghais.

**▼ M17**

8. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le soláthar seirbhísí polótacha is gá ar chúiseanna sábháilteachta muirí.

**▼ M18**

9. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i míreanna 1 agus 4 maidir le hiompar nó soláthar cúnaimh theicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó maoiniú nó cúnaimh airgeadais, a bhaineann leis an iompar is gá chun teagmhas ar dócha go mbeidh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol a chos nó a mhaolú go práinneach, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha, ar choinníoll go dtabharfar fógra don údarás inniúil náisiúnta láithreach a luaite a shainaitheofar an teagmhas.



**▼ M18**

10. Cuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún a chéile ar an eolas faoi chásanna a bhraitear ina ndearnadh sárú nó imchéimniú ar na toirmisc a leagtar amach san Airteagal seo.

Aon fhaisnéis a sholáthraítear nó a fhaightear i gcomhréir leis an Airteagal seo, úsáidfeadh í chun na gcríoch a soláthraíodh í nó a fuarthas í, lena n-áirítear éifeachtacht an bhirt a áirithiú.

**▼ M22**

11. Déanfar athbhreithniú ar fheidhmiú shásra na caidhpe praghais, lena n-áirítear Iarscríbhinn XXV111 mar aon leis na toirmisc i míreanna 1 agus 4 den Airteagal seo, faoi lár mhí an Mhárta 2023 agus gach 2 mhí ina dhiaidh sin.

Leis an athbhreithniú, cuirfeadh san áireamh éifeachtacht an bhirt i dtéarmaí na dtorthaí a meastar a bheidh aige, a chur chun feidhme, comhlíonadh idirnáisiúnta shásra na caidhpe praghais agus an t-ailíniú neamhfhoirmiúil leis, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an Aontas agus ar a Bhallstáit. Freagróidh sé ar fhorbairtí sa mhargadh, lena n-áirítear aon suaitheadh a d'fhéadfadh tarlú.

Chun cuspóirí na caidhpe praghais a bhaint amach, lena n-áirítear a cumas ioncam ola na Rúise a laghdú, beidh an chaidhpe praghais 5 % ar a laghad faoi bhun mheánphraghas an mhargaidh do tháirgí ola agus peitriam de chuid na Rúise, arna ríomh ar bhonn sonraí arna soláthar ag an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh.

**▼ M20**

12. Cuirfidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí, laistigh de 2 sheachtain, údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil siad ina gcónaí, lonnaithe, bunaithe nó corpraithe ar an eolas faoi gach idirbheart chun comhdhlútháin gáis nádúrtha faoi fho-cheannteideal AC 2709 00 10 a cheannach nó a aistriú isteach i dtríú tíortha ó ghléasraí táirgthe gáis nádúrtha leachtaithe, ar de thionscnamh na Rúise iad nó arna n-onnmhairiú ón Rúis. Áireofar sa tuairisciú faisnéis maidir le toirteanna.

Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis a fuarthas faoin bhfomhír roimhe seo ar fáil do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

13. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas faoi mhír 12, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú na mbeart a bhaineann le comhdhlútháin gáis nádúrtha faoi fho-cheannteideal AC 2709 00 10 ó ghléasraí táirgthe gáis nádúrtha leachtaithe, ar de thionscnamh na Rúise iad nó arna n-onnmhairiú ón Rúis, tráth nach déanaí ná an 18 Meitheamh 2023

**▼ M16***Airteagal 3o*

1. Beidh toirmeasc ar ór a liostaítear in Iarscríbhinn XXVI a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise é agus má onnmhairíodh ón Rúis é isteach san Aontas nó chuig aon tríú tír tar éis an 22 Iúil 2022.

**▼M16**

2. Beidh toirmeasc ar na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn XXVI a cheannach, a allmhairiú nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, nuair a phróiseáiltear iad i dtríú tír a ionchorpraíonn na táirgí a thoirmisctear i mír 1.

3. Beidh toirmeasc ar ór a liostaítear in Iarscríbhinn XXVII a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, go díreach nó go hindíreach, más de thionscnamh na Rúise é agus má onnmhairíodh ón Rúis é isteach san Aontas tar éis an 22 Iúil 2022.

4. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:

(a) cúnamh teicniúil, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 agus le soláthar, monaraíocht, cothabháil agus úsáid na n-earraí sin, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i míreanna 1, 2 agus 3.

(b) maoiniú nó cúnamh airgeadais a bhaineann leis na hearraí dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 a sholáthar chun na hearraí sin a cheannach, a allmhairiú, nó a aistriú, nó chun cúnamh teicniúil gaolmhar, seirbhísí bróicéireachta nó seirbhísí eile a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, i ndáil leis an toirmeasc i míreanna 1, 2 agus 3.

5. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i míreanna 1, 2 agus 3 maidir le hór atá ag teastáil chun críocha oifigiúla misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a bhfuil díolúintí acu i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

6. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 3 maidir le hearraí mar atá liostaithe in Iarscríbhinn XXVII le haghaidh úsáid phearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chuig an Aontas Eorpach nó ag baill dá neas-teaghlaigh a bheidh ag taisteal leo, atá faoi úinéireacht na ndaoine aonair sin agus nach bhfuil ceaptha le díol.

7. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh na húdaráis inniúla aistriú nó allmhairiú earraí cultúrtha atá ar iasacht chuig an Rúis a údarú i gcomhthéacs comhar cultúrtha foirmiúil leis an Rúis.

**▼B***Article 4*

1. It shall be prohibited:

(a) to provide, directly or indirectly, technical assistance related to the goods and technology listed in the Common Military List <sup>(1)</sup>, or related to the provision, manufacture, maintenance and use of goods included in that list, to any natural or legal person, entity or body in Russia or for use in Russia;

<sup>(1)</sup> Latest version published in OJ C 107, 9.4.2014, p. 1.

**▼ M1**

- (b) to provide, directly or indirectly, financing or financial assistance related to the goods and technology listed in the Common Military List, including in particular grants, loans and export credit insurance or guarantee, as well as insurance and reinsurance for any sale, supply, transfer or export of such items, or for any provision of related technical assistance, to any natural or legal person, entity or body in Russia or for use in Russia.

**▼ M13**

2. Beidh na toirmisc i mír 1 gan dochar don chúnamh maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) an t-allmhairiú, an ceannach nó an t-iompar a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) soláthar páirteanna spártha agus seirbhísí atá riachtanach do chothabháil agus do shábháilteacht na gcumas atá ann cheana laistigh den Aontas; nó (ii) forghníomhú conarthaí arna gcur i gcrích roimh an 1 Lúnasa 2014, nó conarthaí coimhdeacha atá riachtanach chun na conarthaí sin a fhorghníomhú; nó
- (b) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú páirteanna spártha agus seirbhísí atá riachtanach do chothabháil, do dheisiú agus do shábháilteacht na gcumas atá ann cheana laistigh den Aontas.

**▼ M3**

2a. The prohibitions in points (a) and (b) of paragraph 1 shall not apply to the provision, directly or indirectly, of technical assistance, financing or financial assistance, related to the following operations:

- (a) the sale, supply, transfer or export and to the import, purchase or transport of Hydrazine (CAS 302-01-2) in concentrations of 70 per cent or more, provided that that technical assistance, financing or financial assistance refers to an amount of Hydrazine calculated in accordance with the launch or launches or the satellites for which it is made, and which does not exceed a total quantity of 800 kg for each individual launch or satellite;
- (b) the import, purchase or transport of Unsymmetrical dimethyl hydrazine (CAS 57-14-7);
- (c) the sale, supply, transfer or export and to the import, purchase or transport of monomethyl hydrazine (CAS60-34-4), provided that that technical assistance, financing or financial assistance refers to an amount of Monomethyl Hydrazine calculated in accordance with the launch or launches or the satellites for which it is made,

insofar as the substances mentioned in points (a), (b) and (c) of this paragraph are destined for the use of launchers operated by European launch service providers, for the use of launches of European space programmes, or for the fuelling of satellites by European satellites manufacturers.

**▼ M4**

2aa. The prohibitions in points (a) and (b) of paragraph 1 shall not apply to the provision, directly or indirectly, of technical assistance, financing or financial assistance related to the sale, supply, transfer or export and the import, purchase or transport of hydrazine (CAS 302-01-2) in concentrations of 70 % or more, provided that that technical assistance, financing or financial assistance refers to hydrazine destined for:

- (a) the tests and flight of the ExoMars descent module in the framework of the ExoMars 2020 mission, in an amount calculated in accordance with the needs of each phase of that mission, which does not exceed a total of 5 000 kg for the entire duration of the mission; or
- (b) the flight of the ExoMars carrier module in the framework of the ExoMars 2020 mission, in an amount calculated in accordance with the needs of the flight, which does not exceed a total of 300 kg.

2b. The provision, directly or indirectly, of technical assistance, financing or financial assistance, related to the operations referred to in paragraphs 2a and 2aa shall be subject to prior authorisation by the competent authorities.

Applicants for authorisation shall supply the competent authorities with all relevant information required.

The competent authorities shall inform the Commission of all the authorisations granted.

**▼ M2**

3. The provision of the following shall be subject to an authorisation from the competent authority concerned:

- (a) technical assistance or brokering services related to items listed in Annex II and to the provision, manufacture, maintenance and use of those items, directly or indirectly, to any natural or legal person, entity or body in Russia, including its Exclusive Economic Zone and Continental Shelf or, if such assistance concerns items for use in Russia, including its Exclusive Economic Zone and Continental Shelf, to any person, entity or body in any other State;
- (b) financing or financial assistance related to items referred to in Annex II, including in particular grants, loans and export credit insurance, for any sale, supply, transfer or export of those items, or for any provision of related technical assistance, directly or indirectly, to any natural or legal person, entity or body in Russia, including its Exclusive Economic Zone and Continental Shelf or, if such assistance concerns items for use in Russia, including its Exclusive Economic Zone and Continental Shelf, to any person, entity or body in any other State.

▼ M2

In duly justified cases of emergency referred to in Article 3(5), the provision of services referred to in this paragraph may proceed without prior authorisation, on condition that the provider notifies the competent authority within five working days after the provision of services.

▼ C1

4. Where authorisations are requested pursuant to paragraph 3 of this Article, Article 3, and in particular paragraphs 2 and 5 thereof, shall apply *mutatis mutandis*.

▼ M7*Airteagal 5*

1. Urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid a bhfuil aibíocht is mó ná 90 lá acu nó a bhfuil aibíocht is lú ná 30 lá acu, toirmiscfear iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cúnamh a eisiúint ina leith, nó déileáil leo ar shlí eile, go díreach nó go hindíreach, arb urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid iad a eisíodh tar éis an 1 Lúnasa 2014 go dtí an 12 Meán Fómhair 2014 go dtí an 12 Aibreán 2022 nó aon urrús inaistrithe agus ionstraim margaidh airgid a eiseofar i ndiaidh an 12 Aibreán 2022, ar ceann díobh seo a leanas a eiseoidh iad:

- (a) mórinstiúid chreidmheasa, nó mórinstiúid eile a mbeidh sainordú sainráite aici iomaíochas gheilleagar na Rúise a chur chun cinn, infheistíocht a éagsúlú agus a spreagadh, ar mórinstiúid í arna bunú sa Rúis a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí nó faoi rialú poiblí ón 1 Lúnasa 2014, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III; nó
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn III; nó
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo nó atá liostaithe in Iarscríbhinn III.

2. Urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid a eiseofar tar éis an 12 Aibreán 2022, toirmiscfear iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cabhair a eisiúint ina leith, nó déileáil leo ar shlí eile, go díreach nó go hindíreach, ar ceann díobh seo a leanas a eiseoidh iad:

- (a) aon mhórinstiúid chreidmheasa, nó instiúid eile a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí nó rialú poiblí ón 26 Feabhra 2022, nó aon instiúid chreidmheasa eile a bhfuil ról suntasach aici maidir le tacú le gníomhaíochtaí na Rúise, a rialtas nó an Banc Ceannais agus atá bunaithe sa Rúis, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XII; nó

▼ M7

- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn XII; nó
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo.

3. Urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid, toirmiscfear iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cúnamh a eisiúint ina leith, nó déileáil leo ar shlí eile, go díreach nó go hindíreach, arb urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh a bhfuil aibíocht is mó ná 30 lá acu a eisíodh tar éis an 12 Meán Fómhair 2014 go dtí an 12 Aibreán 2022, nó aon urrúis inaistrithe agus ionstraim margaidh airgid a eiseofar i ndiaidh an 12 Aibreán 2022, ar ceann díobh seo a leanas a eiseoidh iad:

- (a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis agus a bhfuil baint aige le mórgníomhaíochtaí maidir le ceapadh, táirgeadh, díolacháin nó onnmhairiú trealaimh mhíleata nó seirbhísí míleata den chuid is mó, mar a liostaítear in Iarscríbhinn V, cé is moite de dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá gníomhach in earnáil an spáis nó in earnáil an fhuinnimh núicléach;
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí agus ar mó ná RUB 1 trilliún na sócmhainní iomlána a mheastar a bheith aici agus a dtionscnaíonn a ioncaim mheasta as 50 % ar a laghad ó amhola a dhíol nó a iompar nó ó tháirgí peitriiliam, mar a liostaítear in Iarscríbhinn VI;
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo; nó
- (d) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a), (b) nó (c) den mhír seo.

4. Urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid a eiseofar tar éis an 12 Aibreán 2022, toirmiscfear iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cabhair a eisiúint ina leith, nó déileáil leo ar shlí eile, go díreach nó go hindíreach, ar ceann díobh seo a leanas a eiseoidh iad:

- (a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí agus a bhfuil sé de cheart ag an Rúis, a Rialtas nó a Banc Ceannais páirt a ghlacadh i mbrabúis nó a bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch shubstantiúil eile, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIII, ag an Rúis, a Rialtas nó a Banc Ceannais; nó
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn XIII; nó
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo.

▼ **M20**

5. I gcás urrúis inaistrithe aon duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá bunaithe sa Rúis agus a bhfuil níos mó ná 50 % díobh faoi úinéireacht phoiblí, beidh toirmeasc ar iad a liostú agus seirbhísí a sholáthar dóibh, ón 12 Aibreán 2022, agus ar iad a ligean isteach chun a dtrádála ón 29 Eanáir 2023, ar ionaid trádála atá cláraithe nó aitheanta san Aontas.

▼ **M7**

6. Toirmiscefear aon socrú a dhéanamh, nó a bheith ina chuid de shocrú go díreach nó go neamhdhíreach maidir leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (i) iasachtaí nó creidmheas nua a bhfuil aibíocht is mó ná 30 lá a thabhairt d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i míreanna 1 nó 3, tar éis an 12 Meán Fómhair 2014 go dtí an 26 Feabhra 2022; nó
- (ii) iasachtaí nó creidmheas nua a thabhairt d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i míreanna 1, 2, 3 nó 4 tar éis an 26 Feabhra 2022.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) iasachtaí ná creidmheas a bhfuil cuspóir sonracha doiciméadaithe acu maoiniú a sholáthar d'allmhairiú nó onnmhairiú neamhthoirmisce earraí agus seirbhísí neamhairgeadais idir an tAontas agus aon tríú Stát, lena n-áirítear an caiteachas le haghaidh earraí agus seirbhísí ó thríú Stát eile is gá chun na conarthaí onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin a fhorghníomhú; nó
- (b) iasachtaí a bhfuil cuspóir sonracha doiciméadaithe acu cistiúchán éigeandála a chur ar fáil chun critéir sócmhainneachta agus leachtachta a chomhlíonadh maidir le daoine dlítheanacha atá bunaithe san Aontas, a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht aon eintitis dá dtagraítear in Iarscríbhinn III.

7. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 6 maidir le híostarraingtí ná eisíocaíochtaí arna ndéanamh faoi chonradh arna thabhairt i gcrích roimh an 26 Feabhra 2022, ar choinníoll na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta:

- (a) maidir le téarmaí agus coinníollacha uile na n-íostarraingtí nó na n-eisíocaíochtaí sin:
  - (i) comhaontaíodh iad roimh an 26 Feabhra 2022; agus
  - (ii) níor modhnaíodh iad ar an dáta sin nó dá éis; agus
- (b) socraíodh dáta aibíochta conarthaí roimh an 26 Feabhra 2022 chun na cistí uile a cuireadh ar fáil a aisíoc ina n-iomláine agus chun na gealltanais, na cearta agus na hoibleagáidí uile faoin gconradh a chealú; agus
- (c) tráth a tugadh an conradh i gcrích, ní raibh sé ag sárú na dtoirmeasc ar an Rialachán seo a bhí i bhfeidhm an tráth sin.

I dtéarmaí agus coinníollacha na n-íostarraingtí agus na n-eisíocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) áirítear forálacha a bhaineann le fad na tréimhse aisíocaíochta le haghaidh gach íostarraingthe nó eisíocaíochta, an ráta úis arna chur i bhfeidhm nó modh ríofa an ráta úis, agus an t-uasmhéid.

▼ M6▼ C2*Airteagal 5a*

1. Urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid a eiseofar tar éis an 9 Márta 2022 toirmeascfar iad a cheannach, a dhíol, seirbhísí infheistíochta a sholáthar dóibh nó cabhair a eisiúint ina leith, nó déileáil leo ar shlí eile, go díreach nó go hindireach, ar ceann díobh seo a leanas a eiseoidh iad:

- (a) An Rúis agus a rialtas; nó
- (b) Banc Ceannais na Rúise; nó
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir an eintitis dá dtagraítear i bpointe (b).

2. Toirmeascfar aon iasacht nó creidmheas nua a dhéanamh, nó páirt a ghlacadh in aon socrú iasacht nó creidmheas nua a dhéanamh, go díreach nó go neamhdhíreach, le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1 i ndiaidh an 23 Feabhra 2022.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc maidir le hiasachtaí ná creidmheas a bhfuil cuspóir sonracha doiciméadaithe acu maoiniú a sholáthar d'allmhairiú nó onnmhairiú neamhthoirmiscthe earraí agus seirbhísí neamhairgeadais idir an tAontas agus aon tríú Stát, lena n-áirítear an caiteachas le haghaidh earraí agus seirbhísí ó thríú Stát eile is gá chun na conarthaí onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin a fhorghníomhú.

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 2 maidir le híostarraingtí ná eisíocaíochtaí arna ndéanamh faoi chonradh arna thabhairt i gcrích roimh an 23 Feabhra 2022 ar choinníoll na coinníollacha seo a leanas a bheith comhlíonta:

- (a) maidir le téarmaí agus coinníollacha uile na n-íostarraingtí nó na n-eisíocaíochtaí sin:
  - (i) comhaontaíodh iad roimh an 23 Feabhra 2022; agus
  - (ii) níor modhnaíodh iad ar an dáta sin nó dá éis; agus
- (b) socraíodh dáta aibíochta conarthaí roimh an 23 Feabhra 2022 chun na cistí uile a cuireadh ar fáil a aisíoc ina n-iomláine agus chun na gealltanais, na cearta agus na hoibleagáidí uile faoin gconradh a chealú.

I dtéarmaí agus coinníollacha na n-íostarraingtí agus na n-eisíocaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) áirítear forálacha a bhaineann le fad na tréimhse aisíocaíochta le haghaidh gach íostarraingthe nó eisíocaíochta, an ráta úis arna chur i bhfeidhm nó modh ríofa an ráta úis, agus an t-uasmhéid.

▼ M11

4. Toirmeascfar idirbhearta a bhaineann le bainistiú cúlchistí mar aon le sócmhainní de chuid Bhanc Ceannais na Rúise, lena n-áirítear idirbhearta le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann Bhanc Ceannais na Rúise nó faoina threoir, amháil Ciste Rachmais Náisiúnta na Rúise.

▼ M8

5. De mhaolú ar mhír 4, féadfaidh na húdaráis inniúla idirbheart a údarú ar choinníoll go bhfuil sin fíor-riachtanach chun cobhsaíocht airgeadais an Aontais ina iomláine nó an Bhallstáit lena mbaineann a áirithiú.



**▼M8**

6. An Ballstát lena mbaineann, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon rún atá aige údarú a dheonú faoi mhír 5.

**▼M12***Airteagal 5aa*

1. Toirmeascfar dul i mbun idirbheartaíochta, go díreach nó go hindíreach, in aon idirbheart le:

- (a) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis, atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht phoiblí nó a bhfuil sé de cheart ag an Rúis, ag a Rialtas nó ag a Banc Ceannais a bheith rannpháirteach i mbrabúis nó lena bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch shubstaintiúil eile, mar a liostaítear in Iarscríbhinn XIX, ag an Rúis, a Rialtas nó a Banc Ceannais;
- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn XIX; nó
- (c) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo.

**▼M17**

1a. Beidh toirmeasc amhail ón 22 Deireadh Fómhair 2022 ar aon phost a shealbhú i gcomhlachtaí rialaithe aon duine dhlítheanaigh, aon eintitis nó aon chomhlachta dá dtagraítear i mír 1.

**▼M20**

1b. Ón 16 Eanáir 2023 ar aghaidh, beidh toirmeasc ar aon phost a shealbhú i gcomhlachtaí rialaithe iad seo a leanas:

- (a) duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá bunaithe sa Rúis, atá faoi rialú poiblí nó a bhfuil níos mó ná 50 % di faoi úinéireacht phoiblí, agus a bhfuil sé de cheart ag an Rúis, a Rialtas nó a Banc Ceannais páirt a ghlacadh ina bhrabúis nó a bhfuil gaolmhaireachtaí eacnamaíocha substaintiúla eile ag an Rúis, ag a Rialtas nó ag a Banc Ceannais ann;
- (b) duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá bunaithe sa Rúis a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo; nó
- (c) duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá bunaithe sa Rúis agus atá ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir eintitis dá dtagraítear i bpointe (a) nó pointe (b) den mhír seo.

Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sin maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1, a bhfuil feidhm ag mír 1a maidir leis.

1c. De mhaolú ar mhír 1b, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go sealbhófaí poist i gcomhlacht rialaithe duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i mír 1b, tar éis dóibh an méid seo a leanas a chinneadh maidir leis an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht sin:

**▼ M20**

- (a) is comhfhiontar nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil é lena mbaineann duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1b agus a tugadh i gcrích ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá corpraithe nó comhdéanta faoi dhlí Ballstáit roimh 17 Nollaig 2022, nó
- (b) is duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht é dá dtagraítear i mír 1b a bunaíodh sa Rúis roimh an 17 Nollaig 2022 agus atá faoi úinéireacht duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta, nó á rialú go haonarach nó go comhpháirteach aige, atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit.

1d. De mhaolú ar mhír 1b, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go sealbhófaí post i gcomhlacht rialaithe duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i mír 1b, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil sealbhú an phoist sin riachtanach chun soláthar fuinnimh criticiúil a áirithiú.

1e. De mhaolú ar mhír 1b, féadfaidh na húdaráis inniúla a údarú go sealbhófaí post i gcomhlacht rialaithe duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i mír 1b, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil baint ag an duine dlítheanach, an t-eintiteas nó an comhlacht le hola a aistriú tríd an Rúis ar ola de thionscnamh tríú tír é agus go bhfuil sé i gceist acu i bpost den sórt sin oibríochtaí a dhéanamh nach bhfuil toirmeasc orthu faoi Airteagail 3m agus 3n.

**▼ M17**

2. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir le forghníomhú go dtí an 15 Bealtaine 2022 conarthaí a tugadh i gcrích le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XIX roimh an 16 Márta 2022 nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

2a. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XIX íocaíochtaí dlíthe a ghlacadh de bhun conarthaí a comhlíonadh roimh an 15 Bealtaine 2022.

2b. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le forghníomhú go dtí an 8 Eanáir 2023 conarthaí a tugadh i gcrích le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XIX roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022 nó conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

2c. An toirmeasc i mír 1, ní bheidh feidhm aige maidir leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i gCuid B d'Iarscríbhinn XIX íocaíochtaí dlíthe a ghlacadh de bhun conarthaí a comhlíonadh roimh an 8 Eanáir 2023.

**▼ M20**

2d. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le forghníomhiú, go dtí an 18 Márta 2023, conarthaí arna dtabhairt i gcrích le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i gCuid C d'Iarscríbhinn XIX roimh an 17 Nollaig 2022, nó conarthaí coimhdeacha a bhfuil gá leo chun na conarthaí sin a fhorghníomhiú.

**▼ M20**

2e. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis na daoine dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i gCuid C íocaíochtaí dlite a ghlacadh de bhun conarthaí arna gcomhlíonadh roimh an 18 Márta 2023.

**▼ M12**

3. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

**▼ M16**

(a) mura dtoirmeascstar sin faoi Airteagal 3m nó Airteagal 3n, idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun gás nádúrtha, tíotáiniam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarann a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, ón Rúis nó tríd an Rúis isteach san Aontas, i mBallstát den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, san Eilvéis, nó sna Balcáin Thiar;

(aa) mura dtoirmeascstar sin faoi Airteagal 3m nó Airteagal 3n, idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun ola, lena n-áirítear táirgí peitriiliam scagtha, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar, go díreach nó go hindíreach, ón Rúis nó tríd an Rúis;

**▼ M12**

(b) idirbhearta a bhaineann le tionscadail fhuinnimh lasmuigh den Rúis ina bhfuil duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn XIX ina mion-scairshealbhóir;

**▼ M13**

(c) idirbhearta chun gual agus breoslaí iontaise soladacha eile a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas, mar a liostaítear iad in Iarscríbhinn XXII go dtí an 10 Lúnasa 2022;

**▼ M24**

(d) idirbhearta, lena n-áirítear díolacháin, a bhfuil géarghá leo chun comhfhiontar nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil a tugadh i gcrích roimh an 16 Márta 2022 a fhoirceannadh roimh an 31 Nollaig 2023, a bhaineann le duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i mír 1;

**▼ M15**

(e) idirbhearta a bhaineann le soláthar seirbhísí cumarsáide leictreonaí, seirbhísí lárionaid sonraí, agus soláthar seirbhísí agus trealamh is gá chun iad a oibriú, a chothabháil, a shlándáil, lena n-áirítear ballaí dóiteáin, agus ionaid glaonna a sholáthar, do dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá liostaithe in Iarscríbhinn XIX;

**▼ M16**

(f) idirbhearta is gá chun táirgí cógaisíochta, leighis, talmhaíochta agus bia, lena n-áirítear cruithneacht agus leasacháin a gceadaítear a n-allmhairiú, a gceannach agus a n-iompar faoin Rialachán seo, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar;

**▼ M16**

- (g) idirbhearta a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát agus má tá idirbhearta den sórt sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014;

**▼ M24**

- (h) seirbhísí píolótacha a sholáthar do shoithí faoi ghluaiseacht neamhurchóideach mar a shainmhínítear sa dlí idirnáisiúnta, ar seirbhísí iad is gá ar chúiseanna sábháilteachta muirí.

3a. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi na coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, idirbhearta a údarú a bhfuil géarghá leo do dhífheistiú agus aistarraingt, ag na heintitis dá dtagraítear i mír 1 nó óna bhfochuideachtaí san Aontas, ó dhuine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe san Aontas, faoin 31 Nollaig 2023.

**▼ M17**

4. De mhaolú ar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> agus in Airteagal 21(3) de Threoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, tarraingítear siar aitheantas an Aontais do Chlár Loingseoireachta Muirí na Rúise faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 agus Treoir (AE) 2016/1629.

**▼ M20**

5. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1c, 1d, 1e agus 3a laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M13***Article 5b***▼ M16**

1. Beidh toirmeasc ar aon taise a ghlacadh ó náisiúnaigh de chuid na Rúise nó daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis, daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag náisiúnaigh de chuid na Rúise nó ag daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis, más mó ná EUR 100 000 luach iomlán thaiscí an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta sin in aghaidh na hinstitiúide creidmheasa.

<sup>(1)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge (IO L 131, 28.5.2009, lch. 11).

<sup>(2)</sup> Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

▼ **M17**

2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí tiachóige criptea-shócmhainní, seirbhísí cuntais nó seirbhísí cumhdaigh a sholáthar do náisiúnaigh Rúiseacha nó do dhaoine nádúrtha atá ina gcónaí sa Rúis, nó do dhaoine dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

▼ **M13**

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le náisiúnaigh Ballstáit, le náisiúnaigh tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ná le náisiúnaigh na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

▼ **M16**▼ **M15***Airteagal 5c*

1. De mhaolú ar Airteagail 5b(1) agus (2), féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt go nglacfar le héarlais nó le soláthar tiachóige, le seirbhís cuntais nó le seirbhís cumhdaigh den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh, maidir le héarlais nó le soláthar tiachóige, le seirbhís cuntais nó le seirbhís cumhdaigh den sórt sin:

- (a) go bhfuil gá leo chun bunriachtanais daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5b(1) agus a mball teaghlaigh cleithiúnach a chomhlíonadh, lena n-áirítear íocaíochtaí as bia, cíos nó morgáiste, cógais agus cóir leighis, cánacha, préimheanna árachais agus muirir fóntais phoiblí;
- (b) go bhfuil siad ceaptha chun táillí gairmiúla réasúnta a íoc nó costais arna dtabhú a aisíoc, ar costais iad a bhaineann le soláthar seirbhísí dlí, agus chuige sin amháin;
- (c) go bhfuil siad ceaptha go heisiach chun táillí nó muirir sheirbhíse a íoc as cistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite a choinneáil nó a choinneáil ar bun ar bhonn rialta;
- (d) go bhfuil gá leo i gcás costais urghnácha, ar choinníoll go bhfuil fógra tugtha, 2 sheachtain ar a laghad roimh an údarú, ag an údarás inniúil ábhartha d'údarás inniúla na mBallstát eile agus don Chomisiún faoi na forais ar a meastar gur cheart údarú sonrath a dheonú;
- (e) go bhfuil gá leo chun críoch oifigiúil misin taidhleoireachta nó poist chonsalaigh nó eagraíochta idirnáisiúnta; nó

▼ **M16**

(f) is gá le haghaidh trádáil trasteorann neamhthoirmisce earraí agus seirbhísí idir an tAontas agus an Rúis.

**▼ M15**

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 1, pointí (a), (b), (c) nó (e), laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

**▼ M7***Airteagal 5d***▼ M13**

1. De mhaolú ar Airteagail 5b(1) agus (2), féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt go nglacfar le héarlais nó le soláthar tiachóige, le seirbhís cuntais nó le seirbhís cumhdaigh den sórt sin, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh, maidir le héarlais nó le soláthar tiachóige, le seirbhís cuntais nó le seirbhís cumhdaigh den sórt sin a ghlacadh:

**▼ M7**

(a) go bhfuil gá léi chun críoch daonchairdiúla, amhail seachadadh cúnaimh a sheachadadh nó a éascú, lena n-áirítear soláthairtí liachta, bia, nó aistriú oibríthe daonchairdiúla agus cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnaithe; nó

(b) go bhfuil gá léi le haghaidh gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta, gníomhaíochtaí a chuireann an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta chun cinn ar bhonn díreach sa Rúis.

2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 1 laistigh de dhá sheachtain ón údarú.

*Airteagal 5e*

1. Beidh toirmeasc ar thaisclanna lárnacha urrús an Aontais Eorpaigh aon seirbhís a sholáthar mar a shainmhínítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 i gcás urrús inaistrithe a eisítear tar éis an 12 Aibreán 2022 d'aon náisiúnach Rúiseach nó d'aon duine nádúrtha Rúiseach atá ina chónaí sa Rúis nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

**▼ M16**

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Ballstáit, náisiúnaigh tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná náisiúnaigh de chuid na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

**▼ M7***Airteagal 5f***▼ M13**

1. Maidir le hurrúis inaistrithe a ainmnítear in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit agus a eiseofar tar éis an 12 Aibreán 2022 nó aonaid i ngnóthais chomhinfheistíochta a chuireann neamhchosaint ar na hurrúis sin ar fáil, beidh toirmeasc ar iad a dhíol le haon náisiúnach Rúiseach nó le haon duine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis nó le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

▼ **M15**

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Ballstáit, le náisiúnaigh tíre sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná le náisiúnaigh na hEilvéise, ná le daoine nádúrtha ag a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis.

▼ **M7***Airteagal 5g*

1. Gan dochar do na rialacha infheidhme a bhaineann le tuairisciú, rúndacht ghairmiúil, déanfaidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí an méid seo a leanas:

- (a) liosta taiscí is mó ná EUR 100 000 atá i seilbh náisiúnach Rúiseach nó daoine nádúrtha atá ina gcónaí sa Rúis nó daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis a sholáthar d'údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad suite nó don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 27 Bealtaine 2022. Déanfaidh siad nuashonruithe maidir le méideanna na dtaiscí sin a sholáthar gach 12 mhí.

▼ **M20**

- (aa) i gcás taiscí is mó ná EUR 100 000 arna sealbhú ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe lasmuigh den Aontas agus a bhfuil na cearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach 50 % nó níos mó ag náisiúnaigh de chuid na Rúise nó ag daoine dlítheanacha atá ina gcónaí sa Rúis, liosta de na taiscí sin a sholáthar d'údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad lonnaithe nó don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 27 Bealtaine 2023. Tabharfaidh siad nuashonruithe maidir le méideanna na dtaiscí sin gach 12 mhí.

▼ **M7**

- (b) faisnéis a sholáthar d'údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil siad lonnaithe maidir le taiscí is mó ná EUR 100 000 atá i seilbh náisiúnach Rúiseach nó daoine nádúrtha atá ina gcónaí sa Rúis a bhfuil saoránacht Ballstáit nó cearta cónaithe i mBallstát faighte acu trí scéim saoránachta d'infheisteoirí nó trí scéim chónaithe infheisteoirí.

▼ **M15***Article 5h*

1. Cuirfear toirmeasc ar sheirbhísí speisialaithe teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar, a úsáidtear chun sonraí airgeadais a mhalartú, do na daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear in Iarscríbhinn XIV nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis agus a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn XIV.

2. Maidir le gach duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a liostaítear in Iarscríbhinn XIV, beidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 amhail ón dáta a luaitear dó san Iarscríbhinn sin. Beidh feidhm ag an toirmeasc amhail ón dáta céanna maidir le haon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht arna bhunú sa Rúis agus a bhfuil níos mó ná 50% dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn XIV.

▼ **M13***Article 5i*

1. Nótaí baine a ainmnítear in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit, beidh toirmeasc ar iad a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú chuig an Rúis nó chuig aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht sa Rúis, lena n-áirítear chuig rialtas agus chuig Banc Ceannais na Rúise, nó lena n-úsáid sa Rúis.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir le nótaí baine a ainmnítear in aon airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit den Aontais a dhíol, a sholáthar, a aistriú nó a onnmhairiú, ar choinníoll go bhfuil gá leis an díol, an soláthar, an aistriú nó an onnmhairiú sin le haghaidh an mhéid seo a leanas:

- (a) úsáid phearsanta ag daoine nádúrtha atá ag taisteal chun na Rúise nó daoine dá neasteaghlach atá ag taisteal ina dteannta; nó
- (b) cuspóirí oifigiúla misean taidhleoireachta, post consalach nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

▼ **M12***Airteagal 5j*▼ **M16**

1. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí rátála creidmheasa a sholáthar d'aon náisiúnach de chuid na Rúise nó d'aon duine nádúrtha atá ina chónaí sa Rúis nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

▼ **M12**

2. Toirmeascfar an méid seo a leanas ón 15 Aibreán 2022 rochtain ar aon seirbhís sintiúis i ndáil le gníomhaíochtaí rátála creidmheasa a thabhairt d'aon náisiúnach Rúiseach nó d'aon duine nádúrtha atá ina chónaí sa Rúis nó d'aon duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis.

3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le náisiúnaigh de Bhallstát ná le daoine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan acu i mBallstát.

▼ **M13***Airteagal 5k*▼ **M16**

1. Maidir le haon chonradh poiblí nó aon chonradh lamháltais a thagann faoi raon feidhme na dTreo-racha um sholáthar poiblí, mar aon le hAirteagal 10,(1), (3), (6) pointí (a) go (e), (8), (9) agus (10), Airteagail 11, 12, 13 agus 14 de Threoir 2014/23/AE, Airteagal 7, pointí (a) go (d), agus Airteagal 8, Airteagal 10 pointí (b) go (f) agus (h) go (j) de Threoir 2014/24/AE, Airteagal 18, Airteagal 21 pointí (b) go (e) agus (g) go (i), Airteagail 29 agus 30 de Threoir 2014/25/AE agus Airteagal 13 pointí (a) go (d), (f) go (h) agus (j) de Threoir 2009/81/CE, agus Teideal VII de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, beidh toirmeasc ar a fhorghníomhú a dhámhachtain nó ar leanúint de i gcomhair na ndaoine seo a leanas nó in éineacht leo:

- (a) náisiúnach de chuid na Rúise nó duine nádúrtha atá ina chónaí sa Rúis, nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis;



**▼ M16**

- (b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo; nó
- (c) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó ar stiúradh eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo,

lena n-áirítear fochonraitheoirí, soláthróirí nó eintitis a bhfuiltear ag brath ar a n-acmhainneachtaí de réir bhrí na dTreoracha um sholáthar poiblí, i gcás inar mó iad ná 10 % de luach an chonartha.

**▼ M13**

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a thabhairt conarthaí a dhámhachtain agus iad a fhorghníomhú go leanúnach, ar conarthaí iad a bheartaítear le haghaidh nithe seo a leanas:

- (a) oibriú, cothabháil, díchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, teicneolaíocht atá rithábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;
- (b) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis;
- (c) soláthar earraí nó seirbhísí a bhfuil géarghá leo nach féidir iad a chur ar fáil, nó nach féidir ach cainníochtaí leordhóthanacha díobh a chur ar fáil, ach leis na daoine dá dtagraítear i mír 1;
- (d) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;

**▼ M15**

- (e) mura gcuirtear toirmeasc sin faoi Airteagal 3m nó 3n, gás nádúrtha agus ola, lena n-áirítear táirgí peitriúil scagtha, chomh maith le tiotániam, alúmanam, copar, nicil, pallaidiam agus amhiarainn, a cheannach, a allmhairiú nó a iompar ón Rúis, nó tríthi, isteach san Aontas; nó

**▼ M13**

- (f) gual agus breoslaí iontaise soladacha eile a liostaítear in Iarscríbhinn XXII a cheannach, a allmhairiú nó a iompar isteach san Aontas go dtí an 10 Lúnasa 2022.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoin Airteagal seo laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

4. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 go dtí an 10 Deireadh Fómhair 2022 maidir le forghníomhú na gconarthaí a tugadh i gcrích roimh an 9 Aibreán 2022.

▼ **M13***Airteagal 5l*

1. Beidh toirmeasc ar thacaíocht a sholáthar go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear maoiniú agus cúnaimh airgeadais nó aon sochar eile faoi chláir agus faoi chonarthaí náisiúnta an Aontais, Euratom nó na mBallstáit de réir bhí Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 <sup>(1)</sup>, d'aon duine dlítheanach, d'eintiteas nó do chomhlacht atá bunaithe sa Rúis a bhfuil níos mó ná 50% de faoi úinéireacht phoiblí.
2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:
  - (a) críocha daonnúla, éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach suntasach aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha;
  - (b) cláir fiteashláintíochta agus tréidliachta;
  - (c) comhar idir-rialtasach i gcláir spáis agus faoi Chomhaontú an Imoibreora Thrialaigh Theirmeanúicléach Idirnáisiúnta;
  - (d) oibriú, cothabháil, díchoimisiúnú agus bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, teicneolaíocht atá rithábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, chomh maith le comhar núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha;
  - (e) malartuithe soghluaisteachta le haghaidh daoine aonair agus teagmhálacha duine le duine;
  - (f) cláir comhshaoil agus aeráide, cé is moite de thacaíocht i gcomhthéacs an taighde agus na nuálaíochta;
  - (g) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

▼ **M15***Airteagal 5m*

1. Cuirfear toirmeasc ar iontaobhas nó ar aon socrú dlí comhchosúil a chláir, nó oifig chláraithe, seoladh gnó nó seoladh riaracháin chomh maith le seirbhísí bainistíochta a sholáthar dó, arb iontaobhas nó ar socrú dlí é ag a bhfuil mar shocraitheoir nó mar thairbhí:
  - (a) náisiúnaigh Rúiseacha nó daoine nádúrtha a chónaíonn sa Rúis;
  - (b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis;

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

**▼ M15**

- (c) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil níos mó ná 50 % dá gcearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag duine nádúrtha nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b);
- (d) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna rialú ag duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c);
- (e) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó faoi stiúir duine nádúrtha nó dlítheanaigh, eintitis nó comhlachta dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) nó (d).

2. Cuirfead toirmeasc amhail ón 5 Iúil 2022 ar ghníomhú, nó socrú a dhéanamh chun go mbeadh duine eile ag gníomhú, mar iontaobhaí, mar scairshealbhóir ainmnitheach, mar stiúrthóir, mar rúnaí nó i bpost comhchosúil, i gcomhair iontaobhais nó comhshocrú dlíthiúil comhchosúil dá dtagraítear i mír 1.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 agus 2 maidir leis na hoibríochtaí atá fíor-riachtanach maidir le foirceannadh conarthaí, faoin 5 Iúil 2022, nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo a tugadh chun críche roimh an 9 Aibreán 2022 nó conarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.

**▼ M17**

4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 i gcás inar náisiúnach Ballstáit, náisiúnach tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó náisiúnach na hEilvéise é an socraitheoir nó an tairbhí, ná i gcás inar duine nádúrtha a bhfuil cead cónaithe sealadach nó buan aige i mBallstáit, i dtír is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó san Eilvéis é an socraitheoir nó an tairbhí.

**▼ M15**

5. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi cibé coinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, leanúint de na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2 tar éis an 5 Iúil 2022, in ionad:

- (a) oibríochtaí a chur i gcrích faoin 5 Meán Fómhair 2022 atá fíor-riachtanach maidir le foirceannadh conarthaí dá dtagraítear i mír 3, ar choinníoll go ndearnadh na hoibríochtaí sin a thionscnamh roimh an 11 Bealtaine 2022; nó
- (b) ar chúiseanna eile, ar choinníoll nach nglacann na soláthróirí seirbhíse le haon chistí nó acmhainní eacnamaíocha ó na daoine dá dtagraítear i mír 1, ná nach gcuireann siad aon chistí nó acmhainní eacnamaíocha ar fáil dóibh, go díreach ná go hindíreach, ná aon tairbhe as sócmhainní arna gcur in iontaobhas a chur ar fáil do na daoine.

6. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear sna míreanna sin a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo le haghaidh na nithe seo a leanas:

- (a) críocha daonnúla, amhail cúnaimh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibríthe daonnúla a aistriú nó cúnaimh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe;

▼ **M15**

- (b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Rúis; nó
- (c) feidhmiú iontaobhas arb é is cuspóir acu scéimeanna pinsin ceirde, polasaithe árachais, nó scéim scaireanna d'fhostaithe, carthanachtaí, clubanna spóirt amaitéaracha agus cistí le haghaidh mionaoiseach nó le haghaidh aosaigh leochaileacha a riar.

7. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú arna dheonú faoi mhír 5 nó 6 laistigh de 2 sheachtain ón údarú sin.

▼ **M20***Airteagal 5n*

1. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí cuntasáíochta, iniúchóireachta, lena n-áirítear seirbhísí iniúchóireachta reachtúla, seirbhísí leabharchoimeáda nó seirbhísí comhairliúcháin cánach, nó seirbhísí comhairliúcháin gnó agus bainistíochta nó seirbhísí caidrimh phoiblí a sholáthar, go díreach nó go hindíreach, dóibh seo a leanas:

- (a) Rialtas na Rúise; nó
- (b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

2. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí ailtireachta agus innealtóireachta, seirbhísí comhairleacha dlí agus seirbhísí comhairliúcháin TF a sholáthar go díreach nó go hindíreach dóibh seo a leanas:

- (a) Rialtas na Rúise; nó
- (b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis

2a. Beidh toirmeasc ar sheirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna, seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse agus seirbhísí fógraíochta a sholáthar dóibh seo a leanas:

- (a) Rialtas na Rúise; nó
- (b) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun conarthaí nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoirceannadh, faoin 5 Iúil 2022, ar conarthaí iad a tugadh i gcrích roimh an 4 Meitheamh 2022, nó chun conarthaí coimhdeacha a fhoirceannadh is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhiú.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun conarthaí nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo a fhoirceannadh, faoin 8 Eanáir 2023, ar conarthaí iad a tugadh i gcrích roimh an 7 Deireadh Fómhair 2022, nó chun conarthaí coimhdeacha a fhoirceannadh is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhiú.

▼ **M20**

4a. Ní bheidh feidhm ag mír 2a maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun conarthaí a fhoirceannadh faoin 16 Eanáir 2023, ar conarthaí iad nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a tugadh i gcrích roimh an 17 Nollaig 2022 nó chun conarthaí coimhdeacha a fhoirceannadh is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ná ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun an ceart chun cosanta in imeachtaí breithiúnacha a fheidhmiú ná an ceart chun leigheas éifeachtach dlí a fháil.

6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le soláthar seirbhísí a bhfuil géarghá leo chun rochtain ar imeachtaí breithiúnacha, riaracháin nó eadrána i mBallstát a áirithiú, agus chun aitheantas nó forfheidhmiú a dhéanamh maidir le breithiúnas nó dámhachtain eadrána arna soláthar i mBallstát, ar choinníoll go bhfuil an soláthar seirbhísí sin comhsheasmhach le cuspóirí an Rialacháin seo agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

7. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1, 2 ná 2a maidir le soláthar seirbhísí atá beartaíthe lena n-úsáid go heisiach ag daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis atá faoi úinéireacht nó faoi rialú iomlán nó comhpháirteach duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá corpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, faoi dhlí tíre is comhalta den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, faoi dhlí na hEilvéise nó faoi dhlí tíre is comhpháirtí a liostaítear in Iarscríbhinn VIII.

8. Ní bheidh feidhm ag mír 2 ná ag mír 2a maidir le soláthar seirbhísí is gá le haghaidh éigeandálaí sláinte poiblí, chun teagmhas a chosc nó a mhaolú go práinneach, teagmhais ar dócha go mbeadh tionchar tromchúiseach mór aige ar shláinte agus ar shábháilteacht an duine nó ar an gcomhshaol, nó mar fhreagairt ar thubaistí nádúrtha.

9. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le soláthar seirbhísí is gá i gcás nuashonruithe bogearraí chun úsáid neamh-mhíleata agus le haghaidh úsáideoir neamh-mhíleata, seirbhísí a cheadaítear le hAirteagail 2(3)(d) agus 2a(3)(d) i ndáil le hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn VII.

10. De mhaolú ar mhíreanna 1, 2 agus 2a, féadfaidh na húdaráis inniúla na seirbhísí dá dtagraítear iontu a údarú, faoi cibé coinníollacha a mheasfaidh siad a bheith iomchuí, tar éis dóibh a chinneadh go bhfuil gá leo chun na gríoch seo a leanas:

- (a) críocha daonnúla, amhail cúnamh a sheachadadh nó an seachadadh sin a éascú, lena n-áirítear soláthairtí leighis, bia, nó oibríthe daonnúla a aistriú nó cúnamh gaolmhar nó le haghaidh aslonnuithe;
- (b) gníomhaíochtaí na sochaí sibhialta a chuireann chun cinn go díreach an daonlathas, cearta an duine nó an smacht reachta sa Rúis;
- (c) feidhmiú ionadaíochtaí taidhleoireachta agus consalacha an Aontais agus na mBallstát nó tíortha is comhpháirtithe sa Rúis, lena n-áirítear toscaireachtaí, ambasáidí agus misin, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta sa Rúis a thairbhíonn de dhíolúintí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta;
- (d) soláthar criticiúil fuinnimh laistigh den Aontas a áirithiú mar aon le ceannach, allmhairiú nó iompar tíotáiniam, alúmanam, copair, nicile, pallaidiam agus amhiarainn isteach san Aontas;

▼ **M20**

- (e) oibriú leanúnach bonneagar, crua-earraí agus bogearraí a áirithiú, rud atá criticiúil le haghaidh shláinte agus shábháilteacht an duine, nó sábháilteacht an chomhshaoil;
- (f) bunú, oibriú, cothabháil, soláthar breosla agus athchóireáil agus sábháilteacht cumas núicléach sibhialta, agus leanúint den dearadh, den tógáil agus den choimisiúnú is gá chun saoráidí sibhialta núicléacha a chríochnú chomh maith le soláthar ábhar réamhtheachtach chun radaiseatóp leighis agus feidhmeanna leighis comhchosúla a tháirgeadh, nó teicneolaíocht atá ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht chomhshaoil, agus le haghaidh an chomhair núicléach sibhialta, go háirithe i réimse an taighde agus na forbartha; nó
- (g) soláthar seirbhísí leictreonacha cumarsáide a dhéanann oibreoírí teileachumarsáide de chuid an Aontais, soláthar seirbhísí is gá le haghaidh oibriú, cothabháil agus slándáil, lena n-áirítear cibearshlándáil, seirbhísí cumarsáide sa Rúis, san Úcráin, san Aontas, idir an Rúis agus an tAontas agus idir an Úcráin agus an tAontas agus le haghaidh seirbhísí ionaid sonraí san Aontas.

11. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 10 laistigh de 2 sheachtain ón údarú.

▼ **M24***Airteagal 5o*

1. Beidh toirmeasc amhail ón 27 Márta 2023 ar chead a thabhairt do náisiúnaigh na Rúise nó daoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu sa Rúis post a shealbhú i gcomhlachtaí rialála úinéirí nó oibreoírí bonneagar criticiúil, bonneagar criticiúil Eorpach agus eintiteas criticiúil.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le náisiúnaigh Bhallstáit, náisiúnaigh tíre is ball den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná náisiúnaigh na hEilvéise.

*Airteagal 5p*

1. Beidh toirmeasc ar thoilleadh stórála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír (1), pointe 28, de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> a sholáthar i saoráid stórála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, mír 9, de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>, cé is moite den chuid sin de na saoráidí gáis nádúrtha leachtaithe a úsáidtear le haghaidh stórála, dóibh siúd a leanas:

- (a) náisiúnach de chuid na Rúise nó duine nádúrtha atá ina chónaí sa Rúis, nó duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá bunaithe sa Rúis;

<sup>(1)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtain ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36).

<sup>(2)</sup> Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhriallacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94).

**▼ M24**

(b) duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach ag duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo; nó

(c) duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú thar ceann nó faoi threoir duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) den mhír seo.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le hoibríochtaí a bhfuil géargá leo chun conarthaí a fhoirceannadh faoin 27 Márta 2023 i gcás conarthaí nach bhfuil i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a tugadh i gcrích roimh an 26 Feabhra 2023 nó i gcás conarthaí coimhdeacha is gá chun na conarthaí sin a fhorghníomhú.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na húdaráis inniúla, faoi na coin-níollacha a mheasann siad a bheith iomchuí, soláthar toillte stórála dá dtagraítear i mír 1 a údarú tar éis dóibh a chinneadh gur gá sin chun an soláthar criticiúil fuinnimh a áirithiú laistigh den Aontas.

4. Cuirfidh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhír 3 laistigh de choicís ón údarú.

**▼ M7***Airteagal 6*

1. Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit a chéile ar an eolas faoi na bearta a dhéantar faoin Rialachán seo agus roinnfidh siad aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh i ndáil leis an Rialachán seo, go háirithe faisnéis faoin méid seo a leanas:

(a) mi ndáil le húdaruithe a dheonaítear faoin Rialachán seo;

(b) mi ndáil le faisnéis a fuarthas faoi Airteagal 5g;

(c) mi ndáil le sárú agus fadhbanna forfheidhmiúcháin agus breithiúnais arna dtabhairt ag cúirteanna náisiúnta;

**▼ M13**

(d) nuair a bhraitear teagmhais ina ndéantar na toirmisc a leagtar amach sa Rialachán seo a shárú, teagmhais ina dtagtar timpeall orthu, agus teagmhais ina ndéantar iarracht iad a shárú nó teacht timpeall orthu, trí chriptea-shócmhainní a úsáid.

**▼ M7**

2. Cuirfidh na Ballstáit a chéile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon fhaisnéis ábhartha eile atá ar fáil dóibh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur chun feidhme éifeachtach an Rialachán seo.

3. Ní bhainfear úsáid as aon fhaisnéis a sholáthrófar ná a gheofar i gcomhréir leis an Airteagal seo ach amháin chun na gcríoch dár soláthraíodh nó dá bhfuarthas an fhaisnéis sin, lena n-áirítear éifeachtacht na mbeart a leagtar amach sa Rialachán seo a áirithiú.

**▼ M7***Airteagal 7*

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún Iarscríbhinní I agus IX a leasú ar bhonn faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit.

**▼ M17***Airteagal 7a*

Déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas a leasú:

- (a) Iarscríbhinn XXVIII i gcomhréir leis na cinntí ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES chun na phraghasanna arna gcomhaontú ag an ► **C8** g Comhghuaillíocht Caidhpeanna Praghais ◀ a thabhairt cothrom le dáta; agus
- (b) Iarscríbhinn XXIX, i gcomhréir leis na cinntí ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES chun liosta na dtionscadal fuinnimh díolmhaithe a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn critéir incháilitheachta oibiachtúla arna gcomhaontú ag an ► **C8** g Comhghuaillíocht Caidhpeanna Praghais ◀.

**▼ B***Article 8***▼ M15**

1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann le pionóis, lena n-áirítear de réir mar is iomchuí pionóis choiriúla, is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Ní mór na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Déanfaidh na Ballstáit foráil freisin maidir le bearta iomchuí chun fáltais sáruithe den sórt sin a choigistiú.

**▼ B**

2. Member States shall notify the rules referred to in paragraph 1 to the Commission without delay after the entry into force of this Regulation and shall notify it of any subsequent amendment.

*Article 9*

1. Member States shall designate the competent authorities referred to in this Regulation and identify them on the websites listed in Annex I. Member States shall notify the Commission of any changes in the addresses of their websites listed in Annex I.

2. Member States shall notify the Commission of their competent authorities, including the contact details of those competent authorities, without delay after the entry into force of this Regulation, and shall notify it of any subsequent amendment.

3. Where this Regulation sets out a requirement to notify, inform or otherwise communicate with the Commission, the address and other contact details to be used for such communication shall be those indicated in Annex I.



**▼ B***Article 10*

Actions by natural or legal persons, entities or bodies shall not give rise to liability of any kind on their part, if they did not know, and had no reasonable cause to suspect, that their actions would infringe the measures set out in this Regulation.

**▼ M7***Article 11*

1. Ní shásófar aon éileamh i ndáil le haon chonradh ná idirbheart a ndearnadh dochar dá bhfeidhmiú, go díreach ná go hindíreach, go hiomlán ná i bpáirt, leis na bearta a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, lena n-áirítear éilimh ar shlánaíocht nó aon éileamh eile den sórt sin, amhail éileamh ar chúiteamh nó éileamh faoi réir ráthaíochta, go háirithe éileamh ar shíneadh a chur le banna nó le ráthaíocht nó le slánaíocht nó iad a íoc, go háirithe ráthaíocht airgeadais nó slánaíocht airgeadais, i cibé foirm, más rud é go ndéanfaidh ceann de na páirtithe seo a leanas an t-éileamh:

**▼ M13**

(a) daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo nó daoine dlítheanacha nó eintitis dhlíthiúla nó comhlachtaí atá bunaithe lasmuigh den Aontas a bhfuil níos mó ná 50 % dá chearta dílseánaigh faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach acu féin;

**▼ M7**

(b) aon Rúiseach, eintiteas Rúiseach nó comhlacht Rúiseach eile;

(c) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá ag gníomhú trí bhithin nó thar ceann duine de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, nó ceann amháin de na heintitis nó na comhlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b) den mhír seo.

2. In aon imeacht chun éileamh a fhorfheidhmiú, is faoin duine atá ag iarraidh an t-éileamh sin a fhorfheidhmiú, a bheidh sé a chruthú nach dtoirmeasctar an t-éileamh a shásamh le mír 1.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar don cheart atá ag na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 chun athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí conarthacha i gcomhréir leis an Rialachán seo.

**▼ M12***Airteagal 12*

Toirmiscfear a bheith rannpháirteach, go feasach agus d'aon ghnó, i ngníomhaíochtaí arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh dul timpeall ar thoirmisc sa Rialachán seo.

**▼ M7***Airteagal 12a*

1. Próiseálfaidh an Coimisiún sonraí pearsanta chun a chúraimí faoin Rialachán seo a chur i gcrích. Áirítear ar na cúraimí sin láimhseáil faisnéise faoi thaiscí agus faisnéis faoi údaruithe arna ndeonú ag na húdaráis inniúla.

▼ **M7**

2. Chun críocha an Rialacháin seo, ainmnítear seirbhís an Choimisiúin a liostaítear in Iarscríbhinn I mar “rialaitheoir” don Choimisiún de réir bhrí Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2018/1725 <sup>(1)</sup> maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála is gá chun na cúraimí dá dtagraítear i mír 1 a chur i grích.

▼ **M16**

3. Déanfaidh údarais inniúla na mBallstát, lena n-áirítear údarais forfheidhmiúcháin agus riarthóirí na gclár oifigiúil ina bhfuil daoine nádúrtha, daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí mar aon le maoin dhochorraithe nó maoin shochorraithe cláraithe, faisnéis lena n-áirítear sonraí pearsanta a phróiseáil agus a mhalartú le húdarais inniúla eile de chuid na mBallstát agus leis an gCoimisiún Eorpach.

4. Ní dhéanfar aon phróiseáil ar shonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2016/679 <sup>(2)</sup> agus (AE) 2018/1725 <sup>(3)</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ach amháin a mhéid is gá chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus chun comhar éifeachtach a áirithiú idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach chomh maith maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

▼ **M20***Airteagal 12b*

1. De mhaolú ar Airteagail 2, 2a, 3, 3b, 3c, 3f, 3h agus 3k, féadfaidh na húdarais inniúla díolachán, soláthar nó aistriú earraí agus teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní II, VII, X, XI, XVI, XVIII, XX agus XXIII, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 a údarú go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, i gcás ina bhfuil géarghá leis an díolachán, leis an soláthar nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá na hearraí agus na teicneolaíochtaí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá inchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, go hiomlán nó go compháirteach; agus

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

**▼ M20**

- (b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go mbeadh na hearraí beartaithe le haghaidh úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Rúis; agus
- (c) bhí na hearraí agus na teicneolaíochtaí lena mbaineann lonnaithe go fisiceach sa Rúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagail 2, 2a, 3, 3b, 3c, 3f, 3h nó 3k i bhfeidhm i leith na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí sin.

2. De mhaolú ar Airteagail 3g agus 3i, féadfaidh na húdaráis inniúla allmhairiú nó aistriú earraí a liostaítear in Iarscríbhinní XVII agus XXI a údarú go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, i gcás ina bhfuil géarghá leis an allmhairiú nó leis an aistriú sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá na hearraí faoi úinéireacht náisiúnaigh Ballstáit nó duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá ionchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit nó faoi úinéireacht daoine dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí atá bunaithe sa Rúis agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta atá inchorpraithe nó comhdhéanta faoi dhlí Ballstáit, go hiomlán nó go comhphárteach; agus
- (b) bhí na hearraí lena mbaineann lonnaithe go fisiceach sa Rúis sular tháinig na toirmisc ábhartha in Airteagail 3g agus 3i i bhfeidhm i leith na n-earraí sin.

**▼ M24**

2a. De mhaolú ar Airteagal 5n, féadfaidh na húdaráis inniúla leanúint soláthar seirbhísí a liostaítear san Airteagal sin go dtí an 31 Nollaig 2023 a údarú, i gcás ina bhfuil géarghá leis an soláthar seirbhísí sin le haghaidh an dífheistithe ón Rúis nó chun gníomhaíochtaí gnó sa Rúis a fhoirceannadh ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) soláthraítear na seirbhísí sin do dhaoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a eascraíonn ón dífheistiú sin agus dá dtairbhe amháin; agus
- (b) níl aon fhoras réasúnta ag na húdaráis inniúla a dhéanann cinneadh maidir le hiarrataí ar údaruithe chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go soláthrófaí na seirbhísí go díreach nó go hindíreach do Rialtas na Rúise nó d'úsáideoir deiridh míleata nó le haghaidh úsáid deiridh mhíleata sa Rúis.

3. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas faoi aon údarú a dheonaítear faoi mhíreanna 1, 2 nó 2a laistigh de choicis ón údarú.

**▼ M20**

4. Na húdaruithe uile dá dtagraítear i mír 1 i leith na n-earraí agus na dteicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn VII agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, eiseofar iad trí mheán leictreonach, i ngach cás inar féidir, ar fhoirmeacha ar a bhfuil eilimintí uile shamhail C a leagtar amach in Iarscríbhinn IX ar a laghad agus san ord dá bhforáiltear inti.

▼ **M20***Airteagal 12c*

1. Malartóidh na húdaráis inniúla faisnéis leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún maidir le húdaruithe a dheonaítear de bhun mhír 1 d’Airteagal 12b i ndáil leis na hearraí agus na teicneolaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn VII agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821. Déanfar faisnéis a mhalartú trí úsáid a bhaint as an gcóras leictreonach dá bhforáiltear de bhun Airteagal 23(6) de Rialachán (AE) 2021/821.
2. Faisnéis a fhaightear mar thoradh ar an Airteagal seo a chur chun feidhme, ní úsáidfeair í ach chun na críche ar ina leith a iarradh í, lena n-áirítear na malartuithe a luaitear i mír 4 d’Airteagal 2d.
3. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún cosaint na faisnéise rúnda sin arna fáil de thoradh an Airteagal seo a chur i bhfeidhm i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta faoi seach.
4. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún nach ndéanfar an fhaisnéis rúnaicmithe a chuirtear ar fáil nó a mhalartaítear faoin Airteagal seo a íosghrádú nó a scaoileadh ón rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir.

▼ **M24***Airteagal 12d*

Ní bheidh feidhm ag na toirmisc ar sholáthar cúnaimh theicniúil a leagtar síos sa Rialachán seo maidir le seirbhísí píolótacha a sholáthar do shoihtí faoi ghluaiseacht neamhurchóideach mar a shainmhínítear sa dlí idirnáisiúnta, seirbhísí is gá ar chúiseanna sábháilteachta muirí.

*Airteagal 12e*

1. Chun críocha na dtoirmeasc ar earraí a allmhairiú dá bhforáiltear sa Rialachán seo, féadfaidh na húdaráis chustaim earraí atá san Aontas go fisiceach a scaoileadh, mar a fhoráiltear dó in Airteagal 5, pointe (26) de Chód Custaim an Aontais <sup>(1)</sup>, ar choinníoll gur cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim iad i gcomhréir le hAirteagal 134 de Chód Custaim an Aontais roimh theacht i bhfeidhm nó dháta cur i bhfeidhm na dtoirmeasc allmhairiúcháin faoi seach, cibé acu is déanaí.
2. Ceadófar gach céim nós imeachta is gá do scaoileadh na n-earraí ábhartha, dá dtagraítear i míreanna 1 agus 5, de bhun Chód Custaim an Aontais.
3. Ní cheadóidh na húdaráis chustaim scaoileadh na n-earraí má tá forais réasúnta acu a bheith in amhras go bhfuil seachaint i gceist agus ní údaróidh siad ath-onnmhairiú na n-earraí chuig an Rúis.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

**▼M24**

4. Beidh fócaíochtaí i ndáil leis na hearraí sin comhsheasmhach le forálacha agus cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe an toirmeasc ar cheannach agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

5. Maidir le hearraí atá san Aontas go fisiceach agus a cuireadh faoi bhráid na n-údarás custaim roimh an 26 Feabhra 2023 agus a stopadh le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, féadfaidh na húdaráis chustaim iad a scaoileadh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1, 2, 3 agus 4.

**▼B***Article 13*

This Regulation shall apply:

- (a) within the territory of the Union;
- (b) on board any aircraft or any vessel under the jurisdiction of a Member State;
- (c) to any person inside or outside the territory of the Union who is a national of a Member State;
- (d) to any legal person, entity or body, inside or outside the territory of the Union, which is incorporated or constituted under the law of a Member State;
- (e) to any legal person, entity or body in respect of any business done in whole or in part within the Union.

*Article 14*

This Regulation shall enter into force on the day following that of its publication in the *Official Journal of the European Union*.

This Regulation shall be binding in its entirety and directly applicable in all Member States.

▼ **M14***IARSCRÍBHINN I*

AN BHEILG

[https://diplomatie.belgium.be/en/policy/policy\\_areas/peace\\_and\\_security/sanctions](https://diplomatie.belgium.be/en/policy/policy_areas/peace_and_security/sanctions)

AN BHULGÁIR

<https://www.mfa.bg/en/EU-sanctions>

AN tSEICIA

[www.financnianalytickyrad.cz/mezinarodni-sankce.html](http://www.financnianalytickyrad.cz/mezinarodni-sankce.html)

AN DANMHAIRG

<http://um.dk/da/Udenrigspolitik/folkeretten/sanktioner/>

AN GHEARMÁIN

<https://www.bmwi.de/Redaktion/DE/Artikel/Aussenwirtschaft/embargos-aussenwirtschaftsrecht.html>

AN EASTÓIN

<https://vm.ee/et/rahvusvahelised-sanktsioonid>

ÉIRE

<https://www.dfa.ie/our-role/policies/ireland-in-the-eu/eu-restrictive-measures/>

AN GHRÉIG

<http://www.mfa.gr/en/foreign-policy/global-issues/international-sanctions.html>

AN SPÁINN

<https://www.exteriores.gob.es/es/PoliticaExterior/Paginas/SancionesInternacionales.aspx>

AN FHRAINIC

<http://www.diplomatie.gouv.fr/fr/autorites-sanctions/>

AN CHRÓIT

<https://mvep.gov.hr/vanjska-politika/medjunarodne-mjere-ogranicavanja/22955>

AN IODÁIL

[https://www.esteri.it/it/politica-estera-e-cooperazione-allo-sviluppo/politica\\_europea/misure\\_deroghe/](https://www.esteri.it/it/politica-estera-e-cooperazione-allo-sviluppo/politica_europea/misure_deroghe/)

AN CHIPIR

<https://mfa.gov.cy/themes/>

AN LAITVIA

<http://www.mfa.gov.lv/en/security/4539>

AN LIOTUÁIN

<http://www.urm.lt/sanctions>

▼ **M14**

## LUCSAMBURG

<https://maee.gouvernement.lu/fr/directions-du-ministere/affaires-europeennes/organisations-economiques-int/mesures-restrictives.html>

## AN UNGÁIR

<https://kormany.hu/kulgaszdasagi-es-kulugyminiszterium/ensz-eu-szankcios-tajekoztato>

## MÁLTA

<https://foreignandeu.gov.mt/en/Government/SMB/Pages/SMB-Home.aspx>

## AN ÍSILTÍR

<https://www.rijksoverheid.nl/onderwerpen/internationale-sancties>

## AN OSTAIR

<https://www.bmeia.gv.at/themen/aussenpolitik/europa/eu-sanktionen-nationale-behoerden/>

## AN PHOLAINN

<https://www.gov.pl/web/dyplomacja/sankcje-miedzynarodowe>

<https://www.gov.pl/web/diplomacy/international-sanctions>

## AN PHORTAINGÉIL

<https://www.portaldiplomatico.mne.gov.pt/politica-externa/medidas-restritivas>

## AN RÓMÁIN

<http://www.mae.ro/node/1548>

## AN tSLÓIVÉIN

[http://www.mzz.gov.si/si/omejevalni\\_ukrepi](http://www.mzz.gov.si/si/omejevalni_ukrepi)

## AN tSLÓVAIC

[https://www.mzv.sk/europske\\_zalezitosti/europske\\_politiky-sankcie\\_eu](https://www.mzv.sk/europske_zalezitosti/europske_politiky-sankcie_eu)

## AN FHIONLAINN

<https://um.fi/pakotteet>

## AN tSUALAINN

<https://www.regeringen.se/sanktioner>

Seoladh chun fógraí a chur chuig an gCoimisiún Eorpach:

An Coimisiún Eorpach

An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margáí Caipitil (AS FISMA)

Rue de Spa/Spastraat 2

1049 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË

R-phost: [relex-sanctions@ec.europa.eu](mailto:relex-sanctions@ec.europa.eu)

▼B

## ANNEX II

▼M2

## List of items referred to in Article 3

▼B

CN code	Description
7304 11 00	Line pipe of a kind used for oil or gas pipelines, seamless, of stainless steel
7304 19 10	Line pipe of a kind used for oil or gas pipelines, seamless, of iron or steel, of an external diameter not exceeding 168,3 mm (excl. products of stainless steel or of cast iron)
7304 19 30	Line pipe of a kind used for oil or gas pipelines, seamless, of iron or steel, of an external diameter exceeding 168,3 mm but not exceeding 406,4 mm (excl. products of stainless steel or of cast iron)
7304 19 90	Line pipe of a kind used for oil or gas pipelines, seamless, of iron or steel, of an external diameter exceeding 406,4 mm (excl. products of stainless steel or of cast iron)
7304 22 00	Drill pipe, seamless, of stainless steel, of a kind used in drilling for oil or gas
7304 23 00	Drill pipe, seamless, of a kind used in drilling for oil or gas, of iron or steel (excl. products of stainless steel or of cast iron)
7304 29 10	Casing and tubing of a kind used for drilling for oil or gas, seamless, of iron or steel, of an external diameter not exceeding 168,3 mm (excl. products of cast iron)
7304 29 30	Casing and tubing of a kind used for drilling for oil or gas, seamless, of iron or steel, of an external diameter exceeding 168,3 mm, but not exceeding 406,4 mm (excl. products of cast iron)
7304 29 90	Casing and tubing of a kind used for drilling for oil or gas, seamless, of iron or steel, of an external diameter exceeding 406,4 mm (excl. products of cast iron)
7305 11 00	Line pipe of a kind used for oil or gas pipelines, having circular cross-sections and an external diameter of exceeding 406,4 mm, of iron or steel, longitudinally submerged arc welded
7305 12 00	Line pipe of a kind used for oil or gas pipelines, having circular cross-sections and an external diameter of exceeding 406,4 mm, of iron or steel, longitudinally arc welded (excl. products longitudinally submerged arc welded)
7305 19 00	Line pipe of a kind used for oil or gas pipelines, having circular cross-sections and an external diameter of exceeding 406,4 mm, of flat-rolled products of iron or steel (excl. products longitudinally arc welded)
7305 20 00	Casing of a kind used in drilling for oil or gas, having circular cross-sections and an external diameter of exceeding 406,4 mm, of flat-rolled products of iron or steel
7306 11	Line pipe of a kind used for oil or gas pipelines, welded, of flat-rolled products of stainless steel, of an external diameter of not exceeding 406,4 mm
7306 19	Line pipe of a kind used for oil or gas pipelines, welded, of flat-rolled products of iron or steel, of an external diameter of not exceeding 406,4 mm (excl. products of stainless steel or of cast iron)
7306 21 00	Casing and tubing of a kind used in drilling for oil or gas, welded, of flat-rolled products of stainless steel, of an external diameter of not exceeding 406,4 mm



**▼B**

CN code	Description
7306 29 00	Casing and tubing of a kind used in drilling for oil or gas, welded, of flat-rolled products of iron or steel, of an external diameter of not exceeding 406,4 mm (excl. products of stainless steel or of cast iron)
8207 13 00	Rock-drilling or earth-boring tools, interchangeable, with working parts of sintered metal carbides or cermets
8207 19 10	Rock-drilling or earth-boring tools, interchangeable, with working parts of diamond or agglomerated diamond

**▼M2**

ex 8413 50	Reciprocating positive displacement pumps for liquids, power-driven with a maximum flow-rate greater than 18 m <sup>3</sup> /hour and a maximum outlet pressure greater than 40 bar, specially designed to pump drilling muds and/or cement into oil wells
ex 8413 60	Rotary positive displacement pumps for liquids, power-driven with a maximum flow-rate greater than 18 m <sup>3</sup> /hour and a maximum outlet pressure greater than 40 bar, specially designed to pump drilling muds and/or cement into oil wells

**▼B**

8413 82 00	Liquid elevators (excl. pumps)
8413 92 00	Parts of liquid elevators, n.e.s.
8430 49 00	Boring or sinking machinery for boring earth or extracting minerals or ores, not self-propelled and not hydraulic (excl. tunnelling machinery and hand-operated tools)

**▼M2**

ex 8431 39 00	Parts suitable for use solely or principally with the oil field machinery of heading 8428
ex 8431 43 00	Parts suitable for use solely or principally with the oil field machinery of subheadings 8430 41 or 8430 49
ex 8431 49	Parts suitable for use solely or principally with the oil field machinery of heading 8426, 8429 and 8430

**▼B**

8705 20 00	Mobile drilling derricks
8905 20 00	Floating or submersible drilling or production platforms
8905 90 10	Sea-going light vessels, fire-floats, floating cranes and other vessels, the navigability of which is subsidiary to their main function (excl. dredgers, floating or submersible drilling or production platforms; fishing vessels and warships)

▼ M7

*IARSCRÍBHINN III*

**Liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a)**

▼ B

1. SBERBANK
2. VTB BANK
3. GAZPROMBANK
4. VNESHECONOMBANK (VEB)
5. ROSSELKHOZBANK

▼ **M24***IARSCRÍBHINN IV***Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí, dá dtagraítear in Airteagail 2(7), 2a(7) agus Airteagal 2b(1)**

1. JSC Sirius
2. OJSC Stankoinstrument
3. OAO JSC Chemcomposite
4. JSC Kalashnikov
5. JSC Tula Arms Plant
6. NPK Technologii Maschinostrojenija
7. OAO Wysokototschnye Kompleksi
8. OAO Almaz Antey
9. OAO NPO Bazalt
10. Admiralty Shipyard JSC
11. Aleksandrov Scientific Research Technological Institute NITI
12. Argut OOO
13. Ionad cumarsáide na hAireachta Cosanta
14. Federal Research Center Boreskov Institute of Catalysis
15. Federal State Budgetary Enterprise of the Administration of the President of Russia
16. Federal State Budgetary Enterprise Special Flight Unit Rossiya of the Administration of the President of Russia
17. Federal State Unitary Enterprise Dukhov Automatics Research Institute (VNIIA)
18. An tSeirbhís um Fhaisnéis Eachtrach (SVR)
19. Forensic Center of Nizhniy Novgorod Region Main Directorate of the Ministry of Interior Affairs
20. International Center for Quantum Optics and Quantum Technologies (the Russian Quantum Center)
21. Irkut Corporation
22. Irkut Research and Production Corporation, Cuideachta Comhstoic Phoiblí
23. Scientific Research Institute of Computing Machinery, Cuideachta Comhstoic
24. JSC Central Research Institute of Machine Building (JSC TsNIIMash)
25. JSC Kazan Helicopter Plant Repair Service

**▼ M24**

26. JSC Shipyard Zaliv (Clós longthógála Zaliv)
27. JSC Rocket and Space Centre – Progress
28. Kamensk-Uralsky Metallurgical Works J.S. Co.
29. Kazan Helicopter Plant, Cuideachta Comhstoic Phoiblí
30. Komsomolsk-na-Amur Aviation Production Organization (KNAAPO)
31. Aireacht Cosanta Chónaidhm na Rúise
32. Institiúid Fisice agus Teicneolaíochta Mhoscó
33. NPO High Precision Systems JSC
34. NPO Splav JSC
35. OPK Oboronprom
36. PJSC Beriev Aircraft Company
37. PJSC Irkut Corporation
38. PJSC Kazan Helicopters
39. POLYUS Research Institute of M.F. Stelmakh Joint Stock Company
40. Promtech-Dubna, JSC
41. United Aircraft Corporation, Cuideachta Comhstoic Phoiblí
42. Radiotechnical and Information Systems (RTI) Concern
43. Rapart Services LLC
44. Rosoboronexport (ROE), Cuideachta Comhstoic Oscailte
45. Rostec (Russian Technologies State Corporation)
46. Rostekh – Azimuth
47. Russian Aircraft Corporation MiG
48. Russian Helicopters JSC
49. SP KVANT (Sovmestnoe Predpriyatie Kvantovye Tekhnologii)
50. Sukhoi Aviation JSC
51. Sukhoi Civil Aircraft
52. Tactical Missiles Corporation JSC
53. Tupolev JSC
54. UEC-Saturn
55. United Aircraft Corporation

**▼ M24**

56. JSC AeroKompozit
57. United Engine Corporation
58. UEC-Aviadvigatel JSC
59. United Instrument Manufacturing Corporation
60. United Shipbuilding Corporation
61. PO Sevmash, Cuideachta Comhstoic
62. Longcheárta Krasnoye Sormovo
1. “Tá siad saindeartha” do “chiorcaid iomlánaithe hibrideacha”;
2. Bogadh aimsiúcháin céim X-Y is mó ná 37,5 x 37,5 mm; agus
3. Cruinneas suiteála i bplána X-Y is míne ná ± 10 µm;



▼ **M24**

- b. Trealamh den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte” chun roinnt nasc a tháirgeadh in aon oibríocht amháin (e.g., nascóirí léis seolán, nascóirí iompartha sliseanna, nascóirí téipe);
- c. Séalóirí caipíní teo leath-uathoibríocha nó uathoibríocha, lena ndéantar téamh áitiúil ar an gcaipín go teocht is airde ná corp an phacáiste, atá saindeartha le haghaidh pacáistí ceirmeacha micrichiorcaid a rialaítear le 3A001 <sup>(1)</sup> agus ag a bhfuil tréachur nach lú ná aon phacáiste amháin in aghaidh an nóiméid.

*Tabhair do d'aire:* Ní rialaítear le X.B.I.001.b.3 spot-táthóirí den chineál friotaíochta ilchuspóirí.

- 4. Scagairí le haghaidh seomraí glana lena féidir timpeallacht aeir a sholáthar nach mó ná deich gcáithnín atá inti, ar cáithníní 0,3 µm nó níos lú atá iontu, in aghaidh an 0,02832 m<sup>3</sup> agus scagairí lena n-aghaidh.

*Nóta Teicniúil:* Chun críocha X.B.I.001, is éard is “rialú le ríomhchlár stóráilte” ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte in stóras leictreonach ar féidir do phróiseálaí iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinnithe a stiúradh. Is féidir do threalamh a bheith faoi “rialú le ríomhchlár stóráilte” bíodh an stóráil leictreonach á dhéanamh go himmheánach sa trealamh nó go seachtrach.

X.B.I.002 Trealamh chun comhpháirteanna agus ábhair leictreonacha a iniúchadh nó a thástáil, agus comhpháirteanna agus gabhálaí atá saindeartha lena n-aghaidh.

- a. Trealamh atá saindeartha chun iniúchadh nó tástáil a dhéanamh ar leictreonfheadáin, ar eilimintí optúla agus ar chomhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, agus a rialaítear le 3A001 <sup>(1)</sup> nó X.A.I.001;
- b. Trealamh atá saindeartha chun iniúchadh nó tástáil a dhéanamh ar fheistí leathsheoltacha, ar chiorcaid iomlánaithe agus ar “chóimeálacha leictreonacha”, mar a leanas, agus córais ina n-ionchorpraítear an trealamh sin nó ag a bhfuil saintréithe an trealaímh sin:

*Tabhair do d'aire:* Le X.B.I.002.b. freisin, rialaítear trealamh a úsáidtear nó atá modhnaithe lena úsáid chun gairis eile a mhonarú, amháil gairis iomháithe, gairis leictrea-optúla, gairis tonnta fuaimiúla.

- 1. Trealamh iniúchta den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte” chun fabhtanna, earráidí nó éilleáin nach mó ná 0,6 µm a bhrath ar shliseoga nó ar fhoshraitheanna próiseáilte, nó iontu, cé is moite de chlár ciorcaid phriontáilte nó sliseanna, agus úsáid á baint as teicnící chun íomhánna optúla a fháil lena ndéantar comparáid idir patrúin;

*Tabhair do d'aire:* Ní rialaítear le X.B.I.002.b.1 micreascóip leictreon scanacháin ilchuspóireacha, ach amháin cinn atá saindeartha agus sain-ionstraimithe chun iniúchadh uathoibríoch a dhéanamh ar phatrúin.

- 2. Trealamh tomhais agus anailíse den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte”, mar a leanas:
  - a. Trealamh atá saindeartha chun an cion ocsaigin nó carbóin in ábhair leathsheoltacha a thomhas;
  - b. Trealamh chun leithid línte a thomhas le taifeach 1 µm nó taifeach is míne ná sin;

<sup>(1)</sup> Tagairt d'Iarscibhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

▼ **M24**

- c. Ionstraimí tomhais saindeartha chun plánacht a thomhas, lenar féidir dialltaí ón bplánacht 10 µm nó níos lú a thomhas le taifeach 1 µm nó níos míne.
3. Trealamh scrúdaithe sliseog den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte” ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
- a. Cruinneas aimsiúcháin suímh is míne ná ± 3.5 µm;
- b. Tá ar a chumas tástáil a dhéanamh ar fheistí ina bhfuil líon is mó ná 68 teirminéal; nó
- c. Tá ar a chumas tástáil a dhéanamh ag minicíocht is mó ná 1 GHz;
4. Trealamh optúil mar a leanas:

- a. Trealamh den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte” atá saindeartha chun gairis leathsheoltóra scoite agus díslí neamhimchlochlaitha a thástáil, lenar féidir tástáil a dhéanamh ag minicíochtaí is airde ná 18 GHz;

*Nóta Teicniúil: I measc na bhfeistí leathsheoltacha scoite tá fótaichill agus grianchill.*

- b. Trealamh den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte” atá saindeartha chun tástáil a dhéanamh ar chiorcaid iomlánaithe agus ar “chóimeálacha leictreonacha” lena n-aghaidh, lenar féidir tástáil fheidhmiúil a dhéanamh:

1. Ag “ráta patrúin” is mó ná 20 MHz; nó
2. Ag “ráta pátrún” is mó ná 10 MHz ach nach mó ná 20 MHz agus lenar féidir pacáistí ina bhfuil níos mó ná 68 dteirminéal a thástáil.

*Nótaí: Ní rialaítear le X.B.I.002.b.4.b. trealamh tástála atá saindeartha chun tástáil a dhéanamh orthu seo a leanas:*

1. *Cuimhní;*
2. *“Cóimeálacha” nó aicme “cóimeálacha leictreonacha” le haghaidh feidhmeanna baile agus siamsaíochta; agus*
3. *Comhphárteanna leictreonacha, “cóimeálacha leictreonacha” agus ciorcaid iomlánaithe nach rialaítear le 3A001<sup>(1)</sup> ná le X.A.I.001, ar choinníoll nach n-ionchorpraítear leis an trealamh tástála sin saoráidí ríomhairreachta le “in-ríomhchlárúitheacht atá inrochtana don úsáideoir”.*

*Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críoch X.B.I.002.b.4.b, sainmhínítear gurb é is “ráta patrúin” ann uasmhinicíocht an oibriúcháin dhigitigh atá ag tástáil. Dá bhrí sin, tá sé coibhéiseach leis an ráta sonraí is airde is féidir le tástálaí a sholáthar sa mhód neamh-ilphléacsaithe. Tagraítear dó freisin mar luas tástála, mar uasmhinicíocht dhigiteach nó mar uasluas digiteach.*

- c. Trealamh atá saindeartha chun feidhmíocht eagar plánaí fócasacha a chinneadh ag tonnfhaid is mó ná 1 200 nm, agus lena n-úsáidtear tomhais “rialú le ríomhchlár stóráilte” nó meastóireacht ríomhchuidithe agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
1. Úsáid trastomhais spota solais scanacháin is lú ná 0,12 mm;

<sup>(1)</sup> Tagairt d’Iarscibhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

▼ M24

2. Tá siad deartha chun paraiméadair feidhmíochta fótamhothálacha a thomhas agus chun meastóireacht a dhéanamh ar an bhfreagairt mhinicíochta, ar fheidhm aistrithe modhnúcháin, ar aonfhoirmeacht na freagrúlachta nó an torainn; nó
3. Tá siad deartha chun meastóireacht a dhéanamh ar eagair lenar féidir íomhánna a chruthú inar mó ná 32 x 32 dúil líne atá iontu;
5. Córais tástála léis leictreoin atá deartha chun feidhmiú ag 3 keV nó faoina bhun sin, nó córais léasacha “léasair”, chun scrúdú neamhtheagmhála a dhéanamh ar ghairis leathsheoltóra ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
  - a. Cumas stróbascópaí le dalladh léis nó stróbaíl bhrathadóireachta;
  - b. Speictriméadar leictreon chun voltas a thomhas le taifeach is lú ná 0,5 V; nó
  - c. Daingneáin tástálacha leictreacha chun anailís feidhmíochta a dhéanamh ar chiorcaid iomlánaithe;

*Tabhair do d'aire:* Ní rialaítear le X.B.I.002.b.5 micreascóip leictreon scanacháin, ach amháin nuair atá siad saindeartha agus sain-ionstraimithe chun scrúdú neamhtheagmhála a dhéanamh ar ghairis leathsheoltóra cumhachtaithe.

6. Córais ilfheidhmeacha léis ian fócasaithe den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte” atá saindeartha chun maisc nó gairis leathsheoltóra a mhonarú, a dheisiú, chun anailís a dhéanamh ar a leagan amach fisiceach agus chun iad a thástáil, agus ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
  - a. Cruinneas rialaithe aischothúcháin maidir le suíomh ó sprioc go léas 1  $\mu\text{m}$  nó níos míne a rialú; nó
  - b. Cruinneas tiontaithe ó dhigiteach go hanalógach is mó é ná 12 ghiotán;
7. Córais tomhaiste cáithníní lena n-úsáidtear “léasair” atá deartha chun méid na gcáithníní agus a dtiúchan san aer a thomhas, ag a:
  - a. Tá ar a chumas méid cáithníní nach mó ná 0,2  $\mu\text{m}$  a thomhas ag ráta sreafa 0,02832 m<sup>3</sup> in aghaidh an nóiméid nó níos mó; agus
  - b. Tá ar a chumas aer glan d'Aicme 10 nó níos fearr a shaintréithiú.

*Nóta Teicniúil:* Nóta Teicniúil: Chun críoch X.B.I.002, is éard is “rialú le ríomhchlár stóráilte” ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte in stóras leictreonach ar féidir do phróiseálai iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinnitithe a stiúradh. Is féidir treatamh a bheith faoi “rialú le ríomhchlár stóráilte” bíodh an stóráil leictreonach á déanamh go himhdeánach sa treatamh nó go seachtrach.

X.C.I.001 Friotáin dhearfacha atá deartha le haghaidh liteagrafaíocht leathsheoltóra atá coigeartaithe go speisialta (optamaithe) lena n-úsáid ag tonnfhaid idir 370 nm agus 193 nm.

## ▼ M24

- X.D.I.001 “Bogearraí” atá saindeartha le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh”, nó “úsáid” gaireas leictreonach nó comhpháirteanna a rialaítear le X.A.I.001, trealamh leictreonach ilchuspóireach a rialaítear le X.A.I.002, nó trealamh monaraíochta agus tástála a rialaítear le X.B.I.001 agus le X.B.I.002; nó “bogearraí” atá saindeartha le haghaidh “úsáid” trealamh a rialaítear le 3B001.g agus le 3B001.h <sup>(1)</sup>.
- X.E.I.001 “Teicneolaíocht” le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” gaireas leictreonach nó comhpháirteanna a rialaítear le X.A.I.001, trealamh leictreonach ilchuspóireach a rialaítear le X.A.I.002, nó trealamh monaraíochta agus tástála a rialaítear le X.B.I.001 nó le X.B.I.002, nó ábhair a rialaítear le X.C.I.001.

## Catagóir II – Ríomhairí

Tabhair do d’aire: *Ní rialaítear le Catagóir II earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

- X.A.II.001 Ríomhairí, “cóimeálacha leictreonacha” agus trealamh gaolmhar, nach rialaítear le 4A001 ná le 4A003<sup>1</sup>, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

Tabhair do d’aire: *Is trí stádas rialaithe trealamh eile agus córas eile a chinnfear stádas rialaithe na “ríomhairí digiteacha” agus an trealamh ghaolmhair a dtugtar tuairisc orthu in X.A.II.001, ar na coinníollacha seo a leanas:*

- a. Tá na “ríomhairí digiteacha” nó an trealamh gaolmhar fíor-riachtanach chun an trealamh eile nó na córais eile a oibriú;
- b. Nach “ríomheilimint” den trealamh eile nó de na córais eile iad na “ríomhairí digiteacha” nó an trealamh gaolmhar; agus

*N.B.1: Is trí stádas rialaithe trealamh eile, fiú amháin má sháraíonn sé critéar na “ríomheiliminte”, a chinnfear stádas rialaithe an trealamh “próiseála comharthaí” nó an trealamh “feabhsaithe íomhánna” atá saindeartha le haghaidh trealamh eile a bhfuil a chuid feidhmeanna teoranta do na feidhmeanna a theastaíonn le haghaidh an trealamh eile.*

*N.B.2: Maidir le stádas rialaithe na ‘ríomhairí digiteacha’ nó an trealamh ghaolmhair do threalamh teileachumarsáide, féach Catagóir 5, Cuid 1 (Teileachumarsáid) <sup>(1)</sup>.*

- c. Go gcinnear le 4E an “teicneolaíocht” do na “ríomhairí digiteacha” agus don trealamh gaolmhar<sup>1</sup>.
  - a. Ríomhairí leictreonacha agus trealamh gaolmhar, agus “cóimeálacha leictreonacha” agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, atá rátaíte chun oibriú ag teocht chomhthimpeallach os cionn 343 K (70 °C);
  - b. “Ríomhairí digiteacha”, lena n-áirítear trealamh “próiseála comharthaí” nó trealamh “feabhsaithe íomhánna”, ag a bhfuil “Buaicfeidhmiú Coigeartaithe” (“APP”) atá cothrom le 0,0128 Teireaflap Ualaithe (WT) nó níos mó;
  - c. “Cóimeálacha leictreonacha” atá saindeartha nó modhnaithe chun feidhmíocht a fheabhsú trí phróiseálaithe a chomhbhailiú, mar a leanas:
    1. Cinn atá deartha chun bheith in ann comhbhailiú a dhéanamh i gcumraíochtaí ina bhfuil 16 próiseálaí nó níos mó;

<sup>(1)</sup> Tagairt d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

▼ **M24**

2. Ní úsáidtear;

*Tabhair faoi deara 1: Níl feidhm ag X.A.II.001.c. ach amháin maidir le “cóimeálacha leictreonacha” agus idirnáisc in-riomhchlárúithe ag a bhfuil “APP” nach sáraíonn na teorainneacha in X.A.II.001.b. tráth a sheoltar iad mar “chóimeálacha leictreonacha” neamh-chomhtháite. Níl feidhm aige maidir le “cóimeálacha leictreonacha” atá teoranta go bunúsach i ngeall ar iad a bheith deartha lena n-úsáid mar threalamh gaolmhar a rialaítear le X.A.II.001.k.*

*Tabhair faoi deara 2: Ní rialaítear le X.A.II.001.c. aon “chóimeáil leictreonach” atá saindeartha le haghaidh táirge nó le haghaidh tacar táirgí nach sáraíonn a n-uaschumraíocht na teorainneacha in X.A.II.001.b.*

d. Ní úsáidtear;

e. Ní úsáidtear;

f. Trealamh “próiseála comharthaí” nó trealamh “feabhsaithe íomhánna” ag a bhfuil “Buaicfheidhmiú Coigeartaithe” (“APP”) atá cothrom le 0,0128 Teireafap Ualaithe (WT) nó níos mó;

g. Ní úsáidtear;

h. Ní úsáidtear;

i. Trealamh ina bhfuil “trealamh teirminéil comhéadain” a sháraíonn na teorainneacha in X.A.III.101;

*Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.II.001.i, ciallaíonn “trealamh teirminéil comhéadain” trealamh ag a dtéann faisnéis isteach i gcóras teileachumarsáide, nó amach as e.g. teileafón, gaireas sonraí, ríomhaire.*

j. Trealamh atá saindeartha chun idirnasca seachtrach “ríomhairí digiteacha” a sholáthar nó trealamh gaolmhar lenar féidir cumarsáid a dhéanamh ag rátaí sonraí a sháraíonn 80 Meigibheart/s.

*Tabhair do d’aire: Ní rialaítear le X.A.II.001.j. trealamh inmheánach um idirnascaidh (e.g. cúlphlánaí, busanna), trealamh éighníomhach um idirnascaidh, “rialaitheoirí rochtana ar an líonra” nó “rialaitheoirí cainéal cumarsáide”.*

*Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.II.001.j, is iad “rialaitheoirí an chainéil cumarsáide” an comhéadan fisiceach lena rialaítear sreabhadh na faisnéise digiti sioncronaí nó aisioncronaí. Is éard atá ann cóimeáil ar féidir í a chomhtháthú i dtrealamh ríomhaireachta nó i dtrealamh teileachumarsáide ionas go mbeidh rochtain ar chumarsáid.*

k. “Ríomhairí hibride” agus “cóimeálacha leictreonacha” agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, ina bhfuil tiontairí ó analógach go digiteach ag a bhfuil na saintréithe uile seo a leanas:

1. 32 chainéal nó níos mó; agus

2. Taifeach 14 ghiotán (maille le síngiotán) nó níos mó ag a bhfuil ráta comhshó 200 000 Hz nó níos mó.

X.D.II.001 “Bogearraí” cruthaithe agus bailíochtaithe “feidhmchlár”, “bogearraí” lenar féidir “cóid foinse” a ghiniúint go huathoibríoch, agus “bogearraí” córais oibriúcháin atá saindeartha le haghaidh trealamh “próiseála fíor-ama.”

a. “Bogearraí” cruthaithe agus bailíochtaithe “feidhmchlár” a bhaineann úsáid as teicnící matamaiticiúla agus anailíseacha agus atá deartha nó modhnaithe le haghaidh “feidhmchlár” ag a bhfuil níos mó ná 500 000 treoir maidir le “cóid foinse”;

▼ **M24**

- b. “Bogearraí” lenar féidir “cóid foinse” a ghiniúint go huathoibríoch ó shonraí a fhaightear ar líne ó bhraiteoirí seachtracha a dugar tuairisc orthu i Rialachán (AE) 2021/821; nó
- c. “Bogearraí” córais oibriúcháin atá saindeartha le haghaidh trealamh “próiseála fíor-ama” lena ráthaítear “am folaigh idirbhriste uilíoch” is lú ná 20 µs.

*Nóta Teicniúil:* Chun críoch X.D.II.001, is éard is “am folaigh idirbhriste uilíoch” ann an méid ama a ghlacann sé ar an gcóras ríomhaireachta idirbhriseadh de bharr teagmhais a aithint, an t-idirbhriseadh a sheirbhísiú agus aistriú comhthéacs a dhéanamh chuig tasc malartach cuimhne-lonnaithe atá ar feitheamh ag an idirbhriseadh.

- X.D.II.002 “Bogearraí” seachas bogearraí a rialaítear in 4D001 <sup>(1)</sup> atá deartha nó modhnaithe go speisialta le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealaimh a rialaítear le 4A101 <sup>1</sup>.
- X.E.II.001 “Teicneolaíocht” le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealaimh a rialaítear le X.A.II.001, nó “bogearraí” a rialaítear le X.D.II.001 nó X.D.II.002.
- X.E.II.002 “Teicneolaíocht” le haghaidh “forbairt” nó “táirgeadh” trealaimh atá deartha le haghaidh “próiseáil sreafaí sonraí iomadúla”.

*Nóta Teicniúil:* Chun críoch X.E.II.002, is éard is “próiseáil sreafaí sonraí iomadúla” ann teicníc micreacláir nó ailtireachta trealaimh a fhágann gur féidir próiseáil chomhuaineach a dhéanamh ar dhá sheicheamh sonraí nó níos mó ná sin faoi rialú ceann amháin nó níos mó de sheichimh treoracha trí bhithin nithe amháin iad seo a leanas:

1. Ailtireachtaí Il-Sonraí Treoracha Singile (SIMD) amháin próiseálaithe veisteora nó eagair;
2. Ailtireachtaí Il-Sonraí Il-Treoracha Singile (MSIMD);
3. Ailtireachtaí Il-Sonraí Il-Treoracha (MIMD), lena n-áirítear cinn atá cúpláilte go teann, cúpláilte go dlúth nó cúpláilte go scaoilte; nó
4. Eagair struchtúrtha d’eilimintí próiseála, lena n-áirítear eagair shiostólacha.

Catagóir III. Cuid 1 - Teileachumarsáid

*Tabhair do d’aire:* Catagóir III. Ní rialaítear le Cuid 1 earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.

- X.A.III.101 Trealamh teileachumarsáide.
- a. Aon chineál trealaimh cumarsáide, nach bhfuil á rialú ag 5A001.a <sup>(1)</sup>, atá saincheaptha chun oibriú lasmuigh den raon teochta 219 K (-54 °C) go 397 K (124 °C).
- b. Trealamh agus córais tarchurtha teileachumarsáide, agus comhpháirteanna agus gabhálaí atá saincheaptha lena n-aghaidh, ag a bhfuil aon cheann de na tréithe, feidhmeanna nó gnéithe seo a leanas:

*Tabhair do d’aire:* Trealamh tarchurtha teileachumarsáide:

<sup>(1)</sup> Tagairt d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

▼ M24

a. *Arna aicmiú mar a leanas, nó teaglamaí díobh sin:*

1. *Trealamh raidió (e.g. tarchuradóir, glacadóirí agus trasghlacadóirí);*
2. *Trealamh teirminéil líne;*
3. *Trealamh aimplitheora idirmheánaigh;*
4. *Trealamh athchurtha;*
5. *Trealamh athghiniúna;*
6. *Ionchódóirí aistriúcháin (traschódóirí);*
7. *Trealamh ilphléacsaithe (lena n-áirítear ilphléascú staidrimh);*
8. *Modhnóirí/dímhodhnóirí (móideimí);*
9. *Trealamh tras-ilphléascaithe (féach an Moladh G701 ó CCITT);*
10. *Trealamh trnasasctha digiteach den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte”;*
11. *“Tairsí” agus droichid;*
12. *“Aonaid um rochtain meán cumarsáide”; agus*

b. *Atá ceaptha le haghaidh a úsáide i gcumarsáid cainéil aonair nó ilchainéil trí aon cheann díobh seo a leanas:*

1. *Sreang (líne);*
2. *Cábla comhaiseach;*
3. *Cáblaí snáithín optúil;*
4. *Radaíocht leictreamaighnéadach; nó*
5. *Forleathadh fuaimthoinne faoi uisce.*

1. Ina n-úsáidtear teicnící digiteacha, lena n-áirítear próiseáil dhigiteach comharthaí analógacha, agus é ceaptha chun a bheith ag oibriú ar “ráta an aistrithe dhigitigh” ar an leibhéal is airde ilphléacaithe os cionn 45 Mbit/s nó ar “ráta iomlán an aistrithe dhigitigh” os cionn 90 Mbit/s;

*Tabhair do d’aire:* Ní rialaítear le X.A.III.101.b.7 trealamh atá saindeartha chun a chomhtháite agus a oibríthe in aon chóras satailíte le haghaidh úsáid shibhialta.

2. Móideimí a úsáideann “bandaleithead aon chainéil gutha amháin” ar a bhfuil “ráta comharthaíochta sonraí” os cionn 9 600 giotán in aghaidh an tsoicind;
3. Tá trealamh trnasasctha digiteach den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte” ann ag a bhfuil “ráta aistrithe dhigitigh” is mó ná 8,5 Mbit/s in aghaidh an phoirt;

▼ **M24**

4. Trealamh raidió ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

- a. “Rialaitheoirí rochtana ar an líonra” agus an meán coiteann atá gaolmhar leo, ag a bhfuil “ráta aistrithe dhigitigh” is mó ná 33 Mbit/s; nó
- b. “Rialaitheoirí cainéal cumarsáide” ag a bhfuil aschur digiteach ag a bhfuil “ráta comharthaíochta sonraí” is mó ná 64 000 bit/s in aghaidh an chainéil;

*Tabhair do d’aire:* Más amhlaidh go bhfuil “rialaitheoir rochtana ar an líonra” in aon trealamh neamhrialaithe, ní ceadmhach aon chineál comhéadain teileachumarsáide a bheith aige, cé is moite díobh sin a dtugtar tuairisc orthu in X.A.III.101.b.4, ach gan é a bheith á rialú aige.

5. Trealamh lena n-úsáidtear “léasar”, ina bhfuil aon cheann de na tréithe seo a leanas:

- a. Tonnfhad tarchurtha os cionn 1 000 nm; nó
- b. Úsáidtear leis teicnící analógacha agus tá bandaleithead aige ar mó é ná 45 MHz;
- c. Úsáidtear leis teicnící optúla comhtháite tarchuradóirreachta nó teicnící braite optúla comhtháite (a dtugtar orthu freisin teicnící heitridíne nó teicnící homaidíne);
- d. Úsáidtear leis teicnící ilphléacsaithe roinnte tonnfhad; nó
- e. Trealamh a dhéanann “aimplíú optúil”;

6. Trealamh raidió a oibríonn ag minicíochtaí ionchurtha nó aschurtha os cionn:

- a. 31 GHz le haghaidh feidhmchláir idir satailít agus stáisiún talún; nó
- b. 26,5 GHz le haghaidh feidhmchláir eile;

*Tabhair do d’aire:* Le X.A.III.101.b.6 ní rialaítear trealamh le haghaidh úsáid shibhialta nuair atá sé i gcomhréir le banda leithdháilte de chuid Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide idir 26,5 GHz agus 31 GHz.

7. Is trealamh raidió é ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

- a. Úsáidtear ann teicnící Modhnúcháin Aimplitiúide Cearnaithe (QAM) os cionn leibhéal 4 más mó ná 8,5 Mbit/s “ráta iomlán an aistrithe dhigitigh”;
- b. Úsáidtear ann teicnící QAM os cionn leibhéal 16 más cothrom le 8,5 Mbit/s nó más lú ná sin “ráta iomlán an aistrithe dhigitigh”;
- c. Úsáidtear teicnící modhnúcháin dhigiteacha eile ann agus is mó ná 3 bit/s/Hz an “éifeachtúlacht speictreach”; nó
- d. Oibríonn sé sa bhanda idir 1,5 MHz agus 87,5 MHz agus ionchorpraítear leis teicnící oiriúnaitheacha lena soláthraítear sochtadh ar mó é ná 15 dB ar chomhartha trasnaíochta.



▼ M24

*Nótaí:*

1. *Ní rialaítear le X.A.III.101.b.7 trealamh atá saindeartha chun a chomhtháite agus a oibríthe in aon chóras satailíte le haghaidh úsáid shibhialta.*

2. *Ní rialaítear le X.A.III.101.b.7 trealamh athsheachadáin raidió a bhfuiltear lena oibriú i mbanda arna leithroinnt ag an Aontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU):*

*a. Is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:*

*1. Ní théann sé thar 960 MHz; nó*

*2. Ní mó ná 8,5 Mbit/s an “ráta iomlán an aistrithe dhigitigh” ann; agus*

*b. Ní mó ná 4 bit/s/Hz an “éifeachtúlacht speictreach” ann.*

c. *Trealamh lascacháin den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte” agus córais chomharthaíochta ghaolmhara, ag a bhfuil aon cheann de na saintréithe, de na feidhmeanna nó de na sainghnéithe seo a leanas, agus comhpháirteanna agus gabhálaí atá saindeartha lena n-aghaidh:*

*Tabhair do d’aire: Maidir le hilphléacsóirí staitistiúla ag a bhfuil ionchur digiteach agus aschur digiteach agus a chuireann lascachán ar fáil, caitear leo mar lasca den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte”.*

1. *Trealamh nó córais “lascacháin sonraí (teachtairéachtaí)” atá deartha le haghaidh “lascadh paicéid”, cóimealacha leictreonacha agus “comhpháirteanna” lena n-aghaidh, cé is moite dóibh siúd a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;*

2. *Ní úsáidtear;*

3. *Ródú nó lascadh paicéad “sonragraim”;*

*Tabhair do d’aire: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.3 líonraí nach n-úsáidtear iontu ach “rialaitheoirí rochtana ar an líonra”, ná líonraí nach n-úsáidtear iontu ach na “rialaitheoirí rochtana ar an líonra” fëin.*

4. *Ní úsáidtear;*

5. *Tosaíocht il-leibhéil agus réamhthosaíocht le haghaidh lascadh ciorcad;*

*Tabhair do d’aire: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.5 réamhthosaíocht glao aon-leibhéil.*

6. *Tá sé deartha le haghaidh glaonna raidió cheallaigh ar lasca ceallacha eile a chur ar atreo go huathoibríoch nó le haghaidh nascadh go huathoibríoch le bunachar láraithe suibscriobhaithe a bhfuil níos mó ná aon lasc amháin ag baint úsáid as.*

7. *Tá trealamh trasnasctha digiteach den chineál “rialú le ríomhchlár stóráilte” ann ag a bhfuil “ráta aistrithe dhigitigh” is mó ná 8,5 Mbit/s in aghaidh an phoirt:*

8. *Tá “comharthaíocht cainéil choitinn” ann a oibríonn i mód oibriúcháin neamh-chomhcheangailte, sin nó i mód oibriúcháin cuasa-chomhcheangailte;*

▼ M24

9. “Ródú oiriúnaitheach dinimiciúil”;
10. Is éard atá ann lasca paicéid, lasca ciorcad agus ródaí ag a bhfuil poirt nó línte a théann thar an méid seo a leanas:

- a. “Ráta comharthaíochta sonraí” 64 000 bit/s in aghaidh an phoirt le haghaidh “rialaitheoir cainéil cumarsáide”; nó

*Tabhair do d’aire: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.10.a naisc ilchodacha ilphléacs nach bhfuil comhdhéanta ach de bhealaí cumarsáide nach rialaítear go leithleach le X.A.III.101.b.1.*

- b. “Ráta aistrithe dhigitigh” 33 Mbit/s le haghaidh “rialaitheoir um rochtain ar an líonra” agus meáin choiteanna ghaolmhara;

*Tabhair do d’aire: Ní rialaítear le X.A.III.101.c.10 lasca paicéid ná ródaí ag a bhfuil poirt nó línte nach dtéann thar na teorainneacha atá in X.A.III.101.c.10.*

11. “Lascadh optúil”;
12. Úsáidtear teicnící den chineál “Mod Aistrithe Aisioncronach” (“ATM”) ann.

- d. Snáithíní optúla agus cáblaí snáithíní optúla is faide ná 50 m atá deartha le haghaidh oibriú aonmhóid;

- e. Rialú láraithe líonra ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

1. Faigheann sé sonraí ó na nóid; agus
2. Déanann sé próiseáil ar na sonraí sin chun rialú tráchta a dhéanamh nach n-éilíonn aon chinntí ón oibreoir, agus ar an gcaoi sin déanann sé “ródú oiriúnaitheach dinimiciúil”;

*Tabhair faoi deara 1: Ní chuimsítear le X.A.III.101.e cásanna a bhaineann le cinní ródúcháin a dhéantar de réir faisnéis réamhshainithe.*

*Tabhair faoi deara 2: Ní chuirtear as an áireamh le X.A.III.101.e rialú tráchta a athraíonn de réir dálaí tráchta staitistiúla intuartha.*

- f. Aeróga eagair chéimnithe, a oibríonn ag minicíocht is airde ná 10,5 GHz, ina bhfuil eilimintí gníomhacha agus comhpháirteanna dáilte, agus atá deartha ar bhealach a fhágann gur féidir rialú leictreonach a dhéanamh ar mhúnú agus ar threodhíriú léasa, cé is moite de chórais tuirlingthe ina bhfuil ionstraimí atá de réir chaighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) (córais tuirlingthe micreathoinne (MLS));

- g. Trealamh cumarsáide móibíle, cé is moite de sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus cóimeálacha leictreonacha agus comhpháirteanna lena n-aghaidh; nó

- h. Trealamh cumarsáide athsheachadáin raidió atá deartha lena úsáid ag minicíochtaí 19,7 GHz nó níos airde, agus comhpháirteanna lena aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

▼ **M24**

Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.III.101:

- 1) *Modh aistrithe is ea é “modh aistrithe aisioncronach” (“ATM”) ina n-eagraítear an fhaisnéis i gcealla; tá sé aisioncronach sa bhri go bhfuil atarlú na gceall ag brath ar an ráta giotán atá ag teastáil nó ar an ráta giotán meandrach.*
- 2) *Trealamh cumarsáide sonraí is ea é “bandaleithead aon chainéil gutha amháin” atá ceaptha oibriú ar aon chainéal gutha amháin, is é sin 3 100 Hz, faoi mar a shainítear i Moladh G.151 ó CCITT.*
- 3) *An comhéadan fisiceach is ea é “rialaitheoir an chainéil cumarsáide”, lena rialaítear sreabhadh na faisnéise digiti sioncronaí nó aisioncronaí. Is éard atá ann cóimeáil ar féidir í a chomhtháthú i dtrealamh ríomhaireachta nó i dtrealamh teileachumarsáide ionas go mbeidh rochtain ar chumarsáid.*
- 4) *Eintiteas cuimsithe, neamhspleách sonraí is ea é “son-gram” ina n-íompraítear faisnéis leordhóthanach ionas gur féidir í a threorú ón bhfoinse go dtí trealamh teirminéil sonraí an chinn scribe gan a bheith ag brath ar mhalartuithe a rinneadh ní ba luaithe idir an fhoinse sin agus trealamh teirminéil sonraí an chinn scribe agus an líonra iompair.*
- 5) *Saoráid is ea é “mear-roghnaigh” a bhfuil feidhm aici maidir le glaonna fíorúla a fhágann go bhfuil trealamh teirminéil in ann cur lena chumas sonraí a tharchur i “bpaicéid” a bhaineann le leagan amach agus inríteach na nglanna agus atá lasmuigh de chumais bhunúsacha na nglanna fíorúla.*
- 6) *“Tairseach” is ea í an fheidhm is féidir le haon teaglam de threalamh agus “bogearra” a dhéanamh, ar feidhm í a dhéanamh na coinbhinsiúin a chomhshó chun faisnéis a úsáidtear i gcóras amháin a ionadú, a phróiseáil nó a chur in iúl do na coinbhinsiúin chomhfhreagracha, ach éagsúla, a úsáidtear i gcóras eile.*
- 7) *Líonra digiteach aontaithe ó cheann go ceann is ea é an “Líonra Digiteach de Sheirbhísí Comhtháite” (ISDN), ina dtarchuirtear sonraí ó gach cineál cumarsáide (e.g. guth, téacs, sonraí, pictiúir shocra agus reatha) ó phort (teirminéal) sa mhalartán (lasc) thar aon líne rochtana go dtí an rann-pháirtí agus ar ais uaidh.*
- 8) *Is éard is “paicéad” ann, grúpa de dhigítí dénártha lena n-áirítear sonraí agus comharthaí rialaithe glaonna a dhéantar a lascadh mar aonad iomlán comhchodach amháin. Na sonraí, na comharthaí rialaithe glaonna agus an fhaisnéis rialaithe earráide a d’fhéadfadh a bheith ann, déantar iad a shocrú i bhformáid shonraithe.*
- 9) *Ciallaíonn “comharthaíocht cainéil choitinn” faisnéis rialaithe (comharthaíocht) a tharchur trí chainéal ar leithligh seachas an cainéal a úsáidtear le haghaidh na dteachtairachtaí. Is gnách go rialaíonn an cainéal comharthaíochta an iliomad cainéal teachtaireachtaí.*
- 10) *Ciallaíonn “ráta comharthaíochta sonraí” an ráta, mar a shainítear i Moladh 53-36 ó ITU, agus é á chur san áireamh nach cothrom le chéile, i gcás modhnú neamh-dhénártha, báid in aghaidh an tsoicind agus giotáin in aghaidh an tsoicind. Cuimsítear giotáin le haghaidh códaithe, seiceála agus feidhmeanna sioncronaithe.*
- 11) *Ciallaíonn “ródú oiriúnaitheach dinimiciúil” trácht a athródú go huathoibríoch agus an t-athródú sin bunaithe ar bhrath agus ar anailisiú na ndálaí líonra láithreacha iarbhir*

## ▼ M24

- 12) Ciallaíonn “aonaid um rochtain meán cumarsáide” trealamh ina bhfuil comhéadan cumarsáide amháin nó níos mó (“Rialaitheoir rochtana ar an líonra”, “rialaitheoir cainéil cumarsáide”, móideim nó bus ríomhaire) lena nasctar trealamh teirminéil le líonra.
- 13) Ciallaíonn “éifeachtúlacht speictreach” an “ráta aistriithe dhigitigh” [gotáin/s] / 6 dB bandaleithead speictrim in Hz.
- 14) Is éard is “rialú le ríomhchlár stóráilte” ann rialú a úsáideann treoracha atá stóráilte i stóras leictreonach ar féidir do phróiseálaí iad a rith chun feidhmiú feidhmeanna réamhchinnithe a stiúradh.

Tabhair do d’aire: Is féidir trealamh a bheith faoi “rialú le ríomhchlár stóráilte” biodh an stóráil leictreonach á déanamh go himhheánach sa trealamh nó go seachtrach.

- X.B.III.101 Trealamh tástála teileachumarsáide, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.
- X.C.III.101 Réamhfhoirmeacha gloine nó réamhfhoirmeacha d’aon ábhar eile atá optamaithe chun snáithíní optúla a rialaítear le X.A.III.101 a mhonarú.
- X.D.III.101 “Bogearraí” atá saindeartha nó sainmhodhnaithe le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealaimh a rialaítear le X.A.III.101 agus le X.B.III.101, agus bogearraí ródaíthe oiriúnaithe dhinimiciúil atá de réir na tuairisce seo a leanas:
- a. “Bogearraí”, cé is moite de bhogearraí i bhfoirm is inrite ag meaisín, atá saindeartha le haghaidh “ródú oiriúnaitheach dinimiciúil”;
- b. Ní úsáidtear.
- X.E.III.101 “Teicneolaíocht” le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealaimh a rialaítear le X.B.III.101 nó le X.C.III.101, nó “bogearraí” a rialaítear le X.D.III.101, agus “teicneolaíochtaí” eile mar a leanas:
- a. “Teicneolaíochtaí” sonracha mar a leanas:
1. “Teicneolaíocht” le haghaidh bratuithe a phróiseáil agus a fhorleagan ar shnáithíní optúla atá saindeartha le go mbeidh siad oiriúnach lena n-úsáid faoi uisce;
2. “Teicneolaíocht” le haghaidh “forbairt” trealaimh ina n-úsáidtear teicnící den chineál “Ordathas Digiteach Sioncronach” (“SDH”) nó teicnící den chineál “Líonra Optúil Sioncronach” (“SONET”).

Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críoch X.E.III.101:

- 1) Is éard is “ordlathas digiteach sioncronach” (SDH) ann ordlathas digiteach lena gcuirtear cóir ar fáil chun bainistiú agus ilphléacsú a dhéanamh ar fhoirmeacha éagsúla tráchta dhigitigh, agus chun rochtain a fháil ar an trácht sin, trí fhormáid tarchuir shioncronaigh a úsáid ar chineálacha éagsúla meán. Tá an fhormáid sin bunaithe ar an Modúl Iompair Shioncronaigh (STM) a shainítear i Moladh G.703, G.707, G.708, G.709 ón gCoiste Comhairleach um Nuálaíocht agus Aistriú Teicneolaíochta (CCITT) agus i gcinn eile atá gan foilsiú fós. Is é 155,52 Mbits/s ráta céadleibhéil “SDH”.
- 2) Is éard is “líonra optúil sioncronach” (SONET) ann líonra lena gcuirtear cóir ar fáil chun bainistiú agus ilphléacsú a dhéanamh ar fhoirmeacha éagsúla tráchta dhigitigh, agus chun rochtain a fháil ar an trácht sin, trí fhormáid tarchuir shioncronaigh a úsáid i snáithíní optúla. Is leagan de chuid Mheiriceá Thuaidh de “SDH” atá san fhormáid agus úsáidtear an Modúl Iompair Shioncronaigh (STM) inti freisin. Mar sin féin, is é an Comhartha Iompair Shioncronaigh (STS) an modúl iompair bunúsach a úsáidtear inti, agus é ag ráta céadleibhéil 51.81 Mbits/s. Tá caighdeán SONET á gcomhtháthú ionas go mbeidh siad ag teacht le caighdeán “SDH”.

▼ **M24**

## Catagóir III. Cuid 2 - Slándáil Faisnéise

Tabhair do d'aire: *Catagóir III. Ní rialaítear le Cuid 2 earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

X.A.III.201 Trealamh mar a leanas:

- a. Ní úsáidtear;
- b. Ní úsáidtear;
- c. Earraí atá aicmithe mar chriptiú mórmhargaidh i gcomhréir le Nóta Cripteagrafaíochta – Nóta 3 a ghabhann le Catagóir 5, Cuid 2 <sup>(1)</sup>.

X.D.III.201 “Bogearraí” na “Slándála Faisnéise” mar a leanas:

Tabhair do d'aire: *Leis an iontráil seo, ní rialaítear “bogearraí” atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun cosaint a thabhairt ar dhamáiste mailiseach ríomhaire, e.g., víris, i gcás nach féidir an “chripteagrafaíocht” a úsáid ach amháin le haghaidh fiordheimhíthe, síniú digiteach agus/nó chun sonraí nó comhaid a dhíchriptiú.*

- a. Ní úsáidtear;
- b. Ní úsáidtear;
- c. “Bogearraí” atá aicmithe mar “bhogearraí” criptithe mórmhargaidh i gcomhréir le Nóta Cripteagrafaíochta – Nóta 3 a ghabhann le Catagóir 5, Cuid 2 <sup>(1)</sup>.

X.E.III.201 “Teicneolaíocht” na “Slándála Faisnéise” de réir an Nóta Ghinearálta maidir le Teicneolaíocht, mar a leanas:

- a. Ní úsáidtear;
- b. “Teicneolaíocht”, cé is moite di sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh “úsáid” earraí mórmhargaidh a rialaítear le X.A.III.201.c nó “bogearraí” mórmhargaidh a rialaítear le X.D.III.201.c.

## Catagóir IV – Braiteoirí agus léasair

X.A.IV.001 Trealamh fuaime muirí nó talún, atá in ann rudaí nó gnéithe faoi uisce a bhrath nó a aimsiú, nó árthaí dromchla nó feithiclí faoi uisce a shuí; agus comhpháirteanna saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.A.IV.002 Braiteoirí Optúla mar a leanas:

a. Feadáin dianaitheora íomhá agus comhchodanna lena mbaineann atá saindeartha, mar a leanas:

1. Feadáin dianaitheora íomhá ar fíor ina leith na nithe uile seo a leanas:

- a. Tá buaicfhreagairt i raon tonnfhaid acu ar mó í ná 400 nm, ach nach mó í ná 1 050 nm;
- b. Tá pláta micreachainéal acu chun aimpliú leictreonach a dhéanamh ar íomhánna agus tá spásáil idir poill (spásáil lár-go-lár) ar lú í ná 25 µm ag an bpláta; agus

c. Is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

1. S-20, S-25 nó fóttacatóid il-alcaile; nó

<sup>(1)</sup> Tagairt d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

▼ M24

2. Fótaatóid GaAs nó GaInAs;

2. Tá plátaí micreachainéal acu atá saindeartha agus a bhfuil an dá shaintréith seo a leanas acu:

a. 15 000 feadán toll nó níos mó in aghaidh an phláta; agus

b. Spásáil idir poill (spásáil lár-go-lár) ar lú í ná 25 µm.

b. Trealamh íomháithe amhairc dhírigh a oibríonn sa speictream infheicthe nó sa speictream infridhearg, lena n-ionchorpraítear feadáin dianaitheora íomhá a bhfuil na saintréithe a liostaítear in X.A.IV.002.a.1 acu.

X.A.IV.003 Ceamaraí íomhácháin mar a leanas:

a. Ceamaraí a chomhlíonann critéir Nóta 3 a ghabhann le 6A003.b.4 <sup>(1)</sup>;

b. Ní úsáidtear;

X.A.IV.004 Optaic mar a leanas:

*Tabhair do d'aire: Le X.A.IV.004, ní rialaítear scagairí optúla ag a bhfuil bearnaí aeir seasta nó scagairí de chineál Lyot.*

a. Scagairí optúla:

1. I gcás tonnfhaid atá níos faide ná 250 nm, ar a bhfuil bratuithe optúla agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

a. Tá bandaleithid acu atá cothrom le 1 nm Lánleithead Leathdhéine (FWHI) nó atá níos lú ná sin agus tá buaic-tharchur 90 % nó níos mó acu; nó

b. Tá bandaleithid acu atá cothrom le 0,1 nm FWHI nó atá níos lú ná sin agus tá buaic-tharchur 50 % nó níos mó acu;

2. I gcás tonnfhaid atá níos faide ná 250 nm, agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:

a. Tá siad intiúnta thar raon speictrim 500 nm nó níos mó;

b. Tá bandabhealach meandrach 1,25 nm nó níos mó acu;

c. Is féidir an tonnfhaid a athshocrú laistigh de 0,1 ms le cruinneas 1 nm nó níos fearr laistigh den raon speictreach intiúnta; agus

d. Tá buaic-tharchur aonair 91 % nó níos mó acu;

3. Lasca (scagairí) optúla teimhneachta ag a bhfuil réimse radhairc 30° nó níos leithne agus aga freagartha atá cothrom le 1 ns nó atá níos lú ná sin;

b. Cábla “snáithín fluairide”, nó snáithíní optúla lena aghaidh sin, ag a bhfuil maolú is lú ná 4 dB/km sa réimse tonnfhaid os cionn 1 000 nm ach nach airde ná 3 000 nm.

*Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.IV.004.b, is éard is “snáithíní fluairide” ann snáithíní a monaríodh as comhdhúile bulcshluairide.*

<sup>(1)</sup> Tagairt d'Iarscibhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

▼ **M24**

X.A.IV.005 “Léasair” mar a leanas:

- a. “Léasair” aonocsaíde carbóin (CO<sub>2</sub>) ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
  1. Tá cumhacht aschurtha CW acu ar mó í ná 10 kW;
  2. Tá aschur bíogach acu ag a bhfuil “fad bíge” is mó ná 10 μs; agus
    - a. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 10 kW; nó
    - b. Tá “uaschumhacht” bhíogach acu ar mó í ná 100 kW; nó
  3. Tá aschur bíogach acu ag a bhfuil “fad bíge” 10 μs nó níos lú ná sin; agus
    - a. Tá bíogfhuinneamh acu ar mó é ná 5 J sa bhíog agus tá “uaschumhacht” acu ar mó í ná 2,5 kW; nó
    - b. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 2.5 kW;
- b. “Léasair” leathsheoltóra mar a leanas:
  1. “Léasair” aonair leathsheoltóra aonmhóid thrasnaigh ar fíor ina leith aon cheann de na nithe seo a leanas:
    - a. Tá meánchumhacht aschurtha acu ar mó í ná 100 mW; nó
    - b. Tá tonnfhad tarchuir aige ar faide é ná 1 050 nm;
  2. “Léasair” aonair leathsheoltóra ilmhóid thrasnaigh, nó eagair “léasar” aonair leathsheoltóra, ag a bhfuil tonnfhad ar mó é ná 1 050 nm;
- c. “Léasair” rúbíní ag a bhfuil fuinneamh aschuir ar mó é ná 20 J sa bhíog;
- d. “Léasair bhíogacha” nach bhfuil “intiúnta” ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 975 nm ach nach mó é ná 1 150 nm agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
  1. “Fad bíge” atá cothrom le 1 ns nó ar mó é ná 1 ns ach nach mó é ná 1 μs, agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
    - a. Tá aschur aonmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
      1. Tá “éifeachtúlacht ag an bplocóid” acu ar mó í ná 12 % agus tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 10 W agus atá in ann oibriú ag minicíocht atriailta bíge ar mó í ná 1 kHz; nó
      2. Tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 20 W; nó
    - b. Tá aschur ilmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
      1. Tá “éifeachtúlacht ag an bplocóid” acu ar mó í ná 18 % agus tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 30 W;
      2. Tá “uaschumhacht” acu ar mó í ná 200 MW; nó
      3. Tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 50 W; nó
  2. Tá “fad bíge” acu ar mó é ná 1 μs, agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
    - a. Tá aschur aonmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

## ▼ M24

1. Tá “éifeachtúlacht ag an bplocóid” acu ar mó í ná 12 % agus tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 10 W agus atá in ann oibriú ag minicíocht atriailta bíge ar mó í ná 1 kHz; nó
  2. Tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 20 W; nó
- b. Tá aschur ilmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. Tá “éifeachtúlacht ag an bplocóid” acu ar mó í ná 18 % agus tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 30 W; nó
  2. Tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 500 W;
- e. “Léasair” toinne leanúnaí nach bhfuil “intiúnta”, ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 975 nm ach nach mó é ná 1 150 nm agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. Tá aschur aonmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
    - a. Tá “éifeachtúlacht ag an bplocóid” acu ar mó í ná 12 % agus tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 10 W agus atá in ann oibriú ag minicíocht atriailta bíge ar mó í ná 1 kHz; nó
    - b. Tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 50 W; nó
  2. Tá aschur ilmhóid thrasnaigh acu agus is fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
    - a. Tá “éifeachtúlacht ag an bplocóid” acu ar mó í ná 18 % agus tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 30 W; nó
    - b. Tá “meánchumhacht aschuir” acu ar mó í ná 500 W;
- Tabhair do d’aire: Le X.A.IV.005.e.2.b ní rialaítear “léasair” ilmhóid thrasnaigh thionsclaíocha ag a bhfuil cumhacht aschuir ar lú í ná 2 kW agus mais iomlán ar mó í ná 1 200 kg. Chun críoch an nóta seo, áirítear leis an mais iomlán na comhpháirteanna uile is gá chun an “léasar” a oibriú, e.g. an “léasar”, an soláthar cumhachta, an malartóir teasa, ach ní áirítear léi an optaic sheachtrach le haghaidh léasacha a chomhoiriú agus/nó a sheachadadh.*
- f. “Léasair” nach bhfuil “intiúnta”, ag a bhfuil tonnfhad aschuir ar mó é ná 1 400 nm ach nach mó é ná 1 555 nm agus ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:
1. Tá fuinneamh aschuir acu ar mó é ná 100 mJ sa bhíog agus tá “uaschumhacht” bhíogach acu ar mó í ná 1 W; nó
  2. Tá meánchumhacht aschuir nó cumhacht aschuir CW acu ar mó í ná 1 W;
- g. “Léasair” saorleictreon.

*Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.IV.005, is é an sainmhíniú atá ar “éifeachtúlacht ag an bplocóid” an cóimheas idir an chumhacht aschurtha “léasair” (nó an “mheánchumhacht aschurtha”) agus an chumhacht ionchuir leictreach iomlán a theastaíonn chun an “léasar” a oibriú, lena n-áirítear an soláthar cumhachta/an chomhoiriú agus an comhoiriú teirmeach/an malartóir teasa.*

X.A.IV.006 “Maighnéadaiméadair”, braiteoirí “Forsheoltacha” leictreamaighnéadacha, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:



▼ **M24**

- a. “Maighnéadaiméadair”, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, ag a bhfuil “iogaireacht” is ísle (i.e. is fearr) ná 1,0 nT (luach FMC) in aghaidh an Hz fréimhe cearnaí.

*Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críoch X.A.IV.006.a., ciallaíonn “iogaireacht” (an leibhéal torainn) fréamh mheán na gcearnóg de chuid an leibhéil gaireas-teoranta torainn arb é an comhartha is ísle is féidir a thomhas.*

- b. Braiteoirí “forsheoltacha” leictreamaighnéadacha, comhpháirteanna atá monaraithe as ábhair “fhorsheoltacha”:
1. Tá siad deartha chun oibriú ag teocht arb ísle í ná “teocht chriticiúil” ceann amháin ar a laghad de na comhábhair “fhorsheoltacha” (lena n-áirítear gairis éifeacht Josephson nó gairis “fhorsheoltacha” trasnaíochta candamaí (SQUIDS));
  2. Tá siad deartha chun éagsúlachtaí i réimsí leictreamaighnéadacha ag minicíochtaí 1 kHz nó níos lú a bhrath; agus
  3. Ar fíor ina leith aon cheann de na saintréithe seo a leanas:
    - a. Ionchorpraítear leo SQUIDS tanascannáin ag a bhfuil íosmhéid tréithe ar lú í ná 2 μm agus ag a bhfuil ciorcaid chúplála ionchuir agus aschuir;
    - b. Tá siad deartha chun oibriú le sliúráta réimse mhaighnéadaigh ar mó é ná 1 x 10<sup>6</sup> candaim flosca mhaighnéadaigh in aghaidh an tsoicind;
    - c. Tá siad deartha chun feidhmiú gan sciathú maighnéadach i réimse maighnéadach timpeallach an domhain; nó
    - d. Tá comhéifeacht teochta acu ar lú é ná 0,1 candam flosca mhaighnéadaigh/K.

X.A.IV.007 Meá-mhéadair le haghaidh úsáid ar talamh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

- a. Tá cruinneas statach acu is lú (i.e. is fearr) ná 100 μGal; nó
- b. Tá siad de chineál na heiliminte grianchloiche (Worden).

X.A.IV.008 Córais, trealamh agus comhpháirteanna móra radair, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus comhpháirteanna saindeartha lena n-aghaidh, mar a leanas:

- a. Trealamh radair aerbheirthe, cé is moite de sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus comhpháirteanna saindeartha lena n-aghaidh;
- b. Trealamh radair “léasair” “spáscháilithe” nó trealamh Braite Solais agus Raonála (LIDAR) atá saindeartha le haghaidh na suirbhéireachta nó le haghaidh na breathnóireachta meitéareolaíche;
- c. Córais íomháithe radair amhairc fheabhsaithe um thonnta miliméadair atá saindeartha le haghaidh árthaí sciathán rothlach agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
  1. Oibríonn siad ag minicíocht 94 GHz;
  2. Tá meánchumhacht aschuir acu ar lú í ná 20 mW;
  3. Céim amháin atá i leithead an léis radair; agus

▼ **M24**

4. Tá raon oibriúcháin acu atá cothrom le 1 500 m nó atá níos mó ná sin.

X.A.IV.009 Trealamh próiseála sonracha, mar a leanas:

- a. Trealamh braite seismeach nach rialaítear le X.A.IV.009.c;
- b. Ceamaraí teilifíse atá cruaithe in aghaidh na radaíochta, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó
- c. Córais sheismeacha braite ionraidh lena mbraítear, lena n-aicmítear agus lena gcinntear an tionchar ar fhoinsé an chomhartha a bhraítear.

X.B.IV.001 Trealamh, lena n-áirítear uirlisí, díslí, daingneáin nó tomhsairí, agus comhpháirteanna agus gabhálaí eile atá saindeartha lena aghaidh, atá saindeartha nó modhnaithe chun aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a. Chun na nithe seo a leanas a mhonarú nó a iniúchadh:
1. Inbhéartóir “léasair” saorleictreon maighnéid;
  2. Insteallairí “léasair” saorleictreon grianghraif;
- b. Chun réimse maighnéadach fadchearchaill na “léasar” saorleictreon a chur in oiriúint do na lamháltais is gá.

X.C.IV.001 Snáithíní braite optúla atá modhnaithe ó thaobh struchtúir de chun “fad buille” is ná 500 mm (dé-athraonadh ard) a bheith acu nó ábhair braiteoirí optúla nach dtugtar tuairisc orthu in 6C002.b <sup>(1)</sup> agus ag a bhfuil cion sínce 6 % nó níos mó de réir an “mhólchodáin.”

*Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críoch X.C.IV.001:*

- 1) *Sainmhínítear “mólchodán” mar chóimheas mhóil ZnTe le suim mhóil CdTe agus ZnTe atá sa chríostal.*
- 2) *Is é “fad buille” an t-achar nach mór do dhá chomhartha atá polaraithe go hortagánach dul, i gcomhphas ar dtús, chun pasdifríocht dhá raidian Pí a bhaint amach.*

X.C.IV.002 Ábhair optúla, mar a leanas:

- a. Ábhair optúla ionsúcháin ísil, mar a leanas:
1. Comhdhúile bulcfhluaíride ina bhfuil comhábhair ag a bhfuil ionacht 99,999 % nó níos fearr; nó

*Tabhair do d'aire: Le X.C.IV.002.a.1, rialaítear fluairídí siorcóiniam nó alúmanaim agus athraithigh.*

2. Gloine bhulcfhluaíride atá déanta as comhdhúile a rialaítear le 6C004.e.1 <sup>(1)</sup>;
- b. “Réamhghoirmeacha snáithín optúil” atá déanta as comhdhúile bulcfhluaíride ina bhfuil comhábhair ag a bhfuil ionacht 99,999 % nó níos fearr, atá “saindeartha” chun “snáithíní fluairíde” a rialaítear le X.A.IV.004.b a mhonarú.

<sup>(1)</sup> Tagairt d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

▼ **M24**

*Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críoch X.C.IV.002:*

- 1) *Is éard is “snáithíní fluairíde” ann snáithíní arna monarú as comhdhúile bulcfluairíde.*
- 2) *Is éard is “réamhshoimeacha snáithín optúil” ann barraí, tinní, nó slata gloine, plaisteacha nó atá déanta as ábhair eile a sainphróiseáladh lena n-úsáid chun snáithíní optúla a dhéanamh. Is iad saintréithe na réamhshoimeacha a chinneann bunpharaiméadair na snáithíní optúla a fhaightear ón bpróiseas monaraíochta.*

- X.D.IV.001 “Bogearraí” cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, atá saindeartha le haghaidh “forbairt” “táirgeadh”, nó “úsáid” earraí a rialaítear le 6A002, 6A003 <sup>(1)</sup>, X.A.IV.001, X.A.IV.006, X.A.IV.007, nó le X.A.IV.008.
- X.D.IV.002 “Bogearraí” atá saindeartha le haghaidh “forbairt” nó “táirgeadh” trealamh a rialaítear le X.A.IV.002, X.A.IV.004, nó le X.A.IV.005.
- X.D.IV.003 “Bogearraí” eile, mar a leanas:
- a. “Cláir” d’fheidhmchláir “bhogearraí” Rialaithe Aerthráchta (ATC) a óstaítear ar ríomhairí ilfheidhmeacha atá suite in ionaid Rialaithe Aerthráchta, agus a bhfuil ar a gcumas sonraí príomhúla sprice radair a thabhairt ar láimh go huathoibríoch (mura bhfuil siad comhghaolaithe le sonraí ó radar tánaisteach faireachais) ón ionad ATC óstach go hionad ATC eile;
  - b. “Bogearraí” atá saindeartha le haghaidh córais braite ionraidh sheismigh in X.A.IV.009.c: nó
  - c. “Cód foinse” atá saindeartha le haghaidh córais braite ionraidh sheismigh in X.A.IV.009.c.
- X.E.IV.001 “Teicneolaíocht” chun trealamh atá faoi rialú X.A.IV.001, X.A.IV.006, X.A.IV.007, X.A.IV.008 nó X.A.IV.009.c “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid”.
- X.E.IV.002 “Teicneolaíocht” chun trealamh, ábhair nó “bogearraí” atá faoi rialú X.A.IV.002, X.A.IV.004, nó X.A.IV.005, X.B.IV.001, X.C.IV.001, X.C.IV.002, nó X.D.IV.003 “a fhorbairt” nó “a tháirgeadh”.
- X.E.IV.003 “Teicneolaíocht” eile mar a leanas:
- a. Teicneolaíochtaí don mhonarú optúil chun comhpháirteanna a tháirgeadh go sraitheach ag ráta is mó ná 10 m<sup>2</sup> d’achar dromchla in aghaidh na bliana ar aon fhearsaid shingil agus ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
    1. Limistéar níos mó ná 1 m<sup>2</sup>; agus
    2. Cuaire dromchla ar mó í ná  $\lambda/10$  (rms) ag an tonnfhad dá ndearadh;
  - b. “Teicneolaíocht” le haghaidh scagairí optúla a bhfuil band-aleithead acu arb ionann é agus 10 nm nó ar lú ná sin é, réimse amhairc (FOV) ar mó í ná 40° agus taifeach ar mó é ná 0,75 péire líne in aghaidh an mhillearaidain;
  - c. “Teicneolaíocht” chun ceamaraí atá faoi rialú X.A.IV.003 “a fhorbairt” nó “a tháirgeadh”;
  - d. “Teicneolaíocht” atá riachtanach le haghaidh “forbairt” nó “táirgeadh” “maighnéadaiméadar” floscghheata neamh-thrí-aiseach nó córas “maighnéadaiméadair” floscghheata neamh-thrí-aiseach, ar fíor ina leith aon cheann díobh seo a leanas:

<sup>(1)</sup> Tagairt d’Iarscibhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

▼ **M24**

1. “Íogaireacht” ar lú (ar fearr) í ná 0,05 nT (rms) in aghaidh na fréimhe cearnaí de heirts ag minicíochtaí ar lú iad ná 1 Hz; nó
  2. “Íogaireacht” ar lú (ar fearr) í ná 1 x 10-3nT (rms) in aghaidh na fréimhe cearnaí de heirts ag minicíochtaí 1 Hz nó ar mó iad ná sin.
- e. “Teicneolaíocht” atá riachtanach le haghaidh “forbairt” nó “tairgeadh” gaireas uastiontúcháin infridhearg, ar fíor ina leith gach ceann díobh seo a leanas:
1. Freagairt i réimse an tonnfhaid ar mó í ná 700 nm ach nach mó í ná 1 500 nm; agus
  2. Comhcheangal d’fhotabhraiteoir infridhearg, dé-óid astaithe solais (OLED) agus nanachriostal chun solas infridhearg a thiontú ina sholas infheicthe.

*Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: Chun críche X.E.IV.003, ciallaíonn “íogaireacht” (an leibhéal torainn) an fhréamh atá ag meán na gcearnóg atá ag an leibhéal feiste-theoranta torainn arb é an comhartha is ísle é is féidir a thomhas.*

## Catagóir V – Loingseoireacht agus Eitleonaic

- X.A.V.001 Trealamh teileachumarsáide aerbheirthe, gach córas loingseoireachta táimhe “aerárthaigh”, agus trealamh eitleonaice eile, lena n-áirítear comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

*Tabhair faoi deara 1: Ní rialaítear le X.A.V.001. ceannfhearais ná micreafóin.*

*Tabhair faoi deara 2: Ní rialaítear le X.A.V.001. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

- X.B.V.001 Trealamh eile atá saindeartha chun trealamh loingseoireachta nó eitleonaice a thástáil, a iniúchadh nó a “tháirgeadh”.
- X.D.V.001 “Bogearraí”, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, atá saindeartha le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealamh loingseoireachta, trealamh teileachumarsáide aerbheirthe agus trealamh eitleonaice eile.
- X.E.V.001 “Teicneolaíocht, cé is moite di sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, atá saindeartha le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealamh loingseoireachta, trealamh teileachumarsáide aerbheirthe agus trealamh eitleonaice eile.

## Catagóir VI — Cúrsaí Muirí

- X.A.VI.001 Soithí, córais nó trealamh muirí, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, comhpháirteanna agus gabhálaí, mar a leanas:

a. Córais radhairc faoi uisce, mar a leanas:

1. Córais teilifíse (ina bhfuil ceamaraí, solais, trealamh monatóireachta agus tarchurtha comharthaí) a bhfuil taifeach teorannach is mó ná 500 líne agus é á thomhas san aer agus atá saindeartha nó sainmhodhnaithe chun gur féidir iad a chianoibriú le feithicil intumtha; nó
2. Ceamaraí teilifíse faoi uisce a bhfuil taifeach teorannach acu ar mó é ná 700 líne agus é á thomhas san aer;

▼ **M24**

*Nóta Teicniúil: Nóta Teicniúil: I réimse na teilifíse, is éard atá sa “taifeach teorannach” tomhas de thaifeach cothrománach a chuirtear in iúl, de ghnáth, i dtéarmaí uaslíon na línte in aghaidh airde an phictiúir mar a léirítear ar chairt tástála é, i gcomhréir le Caighdeán IEEE 208/1960 nó le haon chaighdeán coibhéseach eile.*

- b. Ceamaraí grianghrafadóireachta socair atá saindeartha nó sainmhodhnaithe lena n-úsáid faoi uisce, a bhfuil formáid scannáin 35 mm nó níos mó acu, agus a bhfuil uathfhócasú nó cianfhócasú acu atá “saindeartha” le haghaidh úsáidte faoi uisce;
- c. Córais solais stróbascópacha, atá saindeartha nó sainmhodhnaithe lena n-úsáid faoi uisce, ar córais iad ar féidir dóibh fuinneamh solais is mó ná 300 giúl (J) in aghaidh na splaince a aschur;
- d. Trealamh ceamara eile le haghaidh úsáid faoi uisce, cé is moite de sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- e. Ní úsáidtear;
- f. Soithí (dromchla nó fo-uisce), lena n-áirítear báid inséidte, agus comhpháirteanna saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

*Tabhair do d'aire: Ní rialaítear le X.A.VI.001.f soithí atá ar cónaí go sealadach, a úsáidtear le haghaidh iompar príobháideach nó chun paisinéirí nó earraí a iompar ó chríocha custaim an Aontais nó tríothu.*

- g. Innill mhuirí (lena n-áirítear innill istigh agus innill transaim) agus innill fomhuireán agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- h. Gairis neamhspleácha análaithe (trealamh scúba) agus gabhálaí lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- i. Seaicéad tarrthála, cartúis aershéidte, compáis tumadóireachta, agus ríomhairí tumadóireachta;

*Tabhair do d'aire: Ní rialaítear le X.A.VI.001.j. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

- j. Soilís faoi uisce agus trealamh tiomána faoi uisce; nó

*Tabhair do d'aire: Ní rialaítear le X.A.VI.001.j. earraí ar le haghaidh úsáid phearsanta daoine nádúrtha iad.*

- k. Comhbhrúiteoirí aeir agus córais scagacháin atá saindeartha chun sorcóirí aeir a líonadh.

X.D.VI.001 “Bogearraí” atá saindeartha nó atá sainmhodhnaithe le haghaidh “fhorbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealamh a rialaítear le X.A.VI.001.

X.D.VI.002 “Bogearraí” atá saindeartha chun feithiclí intumtha gan foireann a oibriú, ar feithiclí iad a úsáidtear sa tionscal ola agus gáis.

X.E.VI.001 “Teicneolaíocht” chun trealamh a rialaítear le X.A.VI.001 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid”.

▼ **M24**

## Catagóir VII – Aeraspás agus Tiomáint

X.A.VII.001 Innill díosail, agus tarracóirí agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821:

- a. Innill díosail, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh trucaílí, tarracóirí, agus feidhmeanna mótarfeithiclí, ag a bhfuil aschur cumhachta foriomlán 298 kW nó níos mó.
- b. Tarracóirí rothacha seach-mhórbhealaigh ag a bhfuil achmhainneacht iompair 9 t nó níos mó; agus comhpháirteanna agus gabhálais shaindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.
- c. Tarracóirí bóthair le haghaidh leathleantóirí, ar a bhfuil acastóirí deiridh singil nó teaindim atá rátaithe le haghaidh 9 tona nó níos mó in aghaidh an acastóra agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

*Tabhair do d'aire: Ní rialaítear le X.A.VII.001.b ná le X.A.VII.001.c feithiclí atá ar cónaí go sealadach, a úsáidtear le haghaidh iompar príobháideach nó chun paisinéirí nó earraí a iompar ó chríocha custaim an Aontais nó tríothu.*

X.A.VII.002 Innill ghástuirbín agus comhpháirteanna, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

- a. Ní úsáidtear.
- b. Ní úsáidtear.
- c. Aerinnill ghástuirbín, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.
- d. Ní úsáidtear.
- e. Trealamh anáilthe aerárthaigh a oibríonn le comhbhrú, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

X.A.VII.003 Innill aerárthaigh, cé is moite díobh siúd a shonraítear in X.A.VII.002, in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas:

- a. Innill frithingeacha nó loiní dócháin inmheánaigh rothlacha; nó
- b. Innill leictreacha.

*Nóta Teicniúil: Chun críche X.A.VII.003, áirítear le haerárthaigh: eitleáin, aerárthaigh gan foireann, héileacaptair, uathghireáin, aerárthaigh hibrideacha nó samhlacha raidió-rialaithe.*

X.B.VII.001 Trealamh tástála tonnchreatha agus comhpháirteanna saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

*Tabhair do d'aire: Ní rialaítear le X.B.VII.001. ach trealamh le haghaidh “forbartha” nó “táirgthe”. Ní rialaítear leis córais faireacháin staidé.*

▼ **M24**

X.B.VII.002 Trealamh, uirlisiú nó daingneáin atá saindeartha, chun lanna tuirbíní gáis, eítí nó múnlaí scríútaí rinne a mhonarú nó a thomhas, mar a leanas:

- a. Trealamh uathoibríthe a úsáideann modhanna neamh-mheicniúla chun tiús ballaí aereiteoige a thomhas;
- b. Uirlisiú, daingneáin nó trealamh tomhais le haghaidh na bpróiseas druileáilte poll “léasair”, scaird uisce nó ECM/EDM a rialaítear le 9E003.c <sup>(1)</sup>;
- c. Trealamh láiste croíthe ceirmeacha;
- d. Trealamh nó uirlisí monaraithe croíthe ceirmeacha;
- e. Trealamh ullmhaithe patrún céarach sceallai ceirmeacha;
- f. Trealamh scriosdóite nó bÁCála sceallai ceirmeacha.

X.D.VII.001 “Bogearraí”, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” trealamh a rialaítear le X.A.VII.001 nó le X.B.VII.001.

X.D.VII.002 “Bogearraí”, chun trealamh a rialaítear le X.A.VII.002 nó le X.B.VII.002 “a fhorbairt” nó “a tháirgeadh”.

X.E.VII.001 “Bogearraí”, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealamh a rialaítear le X.A.VII.001 nó le X.B.VII.001.

X.E.VII.002 “Teicneolaíocht”, chun trealamh a rialaítear le X.A.VII.002 nó le X.B.VII.002 “a fhorbairt”, “a tháirgeadh” nó “a úsáid”.

X.E.VII.003 Aon “teicneolaíocht” eile, nach dtugtar tuairisc uirthi in 9E003 <sup>(1)</sup>, mar a leanas:

- a. Córais rialaithe le haghaidh glanspás barra lanna rótair a úsáideann “teicneolaíocht” ghníomhach cásála cúitimh atá teoranta do dheardh agus do bhunachar sonraí forbartha; nó
- b. Imthaca gáis le haghaidh cóimeálacha rótair d’innill tuirbín.

## Catagóir VIII – Ítimí ilghnéitheacha

X.A.VIII.001 Trealamh le haghaidh táirgeadh nó taiscéalaíocht ola mar a leanas:

- a. Trealamh tomhais comhtháite cinn druilire, lena n-áirítear córais thámhúla treostiúrtha le haghaidh tomhas le linn druileála;
- b. Córais monatóireachta gáis agus brathadóirí lena n-aghaidh, atá deartha chun a n-oibríthe go leanúnach agus chun suilfid hidrigine a bhrath;
- c. Trealamh le haghaidh tomhais seismeolaíochta, lena n-áirítear seisméitic frithchaitimh agus tonnchreathairí seismeacha;
- d. Sondálaithe fuaime dríodair.

<sup>(1)</sup> Tagairt d’Iarscribhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

## ▼ M24

X.A.VIII.002 Trealamh, “cóimeálacha leictreonacha” agus comhpháirteanna, atá saindeartha le haghaidh ríomhairí candamacha, leictreonaic chandamach, braiteoirí candamacha, aonaid phróiseála chandamacha, ciorcaid chandamghiotán, gairis chandamghiotán, córais radair chandamacha, lena n-áirítear cealla Pockel.

*Tabhair faoi deara 1: Le ríomhairí candamacha, déantar ríomhanna a bhaineann tairbhe as saintréithe comhchoiteanna na staideanna candamacha, amhail as forshuíomh, trasnaíocht agus fostú.*

*Tabhair faoi deara 2: Aonaid, ciorcaid agus gairis, áirítear leo sin ciorcaid fhorsheoltacha, ainéaladh candamach, gairis ianghaiste, idirghníomhú fótónaice, sileacan/guairne, adaimh fhuara, ach ní hiad sin amháin a áirítear leo.*

X.A.VIII.003 Micreascóip, trealamh gaolmhar agus brathadóirí mar a leanas:

- a. Leictreomhicreascóip scanacháin (SEM);
- b. Micreascóip scanacháin tarathair;
- c. Leictreomhicreascóip tarchuir (TEM);
- d. Micreascóip fórsa adamhacha (AFM);
- e. Micreascóip fórsa scanacháin (SFM);
- f. Trealamh agus brathadóirí, atá saindeartha le haghaidh a n-úsáidte leis na micreascóip a shonraítear in X.A.VIII.003.a go X.A.VIII.0003.e, agus ina n-úsáidtear aon cheann de na teicnící anailíse ábhair seo a leanas:
  1. Fótaispeictreascópacht x-gha (XPS);
  2. Speictreascópacht x-gha fhuinneamhspréiteach (EDX, EDS) nó
  3. Leictreonspeictreascópacht le haghaidh anailís cheimiceach (ESCA).

X.A.VIII.004 Trealamh tiomsúcháin le haghaidh mianta miotail faoi ghrinneall na domhainmhara.

X.A.VIII.005 Trealamh monaraíochta agus meaisín-uirlisí mar a leanas:

- a. Trealamh monaraithe shuimithigh le haghaidh “táirgeadh” páirteanna miotail;

*Tabhair do d'aire: Níl feidhm ag X.A.VIII.005.a ach amháin maidir leis na córais seo a leanas:*

1. Córais leapa púdair ina n-úsáidtear leá roghnaitheach le léasair (SLM), leá CUSING le léasair, sintéarú díreach miotail le léasar (DMLS) nó leá le leictreonléas (EBM); nó
2. Córais púdarfhotha ina n-úsáidtear léasarchlúdach, deascadh fuinnimh dhírigh nó deascadh miotail le léasar.

- b. Trealamh monaraithe shuimithigh le haghaidh “ábhair fuinneamhachais”, lena n-áirítear trealamh ina n-úsáidtear easbhúrú ultrasonach;
- c. Trealamh monaraithe shuimithigh de chineál an fhótaipholaimeiríthe dabhcha ina n-úsáidtear liteagrafaíocht steiréo (SLA) nó próiseáil solais dhigiteach (DLP).

X.A.VIII.006 Trealamh le haghaidh “táirgeadh” leictreonaice priontáilte le haghaidh dé-oidí orgánacha astaithe solais (OLED), trasraitheoirí orgánacha tionchair réimse (OFET) nó cealla orgánacha fotavóltacha (OPVC).



▼ **M24**

X.A.VIII.007 Trealamh le haghaidh “táirgeadh” córas micrileictreameicniúil (MEMS) ina n-úsáidtear saintréithe meicniúla an tsileacain, lena n-áirítear braiteoirí i bhformáid slise amhail brú-scannáin, léasacha lúbthachta nó gairis mhicreachoigeartúcháin.

X.A.VIII.008 Trealamh, é saindeartha chun leictribhreaslaí (leictribhreaslaí agus breoslaí sintéiseacha) nó grianchealla sáréifeachtúla (éifeachtúlacht > 30 %) a tháirgeadh.

X.A.VIII.009 Trealamh le haghaidh folús ultra-ard (UHV) mar a leanas:

a. Caidéil UHV (caidéil néalúcháin, caidéil turbamhóilíneacha, caidéal idirleata, caidéil chriógineacha, caidéil ianghabhálaí);

b. Brúthomhsairí UHV.

*Tabhair do d'aire: Ciallaíonn UHV brú 100 nanaPascal (nPa) nó níos ísle.*

X.A.VIII.010 “Córais chuisniúcháin chriógineacha” atá deartha chun teochtaí a choinneáil faoi bhun 1,1 K ar feadh 48 n-uair an chloig nó níos mó agus an trealamh cuisniúcháin criógineach gaolmhar mar a leanas:

a. Bíogfheadáin;

b. Crióstait;

c. Fleascáin Dewar;

d. Córas Láimhseála Gáis (GHS);

e. Comhbhrúiteoirí; nó

f. Aonad rialaithe.

*Tabhair do d'aire: “Córais chuisniúcháin chriógineacha”, áirítear leo sin an Cuisniú Caolúcháin, na Cuisneoirí Dímháigh-néadaithe Aidiabataigh agus na Córais Fuaraithe le Léasar, ach ní hiad sin amháin a áirítear leo.*

X.A.VIII.011 Trealamh “díchochlúcháin” le haghaidh gairis leathsheoltóra.

*Tabhair do d'aire: Is éard is “díchochlú” ann an caipín, an cluibín, nó an t-ábhar imchochlúcháin a bhaint de chiorcad comhtháite pacáistithe trí bhíthin modh meicniúil, teirmeach nó ceimiceach.*

X.A.VIII.012 Fótabhrathadóirí Ard-Éifeachtúlachta Candamaí ag a bhfuil éifeachtúlacht chandamach is mó ná 80 % sa raon tonnfhaid is airde ná 400 nm ach nach airde ná 1 600 nm.

X.A.VIII.013 Meaisín-uirlisí faoi rialú uimhriúil, ag a bhfuil ais líneach amháin nó níos mó ar mó ná 8 000 mm an fad gluaiste iontu.

X.A.VIII.014 Córais canóna uisce le haghaidh smachtú círeibe nó slua-rialaithe, agus comhphárteanna atá saindeartha lena n-aghaidh.

▼ **M24**

*Tabhair do d'aire:* X.A.VIII.013 áirítear le córais canóin uisce, mar shampla: feithiclí nó stáisiúin sheasta atá feistithe le canóin uisce cianoibrithe atá deartha chun an t-oibreoir a chosaint ó chíríib lasmuigh le gnéithe amhail armúr, fuinneoga atá frithsheasmhach in aghaidh bloghta, scáileáin miotail, túsbharráí cosanta, nó boinn reatha éigeandála. Féadfar a áireamh ar chomhphárteanna atá saindeartha le haghaidh canónacha uisce, mar shampla: buinní uisce gunna deice, caidél, taiscumair, ceamaraí, agus soilse atá cruaithe nó cosanta in aghaidh diúracán, crainn ardúcháin le haghaidh na n-ítimí sin, agus córais teileo-oibriúcháin le haghaidh na n-ítimí sin.

- X.A.VIII.015 Airm bhualte um fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear súnna, bataí póilíní, bataí taobhláimhe, tonfaí, sjambokanna, agus fuipeanna.
- X.A.VIII.016 Clogaid agus sciatha póilíneachta; agus comhphárteanna saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.
- X.A.VIII.017 Gairis srianta um fhorfheidhmiú an dlí, lena n-áirítear geimhle cos, geimhle agus glais láimhe; seaicéid cheangail; stiúdghlais; criosanna turrainge; muinchillí turrainge; gairis srianta ilphointe amhail cathaoireacha srianta; agus comhphárteanna agus gabhálaí shaindeartha atá saindeartha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

*Tabhair do d'aire:* Tá feidhm ag X.A.VIII.017 maidir le gairis srianta a úsáidtear i ngníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí. Níl feidhm aige maidir le feistí leighis atá feistithe chun gluaiseacht an othair a shrianadh le linn gnáthaimh leighis. Níl feidhm aige maidir le feistí lena ndéantar othair lagchuimhne a choinneáil i saoráidí leighis iomchuí. Níl feidhm aige maidir le trealamh sábháilteachta amhail criosanna sábhála nó suíocháin sábháilteachta gluaisteán leanaí.

- X.A.VIII.018 Trealamh, “bogearraí”, agus sonraí taiscéaláíochta ola agus gáis, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):
- a. Ní úsáidtear.
  - b. Ítimí scoilte hidrálacha, mar a leanas:
    1. Bogearraí agus sonraí um scoilteadh hidrálach a dhearadh agus a anailísiú;
    2. “Própant” scoilte hidrálacha, “sreabhán fraiceála”, agus breiseáin cheimiceacha lena n-aghaidh; nó
    3. Caidéil ardbhrú.

Nóta Teicniúil:

Ábhar soladach, gaineamh a chóireáiltear de ghnáth nó ábhair cheirmeacha de dhéantús an duine is ea “própant”, atá deartha chun scoilteadh hidrálach ionductaithe a choinneáil oscailte, le linn nó tar éis cóireáil scoilte. Cuirtear é le “sreabhán fraiceála” a d'fhéadfadh a bheith éagsúil i gcomhdhéanamh ag brath ar an gcineál scoilte a úsáidtear, agus is féidir leis a bheith bunaithe ar ghlóthach, cúr nó uisce sleamhain.

▼ **M24**

X.A.VIII.019 Trealamh próiseála sonrath, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialáítear):

- a. Maighnéid fáinne;
- b. Ní úsáidtear.

X.A.VIII.020 Airm agus gléasanna atá ceaptha le haghaidh círeíb a smachtú nó le haghaidh féinchosanta, mar seo a leanas:

- a. Airm turrainge leictí iniompartha nach féidir a dhíriú ach ar dhuine amháin gach uair a thugtar turraing leictreach, lena n-áirítear stiúdsmachtíní, sciatha turrainge leictí, stiúdhunnaí agus ga-ghunnaí turrainge leictí;
- b. Fearais ina bhfuil na comhphárteanna riachtanacha uile chun airm turrainge leictí iniompartha a chóimeáil a rialáítear le hÍtim X.A.VIII.020.a; nó

*Tabhair do d'aire:*

*Meastar gur comhphárteanna riachtanacha na hearraí seo a leanas:*

1. *An t-aonad a ghineann an turraing leictreach;*
2. *An lasc, biodh sí ina cianlasc nó ná biodh; agus*
3. *Na leictreoidí nó, i gcás inarb infheidhme, na sreanga trína dtugtar an turraing leictreach.*

- c. Airm turrainge leictí suite nó insuite a chlúdaíonn limistéar fairsing agus lenar féidir turraingí leictreacha a dhíriú ar níos mó ná duine amháin.

X.A.VIII.021 Airm agus trealamh lena scaiptear substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin le haghaidh círeíb a smachtú nó le haghaidh féinchosanta agus substaintí gaolmhara áirithe, mar seo a leanas:

- a. Airm agus trealamh iniompartha lena dtugtar dáileog de shubstaint cheimiceach ghreannach nó éagumasúcháin a dhírítear ar dhuine amháin nó lena scaiptear dáileog den substaint a dhéanann dochar do limistéar beag, mar shampla i bhfoirm ceobhráin nó scamail, nuair a thugtar dáileog den substaint cheimiceach nó nuair a scaiptear í;

*Nóta 1: Leis an ítim seo, ní rialáítear trealamh a rialáítear le hÍtim ML7(e) de Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.*

*Nóta 2: Leis an ítim seo, ní rialáítear trealamh iniompartha aonair, fiú má tá substaint cheimiceach ann, nuair is lena úsáideoir atá sé ar mhaithe le cosaint phearsanta an úsáideora.*

*Nóta 3: Tabhair do d'aire: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círeibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialáítear le hÍtimí X.A.VIII.021.c agus X.A.VIII.021.d.*

- b. Fanailealaimíd aigéid pheileargónaigh (PAVA) (CAS 2444-46-4);
- c. Capsacaim oiléaroisín (OC) (CAS 8023-77-6);

## ▼ M24

- d. Meascáin de 0,3 % PAVA nó OC ar a laghad de réir meáchain agus tuaslagóir (amhail eatánól, 1-própánól nó heacsán), a d'fhéadfaí a thabhairt mar oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin, go háirithe in aerasóil agus i bhfoirm leachtach, nó a d'fhéadfaí a úsáid chun oibreáin ghreannacha nó éagumasúcháin a dhéanamh;

*Nóta 1: Leis an ítim seo, ní rialaítear anlainn agus ullmhóidí lena n-aghaidh, anraithí agus ullmhóidí lena n-aghaidh agus tarsainn mheasctha agus blastanais mheasctha, ar choinníoll nach iad PAVA agus OC an t-aon bhlas comhpháirteach atá iontu.*

*Nóta 2: Leis an ítim seo, ní rialaítear táirgí iocshláinte dá dtugtar údarú margaiochta i gcomhréir le dlí an Aontais.*

- e. Is éard atá sa trealamh suite chun substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin a scaipeadh, ar féidir a fheistiú ar bhalla nó ar shiléáil laistigh d'fhoirgneamh, ná ceanastar oibreáin ceimiceach éagumasúcháin nó greannach a ghníomhaítear trí úsáid a bhaint as córas cianrialaithe; nó

*Tabhair do d'aire: Tabhair do d'aire: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítimí X.A.VIII.021.c agus X.A.VIII.021.d.*

- f. Trealamh suite nó insuite chun oibreáin cheimiceacha ghreannacha nó éagumasúcháin a scaipeadh a chlúdaíonn limistéar fairsing agus nach bhfuil ceaptha le bheith feistithe ar bhalla nó ar shiléáil laistigh d'fhoirgneamh;

*Nóta 1: Leis an ítim seo, ní rialaítear trealamh a rialaítear le hítim ML7(e) de Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh.*

*Nóta 2: Tabhair do d'aire: Le cois substaintí ceimiceacha ábhartha, amhail oibreáin smachtaithe círéibe nó PAVA, measfar gur substaintí ceimiceacha greannacha nó éagumasúcháin iad na hearraí a rialaítear le hítimí X.A.VIII.021.c agus X.A.VIII.021.d.*

- g. Substaintí ceimiceacha greannacha eile, agus meascáin díobh ina bhfuil 0.3 % ar a laghad den tsubstaint ghníomhach de réir meáchain, mar a leanas:

1. Débheinsi[b,f][1,4]oxazepine (CR) (CAS 257-07-8);
2. 8-Meitol-N-vanillyl-tras-6-eanaimíd (capsaicin) (CAS 404-86-4);
3. 8-Meitol-N-vanillylnonamide (dihydrocapsaicin) (CAS 19408-84-5);
4. N-Vanillyl-9-meitildec-7-(E)-aimíd (homocapsaicin) (CAS 58493-48-4);
5. N-Vanillyl-9-meitildé-aimíd (homodihydrocapsaicin) (CAS 20279-06-5);
6. N-Vanillyl-7-meitiolocsaimíd (nordihydrocapsaicin) (CAS 28789-35-7);
7. 4-Naonánólmorfóilín, (MPA) (CAS 5299-64-9);
8. Cis-4-Nítridhéfheinolaimín (CAS 37794-87-9);
9. N,N"-Bis(iscapróipil)dé-iméin eitiléine; nó
10. N,N'-Bis (treas-búitil)dé-imín eitiléine.

▼ **M24**

X.A.VIII.022 Táirgí a d'fhéadfai a úsáid chun daoine a chur chun báis le hinstealladh marfach, mar a leanas:

a. Oibreáin barbatúráite ainéistéiseacha a ghníomhaíonn go gearr-thréimhseach agus go meántréimhseach lena n-áirítear, ach nach dteorannaítear chuig:

1. Aimileabarbátón (CAS 57-43-2);
2. Salann sóidiam aimileabarbátóin (CAS 64-43-7);
3. Peantabarbátón (CAS 76-74-4);
4. Salann sóidiam peantabarbátóin (CAS 57-33-0);
5. Seacabarbátón (CAS 76-73-3);
6. Salann sóidiam seacabarbátóin (CAS 309-43-3);
7. Tiaipeantán (CAS 76-75-5); nó
8. Salann sóidiam tiaipeanteáin, (CAS RN 71-73-8), dá ngairtear sóidiam tiaipeantóin freisin;

b. Táirgí ina bhfuil ceann de na hoibreáin ainéistéiseacha faoi X.A.VIII.022.a.

X.A.VIII.023 Líontáin, ceambhrataí, pubaill, blaincéid agus éadaí, atá saindeartha le haghaidh duaithníochta.

X.B.VIII.001 Trealamh próiseála sonrath, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Teo-chealla; nó
- b. Boscaí lámhainní atá oiriúnach le húsáid le hábhair radaigh-níomhacha.

X.C.VIII.001 Púdair miotail agus púdair cóimhiotail, is féidir a úsáid le haghaidh aon cheann de na córais a liostaítear in X.A.VIII.005.a.

X.C.VIII.002 Ábhair shárfhorbartha mar a leanas:

- a. Ábhair le haghaidh cealtrú nó le haghaidh duaithníocht oiriúnaitheach;
- b. Meatábhair, e.g. ag a bhfuil comhéifeacht athraonta dhiúltach;
- c. Ní úsáidtear;
- d. Cóimhiotail ard-eantrópachta (HEA);
- e. Comhdhúile Heusler; nó
- f. Ábhair Kitaev, lena n-áirítear leachtanna guairneacha Kitaevacha.

X.C.VIII.003 Polaiméirí comhchuingeacha (idir sheoltach, leathsheoltach agus leictrea-ionrach) le haghaidh leictreonaic phriontáilte nó orgánach.

▼ **M24**

X.C.VIII.004 Ábhair fuinneamhais mar a leanas agus meascáin díobh:

- a. Píocráit amóiniam (CAS 131-74-8);
- b. Púdar dubh;
- c. Heicsínítridéfheiniolaimín (CAS 131-73-7);
- d. Défhluaraimín (CAS 10405-27-3);
- e. Stáirse nítreach (CAS9056-38-6);
- f. Ní úsáidtear;
- g. Teitríníotranafailéin;
- h. Tríníotranasól;
- i. Tríníotranafailéin;
- j. Tríníotrocailéin;
- k. N-piorólaidhéanón; 1-meitil-2-piorólaidhéanón (CAS 872-50-4);
- l. Dé-ochtalmaléait (CAS 142-16-5);
- m. Eitilheicsiolaicrioláit (CAS 103-11-7);
- n. Trí-eitiolalúmanam (TEA) (CAS 97-93-8), trímheitilalúmanam (TMA) (CAS 75-24-1), agus ailcílí agus airilí miotalacha píreafóreacha ó litiam, sóidiam, maignéisiam, sinc nó bórón;
- o. Nítriceallalós (CAS 9004-70-0);
- p. Nítriglicrín (nó gliocróiltríníotráit, trínítriglicrín) (NG) (CAS 55-63-0);
- q. 2,4,6-tríníotratolúéin (TNT) (CAS 118-96-7);
- r. Eitiléindé-aimíndéníotráit (EDDN) (CAS 20829-66-7);
- s. Teitríníotráit pheinteirtríotóil (PETN) (CAS 78-11-5);
- t. Aisíd luaidhe (CAS 13424-46-9), gnáthstiofnáit luaidhe (CAS 15245-44-0) agus stiofnáit luaidhe bhunúsach (CAS 12403-82-6), agus pléascáin phríomhúla nó cumaisc phrímeála ina bhfuil aisídí nó coimpléisc aiside;
- u. Ní úsáidtear;
- v. Ní úsáidtear;
- w. Dé-eitildéfheiniolúiré (CAS 85-98-3); Démheitildéfheiniolúiré (CAS 611-92-7); Meitildéfheiniolúiré.
- x. N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach) (CAS 603-54-3);
- y. Meitil-N,N-défheiniolúiré (défheiniolúiré neamhshiméadrach mheitile) (CAS 13114-72-2);

▼ **M24**

- z. Eítíl-N,N-déifheiniolúiré (déifheiniolúiré neamhshiméadrach eítile) (CAS 64544-71-4);
- aa. Ní úsáidtear;
- bb. 4-Nítridhéifheiniolaimín (4-NDPA)(CAS 836-30-6);
- cc. 2,2-déniotraprópánól (CAS 918-52-5); nó
- dd. Ní úsáidtear.
- X.D.VIII.001 Bogearraí, atá saindeartha le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealamh a shonraítear in X.A.VIII.005 go X.A.VIII.0013.
- X.D.VIII.002 Bogearraí, atá saindeartha le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” trealamh, “cóimeálacha leicteonacha” nó comhpháirteanna a shonraítear in X.A.VIII.002.
- X.D.VIII.003 “Bogearraí” le haghaidh leathchúplaí digiteacha táirgí monaraithe shuimithigh nó chun iontaofacht táirgí monaraithe shuimithigh a chinneadh.
- X.D.VIII.004 “Bogearraí” atá saindeartha le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” tráchtearraí a rialaítear le X.A.VIII.014.
- X.D.VIII.005 “Bogearraí” sonracha, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí Rialaithe):
- a. “Bogearraí” le haghaidh ríomhanna/samhlú neodrónach;
- b. “Bogearraí” le haghaidh ríomhanna/samhlú iompair radaíochta; nó
- c. “Bogearraí” le haghaidh ríomhanna/samhaltú hidridinimiciúil.
- X.E.VIII.001 “Teicneolaíocht” chun trealamh a shonraítear in X.A.VIII.001 go X.A.VIII.0013 a “fhorbairt”, a “tháirgeadh” nó a “úsáid”.
- X.E.VIII.002 “Teicneolaíocht” chun ábhair a shonraítear in X.C.VIII.002 NÓ X.C.VIII.003 a “fhorbairt”, a “tháirgeadh” nó a “úsáid”.
- X.E.VIII.003 “Teicneolaíocht” le haghaidh leathchúplaí digiteacha táirgí monaraithe shuimithigh, nó chun iontaofacht táirgí monaraithe shuimithigh a chinneadh, nó le haghaidh bogearraí a shonraítear in X.D.VIII.003.
- X.E.VIII.004 “Teicneolaíocht” le haghaidh “forbairt”, “táirgeadh” nó “úsáid” bogearraí a shonraítear in X.D.VIII.001 go X.D.VIII.002.
- X.E.VIII.005 “Teicneolaíocht” atá “riachtanach” le haghaidh “forbairt” agus “táirgeadh” tráchtearraí atá faoi rialú X.A.VIII.014.
- X.E.VIII.006 “Teicneolaíocht” chun trealamh a rialaítear le X.A.VIII.017 “a fhorbairt” nó “a tháirgeadh” go heisiach.

▼ **M24**

## Catagóir IX – Ábhair Speisialta agus Trealamh Gaolmhar

- X.A.IX.001 Oibreáin cheimiceacha, lena n-áirítear foirmliú deorgháis ina bhfuil cion 1 % nó níos lú d'ortaoclóiraibeansalmalónainitríl (CS), nó 1 % nó níos lú de chlóraicéitifeanón (CN), seachas i gcoimeádáin aonair ag a bhfuil glanmheáchan de 20 g nó níos lú; piobar leachtach ach amháin nuair atá sé pacáistithe i gcoimeádáin aonair ag a bhfuil glanmheáchan de 85.05 g nó níos lú; buamáí deataigh; bladhmanna deataigh neamhghreannacha, ceanstair, gránáidí agus lánáin; agus earraí piriteicniúla eile ag a bhfuil dé-úsáid mhíleata agus tráchtála, agus comhpháirteanna atá saindeartha lena n-aghaidh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.
- X.A.IX.002 Púdair, ruaimeanna, agus dúigh mhéarlorgaireachta.
- X.A.IX.003 Trealamh cosanta agus braite nach bhfuil saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata agus nach rialaítear le 1A004 ná 2B351 <sup>(1)</sup>, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear), agus comhpháirteanna nach bhfuil saindeartha le haghaidh úsáid mhíleata agus nach rialaítear le 1A004 ná 2B351 lena n-aghaidh:
- a. Dáileogmhéadair phearsanta chun faireachán a dhéanamh ar radaíocht; nó
  - b. Trealamh atá teoranta de réir dearaidh nó feidhme chun cosaint a thabhairt in aghaidh guaiseacha a bhaineann go sonrath le tionscail shibhialta, amhail mianadóireacht, cairéalacht, talmhaíocht, cógaisíocht, míochaine, tréidliacht, comhshaol, bainistiú dramhaíola, nó don tionscal bia.
- Tabhair do d'aire: Ní rialaítear le X.A.IX.003 ítimí le haghaidh cosaint in aghaidh oibreáin cheimiceacha nó bhitheolaíoch ar earraí tomhaltais iad, atá pacáistithe lena miondiol nó chun úsáide pearsanta, nó táirgí leighis, amhail lámhainní scrúdaithe laitéise, lámhainní máinliachta laitéise, gallúnach díghalráin leachtach, cultacha máinliachta indiúscartha, gúnaí máinliachta, clúdaigh cos máinliachta, agus maise mháinliachta.*
- X.A.IX.004 Trealamh próiseála sonrath, seachas iad siúd a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):
- a. Trealamh braite, faireacháin agus tomhais radaíochta, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821; nó
  - b. Trealamh braite radagrafaigh amhail tiontaireí x-ghathanna, agus plátaí iomhánna fosfair stórála.
- X.B.IX.001 Trealamh próiseála sonrath, seachas iad siúd a shonraítear in CML nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):
- a. Cealla leictrealaíochta chun fluairín a tháirgeadh, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
  - b. Luasairí cáithníní;
  - c. Crua-earraí/córais rialaithe an phróisis thionsclaíoch atá deartha le haghaidh tionscail chumhachta, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;

<sup>(1)</sup> Tagairt d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821



**▼ M24**

- d. Córais freon agus fuaraithe uisce fuaraithe lenar féidir dleachtanna fuaraithe leanúnacha 29.3 kW/hr nó níos mó a dhéanamh; nó
- e. Trealamh chun comhchodaigh struchtúracha, snáithíní, réamh-thuiltí agus réamhghoirmeacha a tháirgeadh.

X.C.IX.001 Comhdhúile ar leithligh atá sainithe ó thaobh ceimice de, de réir Nóta 1 a ghabhann le Caibidíl 28 agus 29 den Ainmníocht Chomhcheangailte:

a. I dtiúchan de 95 % de réir meachain nó níos mó, mar a leanas:

1. Déchlóiríd eitiléine (CAS 107-06-2);
2. Nítrimeatán (CAS 75-52-5);
3. Aigéad picreach (CAS 88-89-1);
4. Clóiríd amóiniam (CAS 7446-70-0);
5. Arsanaic (CAS 7440-38-2);
6. Trí-ocsaíd arsanaice (CAS 1327-53-3);
7. Hidreaclóiríd bis(2-clóireitil)eitiolaimín (CAS 3590-07-6);
8. Hidreaclóiríd bis(2-clóireitil)meitiolaimín (CAS 55-86-7);
9. Hidreaclóiríd trios(2-clóireitil)aimín (CAS 817-09-4);
10. Tríbhúitiolfoisfit (CAS 102-85-2);
11. Isicianáitimeatán (CAS 624-83-9);
12. Cuinailín (CAS 91-63-4);
13. 2-Brómaclóireatán (CAS 107-04-0);
14. Beinsíl (CAS 134-81-6);
15. Éitear dé-eitile (CAS 60-29-7);
16. Éitear démheitile (CAS 115-10-6);
17. Démheitiolaimíneatánól (CAS 108-01-0);
18. 2-meatocsa-eatánól (CAS 109-86-4);
19. Bútairiolcoilíneistearáis (BCHE);
20. Dé-eitiléintríaimín (CAS 111-40-0);
21. Déchlóraimeatán (CAS 75-09-2);
22. Démheitiolanailín (CAS 121-69-7);
23. Bróimíd eitile (CAS 74-96-4);

**▼ M24**

24. Clóiríd eitile (CAS 75-00-3);
25. Eitiolaimín (CAS 75-04-7);
26. Heicsimín (CAS 100-97-0);
27. Iseaprópánól (CAS 67- 63-0);
28. Bróimíd iseapróipile (CAS 75-26-3);
29. Éitear iseapróipile (CAS 108-20-3);
30. Meitiolaimín (CAS 74-89-5);
31. Bróimíd mheitile (CAS 74-83-9);
32. Mona-iseapróipiolumín (CAS 75-31-0);
33. Clóiríd obadocsaíme (CAS 114-90-9);
34. Bróimíd photaisiam (CAS 7758-02-3);
35. Píridín (CAS 110-86-1);
36. Bróimíd phiridistigmíne (CAS 101-26-8);
37. Bróimíd sóidiam (CAS 7647-15-6);
38. Miotal sóidiam (CAS 7440-23-5);
39. Tríbhúitiolumín (CAS 102-82-9);
40. Trí-eitiolumín (CAS 121-44-8); nó
41. Trímheitolumín (CAS 75-50-3).

b. I dtiúchan de 90 % de réir meachain nó níos mó, mar a leanas:

1. Aicéatón (CAS 67-64-1);
2. Aicéitiléin (CAS 74-86-2);
3. Amóinia (CAS 7664-41-7);
4. Antamón (CAS 7440-36-0);
5. Beansaildéad (CAS 100-52-7);
6. Beansóin (CAS 119-53-9);
7. 1-Bútánól (CAS 71-36-3);
8. 2-Bútánól (CAS 78-92-2);
9. Isea-bútánól (CAS 78-83-1);
10. Treas-bútánól (CAS 75-65-0);

**▼ M24**

11. Cairbíd chailciam (CAS 75-20-7);
12. Aonocsaíd charbóin (CAS 630-08-0);
13. Clóirín (CAS 7782-50-5);
14. Cioglaiheicseanal (CAS 108-93-0);
15. Déchioglaiheicsiolaimín (CAS 101-83-7);
16. Eatánól (CAS 64-17-5);
17. Eitiléin (CAS 74-85-1);
18. Ocsaíd eitiléine (CAS 75-21-8);
19. Fluarapaitít (CAS 1306-05-4);
20. Clóiríd hidrigine (CAS 7647-01-0);
21. Suilfid hidrigine (CAS 7783-06-4);
22. Aigéad almóinneach (CAS 90-64-2);
23. Meatánól (CAS 67-56-1);
24. Clóiríd mheitile (CAS 74-87-3);
25. Iaidíd mheitile (CAS 74-88-4);
26. Mearcaptan meitile (CAS 74-93-1);
27. Mona-eitiléingliocól (CAS 107-21-1);
28. Clóiríd ocsailile (CAS 79-37-8);
29. Suilfid photaisiam (CAS 1312-73-8);
30. Tiaicianáit photaisiam (CAS 333-20-0);
31. Hipeaclóirít sóidiam (CAS 7681-52-9);
32. Sulfar (CAS 7704-34-9);
33. Dé-ocsaíd sulfair (CAS 7446-09-5);
34. Trí-ocsaíd sulfair (CAS 7446-11-9);
35. Clóiríd tiafosfairile (CAS 3982-91-0);
36. Foisfit trí-iseabúitile (CAS 1606-96-8);
37. Fosfar bán (CAS 12185-10-3);
38. Fosfar buí (CAS 7723-14-0);

▼ **M24**

39. Mearcair (CAS 7439-97-6);
40. Clóiríd bhairiam (CAS 10361-37-2);
41. Aigéad sulfarach (CAS RN 7664-93-9);
42. 3,3-démheitol-1-búitéin (TNT) (CAS 558-37-2);
43. 2,2-démheitolphrópánól (CAS 630-19-3);
44. 2,2-démheitolphróipilchlóiríd (CAS 753-89-9);
45. 2-mheitolbhúitéin (CAS 26760-64-5);
46. 2-clóra-3-meitolbhúitéin (CAS 631-65-2);
47. 2,3-démheitol-2,3-bútáindhé-ól (CAS 76-09-5);
48. 2-meitol-2-búitéin (CAS 513-35-9);
49. Litiam búitile (CAS 109-72-8);
50. Maignéisiam bróimíde(meitile) (CAS 75-16-1);
51. Formaildéad (CAS 50-00-0);
52. Dé-eateanólaimín (CAS 111-42-2);
53. Démheitolcharbónáit (CAS 616-38-6);
54. Hidreaclóiríd meitildé-eatánólaimín (CAS 54060-15-0);
55. Hidreaclóiríd démheitolaimín (CAS 660-68-4);
56. Hidreaclóiríd dé-iseapróipilimín (CAS 819-79-4);
57. Hidreaclóiríd 3-cuinúicléanóin (CAS 1193-65-3);
58. Hidreaclóiríd 3-cuinúicléanóil (CAS 6238-13-7);
59. Hidreaclóiríd (R)-3-cuinúicléanóil (CAS 42437-96-7); nó
60. Hidreaclóiríd N,N-Dé-eitolaimíneatánóil (CAS 14426-20-1).

X.C.IX.002 Feantáinil agus a cuid díorthach Ailfeantáinil, Sufantainil, Reimi-feantáinil, Cairfeantáinil, agus a gcuid salann.

*Tabhair do d'aire:* Ní rialáítear le X.C.IX.002 táirgí a aithnítear mar earraí tomhaltais atá pacáistithe lena miondiol chun úsáide pearsanta nó atá pacáistithe chun úsáid an duine aonair.

X.C.IX.003 Réamhtheachtaithe ceimiceacha de chuid ceimiceáin a ghníomhaíonn ar lárchóras na néaróg, mar a leanas:

- a. 4-Anailín-N-feineitilpipiridín (CAS 21409-26-7); nó

▼ **M24**

b. N-Feineitil-4-piperidón (CAS 39742-60-4).

*Nótaí:*

1. Ní rialaítear le X.C.IX.003 “meascáin cheimiceacha” ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na ceimiceáin atá sonraithe in iontráil X.C.IX.003 nach mó ná 1 % de réir mheáchan an mheascáin aon cheimiceán ar leith atá sonraithe.

2. Ní rialaítear le X.C.IX.003 táirgí a aithnítear mar earraí tomhaltais atá pacáistithe lena miondíol chun úsáide pearsanta nó atá pacáistithe chun úsáid an duine aonair.

X.C.IX.004 Ábhair shnáithíneacha nó fhiliméadacha, nach rialaítear le 1C010 ná 1C210 <sup>(1)</sup>, le haghaidh úsáid i struchtúir “chomhchodacha” agus ag a bhfuil modal sonrath de 3.18 x 106 m nó níos mó agus ag a bhfuil neart teanntachta sonrath de 7.62 x 104 m nó níos mó.

X.C.IX.005 “Vacsaíní”, “imdhíon-tocsainí”, “táirgí leighis”, “fearais dhiagnóiseacha agus tástála bia”, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. “Vacsaíní” ina bhfuil ítimí a rialaítear le 1C351, 1C353 nó 1C354 nó atá deartha lena n-úsáid in aghaidh ítimí a rialaítear le 1C351, 1C353 nó 1C354;

b. “Imdhíon-tocsainí” ina bhfuil ítimí a rialaítear le 1C351.d; nó

c. “Táirgí leighis” ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

1. “Tocsainí” a rialaítear le 1C351.d (seachas tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1, conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3, nó ítimí a rialaítear le haghaidh cúiseanna cogaióchta ceimiceacha faoi 1C351.d.4 nó.d.5); nó

2. Orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó dúile géiniteacha a rialaítear le 1C353.a.3 (seachas iad siúd ina bhfuil tocsainí botalanaim nó ina bhfuil cód le haghaidh tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1 nó conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3);

d. “Táirgí leighis” nach rialaítear le X.C.IX.005.c ina bhfuil aon cheann díobh seo a leanas:

1. Tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1;

2. Conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3; nó

3. Orgánaigh ghéinmhodhnaithe nó dúile géiniteacha a rialaítear le 1C353.a.3 ina bhfuil tocsainí botalanaim nó ina bhfuil cód le haghaidh tocsainí botalanaim a rialaítear le 1C351.d.1 nó conatocsainí a rialaítear le 1C351.d.3; nó

e. “Feistis dhiagnóiseacha agus tástála bia” ina bhfuil ítimí a rialaítear le 1C351.d (seachas ítimí a rialaítear le haghaidh cúiseanna cogaióchta ceimiceacha faoi 1C351.d.4 nó.d.5).

*Nótaí Teicniúla:*

1. Is éard is “táirgí leighis” ann: (1) foirmlithe cogaisíochta atá deartha le haghaidh tástáil agus riar daoine (nó tréidliachta) i gcóireáil fadhbanna sláinte, (2) réamhphacáistithe lena ndáileadh mar tháirgí cliniciúla nó leighis, agus (3) arna bhformheas ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) lena gcur ar an margadh mar tháirgí cliniciúla nó leighis nó lena n-úsáid mar thairghe ar dhrugaí nua.

<sup>(1)</sup> Tagairt d’Iarscibhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

▼ M24

2. *Déantar “fearais dhiagnóiseacha agus tástála bia” a fhorbairt, a phacáistiú agus a mhargú go sonrach chun críocha diagnóiseacha nó sláinte poiblí. Tocsainí bitheolaíochta in aon chumraíocht eile, lena n-áirítear bulc-lastais, nó le haghaidh úsáidí deiridh eile, rialaítear iad le 1C351.*

X.C.IX.006 Lánáin agus gairis tráchtála ina bhfuil ábhair fuinneamhachais, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, agus trífhluairíd nítrigine i staid ghásach (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

a. Lánáin mhúnlaithe atá saindeartha le haghaidh oibríochtaí toibreacha ola, trí úsáid a bhaint as lánán amháin a fheidhmíonn ar feadh ais aonair, a tháirgeann poll tráth an mhadhmtha, agus

1. Ina bhfuil aon fhoirmliú de “ábhair rialaithe”;

2. Nach bhfuil ach líneáil chónúil ar chruth aonfhoirmeach acu, ina bhfuil uillinn eatarthu de 90 céim nó níos lú;

3. Ina bhfuil níos mó ná 0,010 kg, ach níos lú ná nó cothrom le 0.090 kg de “ábhair rialaithe”; agus

4. Ina bhfuil trastomhas nach mó ná 114,3 cm;

b. Lánáin mhúnlaithe atá saindeartha le haghaidh oibríochtaí toibreacha ola ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0,010 kg de “ábhair rialaithe”;

c. Corda madhmtha nó feadáin turrainge ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0.064 kg/m de “ábhair rialaithe”;

d. Feistí cumhachta cartúis ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0,70 kg de “ábhair rialaithe” san ábhar grodloiscthe;

e. Maidhmtheoirí (leictreacha nó neamhleictreacha) agus cóimeálacha díobh, ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0.01 kg de “ábhair rialaithe”;

f. Adhainteoirí, ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0.01 kg de “ábhair rialaithe”;

g. Cartúis toibreacha ola, ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 0.015 kg de “ábhair fuinneamhachais” rialaithe;

h. Treiseoirí teilgte tráchtála nó brúite ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 1.0 kg de “ábhair rialaithe”;

i. Sciodair agus eibleachtaí réamhdhéanta tráchtála ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 10.0 kg agus níos lú ná nó cothrom le 35 % de réir meáchain de “ábhair rialaithe” ML8;

j. Gearrthóirí agus uirlisí gearrtha ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 3.5 kg de “ábhair rialaithe”;

k. Feistí piriteicniúla nuair atá siad deartha go heisiach chun críocha tráchtála (e.g. stáitsí amharclainne, éifeachtaí speisialta léirithe scannán, agus taispeántais tinte ealaíne) agus ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 3.0 kg de “ábhair rialaithe”;

▼ **M24**

- l. Feistí agus lánáin phléascacha tráchtála eile nach rialáítear le X.C.IX.006.a go.k ina bhfuil níos lú ná nó cothrom le 1.0 kg de “ábhair rialaithe”; nó

*Tabhair do d'aire: Áirítear le X.C.IX.006.l gairis sábháil-teachta mótarfeithiclí; córais mhúchta; cartúis le haghaidh gunnaí seamaithe; muirir phléascacha le haghaidh oibríochtaí talmhaíochta, ola agus gáis, earraí spóirt, mianadóireacht tráchtála, nó chun críocha oibreacha poiblí; muirir phléascacha le haghaidh oibríochtaí talmhaíochta, ola agus gáis, earraí spóirt, mianadóireacht tráchtála, nó chun críocha oibreacha poiblí.*

- m. Trífluairíd nítrigine (NF<sub>3</sub>) i staid ghásach.

*Nótaí:*

1. Ciallaíonn “ábhair rialaithe” ábhair fuinneamhachais rialaithe (féach 1C011, 1C111, 1C239 nó ML8).
2. Rialáítear trífluairíd nítrigine, nuair nach bhfuil sí i staid ghásach, faoi ML8.d ag an LCM.

X.C.IX.007 Meascáin nach rialáítear le 1C350 nó 1C450<sup>(1)</sup> ina bhfuil ceimiceáin a rialáítear le 1C350 nó 1C450 agus fearais leighis, anailíseacha, dhiagnóiseacha agus tástála bia nach rialáítear le 1C350 nó 1C450 ina bhfuil ceimiceáin a rialáítear le 1C350, mar a leanas (féach Liosta na nÍtí a Rialáítear):

- a. Meascáin ina bhfuil na tíúchain seo a leanas de cheimiceáin réamhtheachtacha a rialáítear le 1C350:
1. Meascáin ina bhfuil 10 % nó níos lú, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 2 de CWC a rialáítear le 1C350;
  2. Meascáin ina bhfuil níos lú ná 30 %, de réir meáchain, díobh seo a leanas:
    - a. Aon cheimiceán aonair i Sceideal 3 de CWC a rialáítear le 1C350; nó
    - b. Aon cheimiceán réamhtheachtach aonair, nach ceimiceach CWC é, a rialáítear le 1C350;
- b. Meascáin ina bhfuil na tíúchain seo a leanas de cheimiceáin thocsaineacha nó réamhtheachtacha a rialáítear le 1C450:
1. Meascáin ina bhfuil na tíúchain seo a leanas de cheimiceáin i Sceideal 2 de CWC a rialáítear le 1C450:
    - a. Meascáin ina bhfuil 1 % nó níos lú, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 2 de CWC a rialáítear le 1C450.a.1 agus a.2 (i.e. meascáin ina bhfuil Amiton nó PFIB); nó
    - b. Meascáin ina bhfuil 10 % nó níos lú, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 2 de CWC a rialáítear le 1C450.b.1, b.2, b.3, b.4, b.5, nó b.6;
  2. Meascáin ina bhfuil níos lú ná 30 %, de réir meáchain, d'aon cheimiceán aonair i Sceideal 3 de CWC a rialáítear le 1C450.a.4, a.5., a.6., a.7, nó 1C450.b.8;

<sup>(1)</sup> Tagairt d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821

▼ **M24**

- c. “Feistis leighis, anailiseacha, dhiagnóiseacha agus tástála bia” ina bhfuil ceimiceáin réamhtheachtacha a rialaítear le 1C350 i méid nach mó ná 300 gram in aghaidh an cheimiceáin.

Nóta Teicniúil:

*Chun críche na hiontrála seo, is éard is “fearais leighis, anailiseacha, dhiagnóiseacha agus tástála bia” ann ábhair réamhphacáistithe de chomhdhéanamh sainithe a fhorbraítear, a phacáistítear agus a mhargaítear go sonrach chun críocha leighis, anailiseacha, dhiagnóiseacha nó sláinte poiblí. Maidir le himoibreáin athsholáthair le haghaidh na bhfearas leighis, anailiseach, dhiagnóiseach agus tástála bia a dtugtar tuairisc orthu in X.C.IX.007.c, rialaítear iad le 1C350 má tá ar a laghad ceann amháin de na ceimiceáin réamhtheachtacha a shaináithnítear san iontráil sin i dtiúchain arb ionann iad agus na leibhéil rialaithe do mheascáin a shonraítear in 1C350 nó ar mó iad ná sin.*

- X.C.IX.008 Substaintí polaiméireacha neamhfhluairínithe, nach rialaítear le 1C008 <sup>(1)</sup>, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Céatóin éitir pholairléineacha, mar a leanas:

1. Céatón éitir poiléitir (PEEK);
2. Céatón céatóin poiléitir (PEKK);
3. Céatón poiléitir (PEK); nó
4. Céatón céatóin éitir céatóin poiléitir (PEKEKK);

- b. Ní úsáidtear.

- X.C.IX.009 Ábhair shonracha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821, mar a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Cruach chruaithe agus imthacaí gránacha beachtais cairbide tungstain (trastomhas de 3 mm nó níos mó);
- b. pláta cruach dosmálta 304 agus 316, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821;
- c. Pláta Monal;
- d. Fosfáit tríbhúitile (CAS 126-73-8);
- e. Aigéad nítreach (CAS 7697-37-2) i dtiúchain de 20 % de réir meáchain nó níos mó;
- f. Fluairín (CAS 7782-41-4); nó
- g. Radanúiclídí alfa-astaitheacha, cé is moite díobh sin a shonraítear in LCM nó i Rialachán (AE) 2021/821.

<sup>(1)</sup> Tagairt d'Iarscribhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821



▼ **M24**

X.C.IX.010 Polaimídí aramatacha (aramíd) nach rialaítear le 1C010, 1C210 nó X.C.IX.004, a chuirtear i láthair in aon cheann de na foirmeacha seo a leanas (féach Liosta na nÍtimí a Rialaítear):

- a. Foirmeacha príomhúla;
- b. Snáth filiméid nó aonfhiliméid;
